

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

# C 49



An t-eagrán Gaeilge

### Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

9 Feabhra 2023

Clár

#### IV Fógraí

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

#### An Coimisiún Eorpach

2023/C 49/01 Rátaí malairte an euro — 8 Feabhra 2023 ..... 1

#### An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

2023/C 49/02 Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le síniú, cur i bhfeidhm sealadach agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal maidir le rochtain ag soithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte (*Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin MECS <https://edps.europa.eu>*) ..... 2

FÓGRAÍ A bhAineAnn LEIS An LimistéAr EorpAch EAcnAmAíoch

#### Údarás Faireacháin CSTE

2023/C 49/03 Fógra ó Údarás Faireacháin CSTE maidir le rátaí úis aisghabhála státchabhrach maille le rátaí tagartha/lascaine i gcás Stáit CSTE is infheidhme ón 1 Samhain 2022 — *Arna fhoilsiú i gcomhréir leis na rialacha maidir le rátaí tagartha agus lascaine a leagtar amach i gCuid VII de Threoirlínte Údarás Faireacháin CSTE maidir le Státchabhair agus Airteagal 10 de Chinneadh CSTE Uimh. 195/04/COL an 14 Iúil 2004* ..... 4

# GA

V Fógairtí

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 49/04	Glaonna Tiomnaithe ar thograí in 2023 faoi Chlár Oibre 2023 an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (2021-2027) .....	5
--------------	--	---

IMEACHTA CÚIRTE

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 49/05	Iarraidh ar Thuairim Chomhairleach ó Chúirt CSTE ó Verwaltungsgerichtshof des Fürstentums Liechtenstein dar dáta an 26 Meán Fómhair 2022 i gcás RS v Steuerverwaltung des Fürstentums Liechtenstein (Cás E-11/22) .....	6
2023/C 49/06	Iarraidh ar Thuairim Chomhairleach ó Chúirt CSTE ó Verwaltungsgerichtshof des Fürstentums Liechtenstein dar dáta an 26 Meán Fómhair 2022 i gcás Maximilian Maier (Cás E-12/22) .....	7

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 49/07	Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frithdhumpála áirithe .....	8
--------------	---	---

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 49/08	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11013 – CINVEN VII / OTTP / GROUP.ONE / DOGADO) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe <sup>(1)</sup> .....	9
2023/C 49/09	Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10971 – ILS / DANX / JV) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe <sup>(1)</sup> .....	11

GNÍOMHARTHA EILE

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 49/10	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorhmeas, ar leasú é ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún .....	13
2023/C 49/11	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorhmeas, ar leasú é ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún .....	20

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

2023/C 49/12	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó, ar leasú é ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhóna, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún .....	28
2023/C 49/13	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó, ar leasú é ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhóna, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún .....	35
2023/C 49/14	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó, ar leasú é ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhóna, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún .....	47
2023/C 49/15	Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó, ar leasú é ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhóna, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún .....	56
2023/C 49/16	Foilsíú iarratais de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí .....	67



## IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó  
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

## AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro <sup>(1)</sup>

8 Feabhra 2023

(2023/C 49/01)

1 euro =

Airgeadra	Ráta malairte	Airgeadra	Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	CAD	dollar Cheanada
JPY	yen na Seapáine	HKD	dollar Hong Cong
DKK	krona na Danmhairge	NZD	dollar na Nua-Shéalainne
GBP	punt steirling	SGD	dollar Shingepór
SEK	krona na Sualainne	KRW	won na Cóiré Theas
CHF	franc na hEilvéise	ZAR	rand na hAfraice Theas
ISK	króna na hÍoslainne	CNY	renminbi-yuan na Síne
NOK	krona na hIorua	IDR	rupiah na hIndinése
BGN	lev na Bulgáire	MYR	ringgit na Malaesia
CZK	koruna Phoblacht na Seice	PHP	peso na nOileán Filipíneach
HUF	forint na hUngáire	RUB	rúbal na Rúise
PLN	zloty na Polainne	THB	baht na Téalainne
RON	leu na Rómáine	BRL	real na Brasaíle
TRY	lira na Tuirce	MXN	peso Mheicsiceo
AUD	dollar na hAstráile	INR	rúipí na hIndia

<sup>(1)</sup> Foinse: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

# AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

**Achoimre ar Thuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir le síniú, cur i bhfeidhm sealadach agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal maidir le rochtain ag soithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte**

(2023/C 49/02)

(Tá téacs iomlán na Tuairime seo le fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis ar shuíomh gréasáin MECS <https://edps.europa.eu>)

An 24 Deireadh Fómhair 2019, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Poblacht na Séiséal chun comhaontú nua a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal maidir le rochtain ag soithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte.

Téitear i gcomhairle le MECS anois maidir leis na tograí ón gCoimisiún chun an comhaontú seo a shíniú agus a thabhairt i gcrích. Is díol sásaimh do MECS go n-áirítear Airteagal 13 maidir le cosaint sonraí sa chomhaontú, lena dtreisítear an leibhéal cosanta d'ábhair sonraí. Go háirithe, is díol sásaimh do MECS an soiléiriú go n-úsáidfidh na húdaráis inniúla na sonraí go heisiach chun an Comhaontú a chur chun feidhme agus chun críocha bainistiú, faireachán, rialú agus faireachais iascaigh agus nach gcoinneofar sonraí pearsanta thar an tréimhse ama is gá dá malartaíodh iad. Mar sin féin, molann MECS úsáid a bhaint as an gcomhchoiste (atá comhdhéanta d'ionadaithe ó AE agus ó Phoblacht na Séiséal) chun na coimircí cosanta sonraí sin a mhionsonrú a thuilleadh agus chun coimircí iomchuí, cearta in-fhorfheidhmithe ábhair sonraí agus leigheasanna éifeachtacha dlí a bhunú, rud a fhágann gur féidir sonraí pearsanta a aistriú i gcomhréir le RGCS <sup>(1)</sup> agus le RCSAE <sup>(2)</sup>.

## 1. RÉAMHRÁ

1. An 10 Samhain 2022, d'eisigh an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) an méid seo a leanas:

- togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal maidir le rochtain ag soithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte (“an Togra Sínithe”); agus
- Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal maidir le rochtain ag soithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte (“an Togra maidir le Tabhairt i gCrích”).

2. Is é is cuspóir don Togra Sínithe síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal maidir le rochtain ag soithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte (“an Comhaontú”) a fhormheas thar ceann an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 43(2) i gcomhar le hAirteagal 218(5) CFAE <sup>(3)</sup>.

3. Is é is cuspóir don Togra maidir le Tabhairt i gCrích an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 43(2) i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) agus (7) CFAE <sup>(4)</sup>.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

<sup>(3)</sup> Airteagal 1 den Togra Sínithe.

<sup>(4)</sup> Airteagal 1 den Togra maidir le Tabhairt i gCrích.

4. Is é is cuspóir don Chomhaontú an méid seo a leanas a bhunú: <sup>(5)</sup>
- comhar eacnamaíoch, airgeadais, teicniúil agus eolaíoch in earnáil an iascaigh d'fhonn iascaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn in uiscí an Aontais chun caomhnú agus saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh a ráthú, agus earnáil iascaigh Mayotte a fhorbairt;
  - na coinníollacha lena rialaítear rochtain ag soithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí an Aontais;
  - na socruithe maidir le bearta bainistíochta, rialaithe agus faireachais gníomhaíochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais d'fhonn a áirithiú go gcomhlíontar na rialacha agus na coinníollacha thuas; go bhfuil na bearta chun stoic éisc a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe agus gníomhaíochtaí iascaireachta a bhainistiú éifeachtach; agus go gcoisctear iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte.
5. Eisítear an Tuairim seo ó MECS mar fhreagairt ar chomhairliúchán a rinne an Coimisiún an 10 Samhain 2022, de bhun Airteagal 42(1) de RCSAE agus a bhaineann leis an Togra Sínithe agus leis an Togra maidir le Tabhairt i gCrích. Is díol sásaimh do MECS an tagairt don chomhairliúchán sin in Aithris 8 <sup>(6)</sup> den Togra Sínithe agus in Aithris 5 den Togra maidir le Tabhairt i gCrích.

## 5. CONCLÚIDÍ

19. I bhfianaise an mhéid thuasluaite, déanann MECS na príomh-mholtaí seo a leanas:
- (1) leas a bhaint as an gComhchoiste chun na ceanglais maidir le cosaint sonraí atá in Airteagal 15 den Chomhaontú a mhionsonrú tuilleadh. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis sin, go háirithe, tréimhse shonrach choinneála stórála a shainaithint agus oibleagáid a leagan síos chun na sonraí pearsanta atá fágtha a anaithnidíú tar éis tréimhse áirithe.
  - (2) úsáid a bhaint as an gComhchoiste chun coimircí iomchuí, cearta in-fhorfheidhmithe na n-ábhar sonraí agus leigheasanna éifeachtacha dlí a bhunú, lena bhféadfar sonraí pearsanta a aistriú i gcomhréir le RGCS agus le RCSAE. Agus é sin á dhéanamh aige, molann MECS don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar Threoirlínte 2/2020 ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí maidir le hAirteagail 46(2)(a) agus 46(3)(b) de Rialachán 2016/679 le haghaidh aistrithe sonraí pearsanta idir údaráis agus comhlachtaí poiblí LEE agus neamh-LEE.

An Bhruiséil, 12 Nollaig 2022.

Wojciech Rafał WIEWIÓROWSKI

---

<sup>(5)</sup> Airteagal 1 den Chomhaontú.

<sup>(6)</sup> Tugann MECS dá aire go dtagraítear in Aithris 8 den Togra Sínithe do “chomhairle” MECS agus tagraíonn Aithris 5 den Togra maidir le Tabhairt i gCrích do “thuirim” MECS. Is í “tuairim” an fhocláocht cheart.

## FÓGRAÍ A BHAINNEANN LEIS AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

## ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE

**Fógra ó Údarás Faireacháin CSTE maidir le rátaí úis aisghabhála státchabhrach maille le rátaí tagartha/lascaine i gcás Stáit CSTE is infheidhme ón 1 Samhain 2022**

Arna fhoilsiú i gcomhréir leis na rialacha maidir le rátaí tagartha agus lascaine a leagtar amach i gCuid VII de Threoirlínte Údarás Faireacháin CSTE maidir le Státchabhair agus Airteagal 10 de Chinneadh CSTE Uimh. 195/04/ COL an 14 Iúil 2004 <sup>(1)</sup>

(2023/C 49/03)

Ríomhtar bonnrátaí i gcomhréir leis an gCaibidil maidir leis an modh chun rátaí tagartha agus lascaine Threoirlínte CSTE maidir le Státchabhair a shocrú arna leasú le Cinneadh CSTE Uimh. 788/08/COL an 17 Nollaig 2008. Chun na rátaí tagartha is infheidhme a fháil, cuirfear corrlaigh iomchuí leis an mbonnráta i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Státchabhair.

Cinneadh na bonnrátaí mar a leanas:

	An Íoslainn	Lichtinstéin	An Iorua
1.11.2022 –	5,08	- 0,45	2,38

<sup>(1)</sup> IO L 139, 25.5.2006, lch. 37 agus Forlíonadh LEE don IO Uimh. 26/2006, 25.5.2006, lch. 1.



V

(Fógairtí)

## NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

## AN COIMISIÚN EORPACH

**Glaonna Tiomnaithe ar thograí in 2023 faoi Chlár Oibre 2023 an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (2021-2027)**

(2023/C 49/04)

Tugtar fógra leis seo gur seoladh dhá ghlaó thiomnaithe ar thograí (i.e. ghlaó Mórthiceid amháin i ngual agus ghlaó Mórthiceid amháin i gcruach) agus gníomhaíochtaí gaolmhara in 2023 faoi Chlár Oibre 2023 an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach (2021-2027).

Ghlac an Coimisiún Clár Oibre 2023 an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach le Cinneadh C(2023) 633 an 27 Eanáir 2023.

Iarrtar tograí le haghaidh na nglanna sin. Tá Clár Oibre 2023 an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, lena n-áirítear cuspóirí, sprioc-amanna agus buiséid, le fáil ar shuíomh gréasáin na ndeiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana mar aon le faisnéis maidir le módúlachtaí na nglanna agus na ngníomhaíochtaí gaolmhara agus faisnéis le haghaidh iarratasóirí maidir le conas tograí a chur isteach:

<https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home>

---

## IMEACHTA CÚIRTE

## AN COIMISIÚN EORPACH

**Iarraidh ar Thuairim Chomhairleach ó Chúirt CSTE ó *Verwaltungsgerichtshof des Fürstentums Liechtenstein* dar dáta an 26 Meán Fómhair 2022 i gcás *RS v Steuerverwaltung des Fürstentums Liechtenstein***

**(Cás E-11/22)**

(2023/C 49/05)

An 30 Meán Fómhair 2022 fuair Clárlann na Cúirte iarraidh dar dáta 26 Meán Fómhair 2022 a rinne *Verwaltungsgerichtshof des Fürstentums Liechtenstein* (Cúirt Riaracháin Phrionsacht Lichtinstéin), ar iarraidh í ar Thuairim Chomhairleach a fháil ó Chúirt CSTE i gcás *RS v Steuerverwaltung des Fürstentums Liechtenstein* (Údarás Fioscach Phrionsacht Lichtinstéin) maidir leis an gceist seo a leanas:

An mór Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 28(2) de Chomhaontú LEE a thuiscint mar chosc ar ráta cánach níos airde a chur i bhfeidhm maidir le cánachas ar thuilleamh a fhaigheann náisiúnaigh de Bhallstát LEE trí ghníomhaíocht i Lichtinstéin ina gcáil mar dhuine fostaithe, ar náisiúnaigh iad nach bhfuil cónaitheach chun críoch cánach ar chríoch náisiúnta (Lichtinstéin), i gcomparáid le daoine atá faoi dhliteanas cánach agus atá cónaitheach chun críoch cánach ar chríoch náisiúnta (Lichtinstéin), agus cánacha á measúnú i leith na mblianta cánach suas go dtí 2020, a mhéid nach ndearnadh measúnú deiridh orthu go fóill?

---

**Iarraidh ar Thuairim Chomhairleach ó Chúirt CSTE ó Verwaltungsgerichtshof des Fürstentums  
Liechtenstein dar dáta an 26 Meán Fómhair 2022 i gcás Maximilian Maier**

**(Cás E-12/22)**

(2023/C 49/06)

An 30 Meán Fómhair 2022 fuair Clárlann na Cúirte iarraidh dar dáta 26 Meán Fómhair 2022 a rinne Verwaltungsgerichtshof des Fürstentums Liechtenstein (Cúirt Riaracháin Phrionsacht Lichtinstéin), ar iarraidh í ar Thuairim Chomhairleach a fháil ó Chúirt CSTE i gcás Maximilian Maier maidir leis an gceist seo a leanas:

Maidir le foráil náisiúnta, ar dá réir a bhfágтар, i ndáil le dlíodóir a chleachtann a ghairm de ghnáth i mBallstát seachas an ceann inar bhain sé amach a cháilíocht, nach n-údaraitear an dlíodóir sin le bheith ceaptha ina dhlíodóir saorchúnaimh, ina abhcóide cosanta saorchúnaimh nó ina chosantóir poiblí, an bhfuil an fhoráil sin comhoiriúnach le Treoir 98/5/CE <sup>(1)</sup>?

---

<sup>(1)</sup> IO L 77, 14.3.1998, lch. 1..

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN gCOMHBHEARTAS  
TRÁCHTÁLA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frithdhumpála áirithe

(2023/C 49/07)

1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad <sup>(1)</sup>, tá an Coimisiún ag tabhairt fógra go rachaidh na bearta frithdhumpála a luaitear thíos in éag ar an dáta a luaitear sa tábla thíos mura dtionscnófar athbhreithniú i gcomhréir leis an nós imeachta seo a leanas.

2. **Nós imeachta**

Féadfaidh táirgeoirí de chuid an Aontais iarraidh i scríbhinn a dhéanamh ar athbhreithniú. Ní mór fianaise leordhóthanach a bheith san iarraidh sin gur dócha go leanfaí den dumpáil agus den díobháil nó go dtarlóidís arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart. Má chinneann an Coimisiún na bearta lena mbaineann a athbhreithniú, tabharfar deis ansin d'allmhairí, d'onnmhairí, d'ionadaithe na tíre is onnmhairí agus do tháirgeoirí de chuid an Aontais a mbarúil a thabhairt ar na hábhair atá leagtha amach san iarraidh ar athbhreithniú, nó béim a leagan ar na hábhair sin, nó iad a bhréagnú.

3. **Teorainn ama**

Ar bhonn an mhéid thuas féadfaidh táirgeoirí an Aontais iarraidh i scríbhinn a dhéanamh ar athbhreithniú, iarraidh nach mór a bheith faighte ag an gCoimisiún Eorpach ag an seoladh seo: European Commission, Directorate-General for Trade (Unit G-1), CHAR 4/39, 1049 Bruxelles, an Bheilg <sup>(2)</sup>, aon tráth tar éis fhoilsiú an fhógra seo ach tráth nach déanaí ná trí mhí roimh an dáta a luaitear sa tábla thíos.

4. Is i gcomhréir le hAirteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 a fhoilsítear an fógra seo.

Táirge	Tír thionscnaimh nó tír is onnmhairí	Bearta	Tagairt	Dáta éaga <sup>(1)</sup>
Meicníochtaí stualuamháin	Daon-Phoblacht na Síne	Dleacht frithdhumpála	RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2018/1684 ÓN gCOIMISIÚN an 8 Samhain 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí meicníochtaí stualuamháin de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 279, 9.11.2018, lch. 17)	10.11.2023

<sup>(1)</sup> Téann an beart in éag ag meán oíche (00:00) an lá a luaitear sa cholún seo.

<sup>(1)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

<sup>(2)</sup> TRADE-Defence-Complaints@ec.europa.eu

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINNEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A  
CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11013 – CINVEN VII / OTPP / GROUP.ONE / DOGADO)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 49/08)

1. An 30 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- Cinven Capital Management (VII) General Partner Limited (“Cinven VII”, Geansaí), atá faoi rialú deiridh Civil Partnership Limited (“Cinven”, Geansaí),
- The Ontario Teacher’s Pension Plan Board (“OTPP”, Ceanada),
- Redhalo Jersey Topco Ltd (“group.ONE”, Geirsí), atá faoi rialú Cinven Capital Management (VI) General Partner Limited (“Cinven VI”, Geirsí) faoi láthair, agus atá faoi rialú deiridh Cinven freisin,
- dogado GmbH (“dogado”, an Ghearmáin).

Gheobhaidh Cinven VII agus OTPP rialú comhpháirteach ar group.ONE agus ar dogado de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Cinven a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta infheistíochta agus seirbhísí comhairleacha infheistíochta a sholáthar do roinnt chistí infheistíochta. Tá roinnt cuideachtaí punainne á rialú ag Cinven ar cuideachtaí iad atá gníomhach in earnálacha éagsúla ar fud réimse dlínsí,
- Is corparáid gan scairchaipiteal é OTPP atá ionchorpraithe faoi Acht Pinsean na Múinteoirí (Ontario), agus tá a phríomhsheoladh oifige agus gnó aige in Toronto, Ontario, Ceanada. Tá OTPP bainteach le sochair phinsin a riar agus sócmhainní plean pinsin a infheistiú thar ceann 333 000 múinteoir, idir mhúinteoirí gníomhacha agus mhúinteoirí atá ar scor, i gcúige Ontario Ceanada,
- Tá Group.ONE gníomhach i soláthar seirbhísí óstála gréasáin agus seirbhísí gaolmhara,
- Tá dogado gníomhach i soláthar seirbhísí óstála gréasáin agus seirbhísí gaolmhara.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle <sup>(2)</sup>, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

<sup>(1)</sup> IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

<sup>(2)</sup> IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11013 – CINVEN VII / OTPP / GROUP.ONE / DOGADO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission  
Directorate-General for Competition  
Merger Registry  
1049 Bruxelles/Brussel  
BELGIQUE/BELGIË

---

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**  
**(Cás M.10971 – ILS / DANX / JV)**  
**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 49/09)

1. An 2 Feabhra 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle <sup>(1)</sup>.

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

- ILS sp. z o.o (“ILS”, an Pholainn), atá faoi rialú Inter Cars S.A. (“Inter Cars”, an Pholainn),
- DANX Group A/S (“DANX”, an Danmhairg), atá faoi rialú Axcel VI (“Axcel”, an Danmhairg),
- cuideachta nuachruthaithe (an “sprioc-chomhfhiontar”, an Pholainn).

Gheobhaidh ILS agus DANX rialú comhpháirteach ar an sprioc-chomhfhiontar de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

- Is cuideachta lóistíochta é ILS a sholáthraíonn seirbhísí agus réitigh thiomnaithe a bhaineann le stóras earraí, chomh maithe le hiompar intíre agus idirnáisiúnta (iompar de thalamh, iompar de mhuir agus iompar idirmhóduil) do na hearnálacha mótarfeithiclí, ceimiceán, peitricimeiceán agus FMCG. Tá ILS faoi rialú Inter Cars, ar grúpa é atá gníomhach i ndíol páirteanna spártha le haghaidh carranna paisinéirí agus feithiclí tráchtála,
- Is cuideachta lóistíochta é DANX, a bhfuil speisialtóireacht aige i ndáileadh san oíche de pháirteanna breise atá ag feidhmiú sa Danmhairg, sa tSualainn, san Iorua, san Fhionlainn, san Eastóin, sa Liotuáin agus sa Laitvia. Is cuideachta phunainne de Axcel VI é DANX, agus is ciste cothromais phríobháidigh é Axcel VI a dhíríonn go háirithe ar chuideachtaí meánmhéide sna tíortha Nordacha.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an sprioc-chomhfhiontar: margáí lóistíochta sa Pholainn, go háirithe (i) dáileadh san oíche, (ii) piocadh suas, seachadadh, (iii) suíomhanna stoic tosaigh agus (iv) ollstóráil.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle <sup>(2)</sup>, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10971 – ILS / DANX / JV

<sup>(1)</sup> IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an “Rialachán um Chumaisc”).

<sup>(2)</sup> IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission  
Directorate-General for Competition  
Merger Registry  
1049 Bruxelles/Brussel  
BELGIQUE/BELGIË

---



GNÍOMHARTHA EILE

AN COIMISIÚN EORPACH

Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorhmeas, ar leasú é ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(2023/C 49/10)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS LEASÚ CAIGHDEÁNACH

“Quarts de Chaume”

PDO-FR-A0829-AM02

Dáta teachtaireachta: 14.11.2022

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. **Cód geografach oifigiúil**

Rinneadh na comúin a chuimsítear sa limistéar geografach agus sa limistéar atá díreach in aice láimhe a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an gcód geografach oifigiúil.

Níl aon athrú ar an limistéar geografach críochaithe féin.

Leasaíodh pointí 6 agus 9 den doiciméad aonair.

2. **Achar idir fíniúnacha**

Laghdaíodh an t-achar íosta idir fíniúnacha sa ró céanna ó 1 m go 0,90 m.

Cumasaítear leis sin dlús plandála a mhéadú gan an t-achar idir rónna a athrú.

Cuireadh isteach foráil speisialta freisin maidir le fíniúnacha atá suite ar fhánaí i gcás ina bhfuil an grádán níos mó ná 10 %, i gcás inarb é 0,80 m an t-achar íosta údaraithe idir fíniúnacha.

Tá sé seo chun cás ar leith na bhfíniúnacha a fhástar ar fhánaí géara a chur san áireamh, áit a gcaithfear plandáil a dhéanamh ar bhealach difriúil (ag plandáil comhthreomhar leis an bhfána seachas ingearach leis).

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

3. **Prúnáil**

Comhchuibhíodh na rialacha prúnála le haghaidh shonrúcháin limistéir Anjou Saumur sa Ghleann Loire.

Tá sé seo chun eolas na n-oibreoirí a fheabhsú agus seiceálacha a shimpliú. Cuireann an leasú sin ar chumas na saothróirí fíniúna dul in oiriúint don sioc a tharlaíonn níos déanaí agus níos déanaí.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

<sup>(1)</sup> IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

**4. Aibíocht**

Is é 18 % an neart íosta alcóil nádúrtha de réir toirte. D'fhonn na deacrachtaí a bhaineann le coipeadh a dhéanamh ar shiúcraí a chur san áireamh, tá an uasteorainn don neart alcóil iarbhrí de réir toirte ardaíthe agus níl íosmhéid leagtha síos sa tsonraíocht a thuilleadh.

Leasaíodh pointe 4 den doiciméad aonair.

**5. Bearta idirthréimhseacha**

Scríosadh bearta idirthréimhseacha nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

**6. Lipéadú**

Rinneadh na rialacha lipéadaithe maidir le hainmniú limistéar Anjou Saumur i nGleann Loire a shonrú agus a chomhchuíbhíú tuilleadh. Níl ann ach athrú eagarthóireachta.

Leasaíodh pointe 9 doiciméad aonair.

**7. Athruithe eagarthóireachta**

Rinneadh líon áirithe athruithe eagarthóireachta don tsonraíocht.

Ní cheanglaítear aon athruithe ar an doiciméad aonair leis na leasuithe seo.

**8. Tagairt don chomhlacht cigireachta**

Cuireadh foclaíocht úr ar an tagairt don chomhlacht cigireachta lena ailíniú leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i sonraíochtaí táirge eile. Níl ann ach athrú eagarthóireachta.

Leis an leasú sin, ní cheanglaítear leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**DOICIMÉAD AONAIR****1. Ainm(neacha)**

Quarts de Chaume

**2. An cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

**3. Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

**4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta****TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN**

Is fíonta socra geala a dhéantar as fíonchaora buainte déanaí na bhfíonta seo agus is iad seo a leanas a bpríomhthréithe anailíseacha:

Tá neart alcóil nádúrtha íosta de 18 % de réir toirte ag na fíonta;

Tar éis coipeadh, tá cion siúcra inchoipte (glúcós + fruchtós) níos mó ná 85 g in aghaidh an lítir ag na fíonta.

Is iad an cion iomlán dé-ocsaíde sulfair agus an aigéadacht iomlán iad siúd atá leagtha síos i reachtaíocht an AE.

Is iad seo fionta milse geala a dhéantar go heisiach as an gcineál fionchaora Chenin B. Tá siad cumhachtach ach séimh, casta go haramatach, le cothromaíocht iontach idir milseacht agus téagar ar an gcarball, go minic treisithe ag leid de shearbhas. Tá acmhainn shuntasach acu maidir le haosú.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhrí íosta (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	25
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

## 5. Cleachtais fíonóireachta

### 5.1. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

1.

Cleachtas fíoneolaíochta sonracha

Tá cosc ar úsáid a bhaint as crannóga scriú, caidél bhrúiteora agus preasanna leanúnacha.

Cuirtear cosc ar na teicnící saibhrithe uile. Tá cosc ar aon chleachtas a laghdaíonn teocht na fionchaora buainte faoi bhun -5 °C. Toirmiscear úsáid sliseanna adhmaid.

Déantar na fionta a aosú go dtí an 1 Iúil den bhliain tar éis bhliain a mbuainte ar a laghad.

I dteannta leis na forálacha thuas, ní mór do na cleachtais fíonóireachta uile na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód um Ghnóthaí Tuaithe agus um Iascaireacht Mhuirí a chomhlíonadh freisin.

2. *Dlús*

An modh saothraithe

Is é an dlús plandála íosta ná 5 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir. Ní fhéadfar rónna fíniúnacha a spásáil níos mó ná 2 m óna chéile. Ní mór na fíniúnacha atá i rónna a spásáil 0,90 m ar a laghad óna chéile.

Dáileachtaí fíonghort ina bhfuil an t-achar idir fíniúnacha sa ró céanna níos lú ná 0,90 m ach 0,80 m ar a laghad, agus i gcás ina bhfuil an grádán níos mó ná 10 %, tá siad i dteideal an sonrúcháin tionscnaimh cláraithe a úsáid dá mbuaint.

3. *Bearradh agus treorú fíniúnacha*

An modh saothraithe

Bearrtar na fíniúnacha (bearradh spor, bearradh cána nó bearradh measctha) síos go dtí líon nach mó ná 12 bhachlóg inchomhairthe in aghaidh na fíniúna.

Ag an gcéim fáis duilleach 11 nó 12 (bachlóga bláthanna ar leithligh), ní fhéadfaidh níos mó ná 10 cána torthúil a bheith ag gach fíniúin don bhliain.

Ní mór an duilliúr ar an treilís airde a bhaint amach atá 0,6 oiread an fhaid, ar a laghad, idir na sraitheanna. Déantar an airde seo a thomhas mar an fad idir teorainn íosta an duilliúir (nach mór a bheith 0,40 m ar a laghad os cionn leibhéal na talún) agus an uasteorainn gearrtha (nach mór a bheith 0,20 m ar a laghad os cionn na sreinge treilíse uachtair).

#### 4. *Uisciú*

An modh saothraithe

Ní cheadaítear uisciú.

#### 5. *Saothrú*

An modh saothraithe

Déantar na fíonta as fíonchaora a bhaintear go déanach.

Baintear na fíonchaora de láimh, le bainteoirí ag dul tríd an bhfíonghort arís agus arís eile.

#### 6. *An bhuint a iompú*

An modh saothraithe

Tá cosc ar úsáid leantóirí fómhar féinfholmhaithe le scriúnna nó caidéal eite.

Sna coimeádáin a úsáidtear chun an bhuint a iompar, níor cheart na fíonchaora a charnadh go dtí airde níos mó ná méadar amháin.

### 5.2. *Uastáirgeacht*

1.

25 heictilítear in aghaidh an heicteáir

### 6. **Limistéar geografach críochaithe**

Ní mór gach céim den táirgeadh a dhéanamh sa limistéar geografach atá comhdhéanta de chríoch den chomún seo a leanas i limistéir Maine-et-Loire, bunaithe ar chód geografach oifigiúil 2021: Rochefort-sur-Loire.

### 7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Chenin B

### 8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1.

#### (a) *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Suite i gcroílár Anjou, trasnaíonn fána ghéar an limistéar geografach a shíneann feadh ais anoir-aniar os cionn na habhann Layon. Tá an ceantar go hiomlán laistigh de chríoch chomún Rochefort-sur-Loire. Áitíonn na dáileachtaí talún a chríocheáir go sonrach le haghaidh fómhar fíonchaor thart ar 40 heicteár ag bun an fhána ghéar sin, a bhfuil a n-aghaidh ó dheas. Tá siad suite ar na codanna is ísle den fhána, i lúb sa Layon, le radharc anuas, ag airde idir 25 m agus 75 m.

Is buncharraig na ndáileachtaí críochaithe é siosta Brioverian go príomha – is ceann de ghnéithe sainiúla an tsuímh é, toisc go bhfaightear carraig ón gcéim gheolaíoch seo, cé go bhfuil sé forleathan ar bhruach chlé an Layon, ní fhaightear í ach amháin i spotaí scoite áirithe ar an mbuach dheas. Faightear fosuithe logánta de chloch chumaisc (comhcheirtleáin atá creimthe go mór de phúróga a thagann ó aibhneacha) sa chuid ardaithe den limistéar dáileachta críochaithe. Tá na hithreacha féin an-chreimthe freisin, go dtí an pointe go bhfuil an bhuncharraig nocht go minic, ach is minic a chuirtear na fíniúnacha in ithreacha créafóige an-tanaí. Tá cumas uisce an-teoranta ar fáil ag na hithreacha seo, agus tugann an talamh claonta draenáil den scoth dóibh.

Tá aeráid aigéanach fho-shainiúil sa limistéar, amhail aeráid an limistéir a chríocheáir don sonrúchán tionscnaimh cláraithe “Coteaux de Layon”. Baineann sé tairbhe as éifeacht fóhn agus cosnaítear é ar thaise na farraige ag tír-raon níos airde Mhasaif Mauges san iarthar. Mar thoradh air sin, tá an fhrasaíocht bhliantúil thart ar 600 mm, agus tá sé 800 mm sna Mauges. Tá gleann beag Bézigon, déanta ag lúb in abhainn Layon, ina áit ina tharlaíonn ceocháin mhaidine a chuireann na fíniúnacha faoi cheilt go dtí mall sa mhaidin le linn an fhómhair. Tá an comhshaol seo ar

foscadh ó ghaotha aduaidh, anoir agus aniar agus baintear tairbhe as uaireanta fada gréine, rud a ligeann do na hithreacha gairbhéalacha dul i dteocht le linn an earraigh. Léirítear leis na crainn darach shíorghlasa atá feadh an fhána, mar aon le crainn míomóis agus almóinní, áilleacht an *douceur angevine* clúiteach.

(b) *Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc*

Baineann an fíonghort a ainm ó sean-nós. Sa bhliain 1028, thiomnaigh Fulk III, Cunta Anjou, réadmhaoín a bhí lonnaithe i gcomún Rochefort-sur-Loire don *Abbaye du Ronceray d'Angers*. Bhí mná rialta na mainistreach seo ar an eolas faoi luach an tsuímh, agus bhíodar in ann an buntáiste is fearr a bhaint aisti. Dá bhrí sin, sa 15ú haois, d'íocfadh na tiarnaí de La Guerche, tionóntaí an *Tènement de Chaume*, na mná rialta leis “an ceathrú is fearr den bharra seasaimh ar chúl an taoibh a bhfuil a aghaidh ó dheas”. Mar gheall ar úsáid leanúnach mhainistreach Ronceray ar an talamh seo thar na céadta bliain coinníodh go leor doiciméad ina raibh tagairtí do na fionta a táirgeadh sa *Tènement de Chaume*, mar is léir ó thoghairm dar dáta 23 Meán Fómhair 1674 maidir le dáta a shocrú le haghaidh thús na buainte. Sa 17ú agus 18ú haois, bhí éileamh an-mhór ar fhíonta “Quarts de Chaume” ag bróicéirí Ollannacha, a rinne an fíonghort taobh leis an Layon ina phríomhsholáthraí dóibh.

Tar éis Réabhlóid na Fraince, bhí gnáthshaoránaigh in ann maoin a fháil laistigh den limistéar geografach. Rinneadh an fíonghort a athstruchtúrú agus a roinnt idir réadmhaoine éagsúla. Rinne na húinéirí nua iarracht cáilíocht na bhfionta a tháirgtear a fheabhsú. Ag tús an 20ú haois, cáineadh arís agus arís eile an cleachtas bearradh fada don chineál fíonchaoire Chenin B ag Monsieur Mignot, úinéir *Château de Bellerive*, as a éifeachtaí díobhálacha.

Tháinig saothróirí fíona go tapa chun tuiscint a fháil ar na buntáistí a bhaineann leis an gcineál fíonchaoire seo a bhaint ag céim ard aibithe agus úsáid a bhaint as modhanna sonracha buainte. In *Traité des cépages* (1845), d'áitigh an Cunta Odart “Níor cheart ach oiread é a bhuaín go dtí go mbíonn sé ró-aibí, cosúil leis an staid ina mbíonn sé i dtreo Lá na Naomh Uile, nuair a shleamhnaítear na craicne, arna mbogadh ag an mbáisteach”. Mar sin, bhí ró-aibíocht ar cheann de na coinníollacha riachtanacha le haghaidh bhuaint a bhí á lorg ag na saothróirí. In *Topographie de tous les vignobles connus* (1816), dúirt André Jullien: “Ag na fíonghorta maithe, téann na bainteoírí fíonchaor tríd an bhfíonghort roinnt mhaith uaireanta; ní úsáidtear na fíonchaora a bhaintear sa chéad dá iarracht ach le haghaidh na bhfionta is aibí amháin, ag soláthar na bhfionta i gcomhair onnmhairithe, agus úsáidtear na fíonchaora ón tríú iarracht le haghaidh tomhaltas tíre”.

Aithníodh “quarts de Chaume” mar ainmniú cláraithe tionscnaimh le foraithe an 10 Lúnasa 1954, léiriú tuillte ar stair an cheantair agus ar an gcúram maidir le cáilíocht agus barántúlacht a spreag saothróirí fíona thar na glúine i ndiaidh a chéile.

## 8.2.

### 2. *Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge*

Is fionta geala milse iad fionta a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh cláraithe “Quarts de Chaume” acu a tháirgtear go heisiach trí úsáid a bhaint as an gcineál fíonchaoire Chenin B. Tá siad cumhachtach ach séimh, casta go haramatach, le cothromaíocht iontach idir milseacht agus téagar ar an gcarbail, go minic treisithe ag leid de shearbhas. Tá acmhainn shuntasach acu maidir le haosú.

### 3. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Is iad an aeráid aigéanach a bhfuil tionchar aici ó dheas, mar aon leis an topagrafaíocht atá an-fabhrach, an suíomh uathúil nochta ag bun an fhána agus na hithreacha gairbhéalacha éadoimhne a cruthaíodh le creimeadh na bhfoirmíochtaí siosta Brioverian, na fachtóirí a thagann le chéile chun an suíomh seo a dhéanamh mar shuíomh foirfe chun fionta iontacha a tháirgeadh. Tá Chenin B, cineál dúchasach fíonchaoire, in ann bláthú anseo agus a lánacmhainneacht a bhaint amach, rud a léirítear le hardleibhéal cumhachta agus de críochnúlachta. Déantar na fíniúnacha a bhainistiú go han-chúramach agus táirgeacht bheag mar aidhm ag na saothróirí.

Tá nádúr uathúil ag an limistéar mar thoradh ar a shuíomh, agus é neadaithe laistigh de lúb abhainn an Layon. Fágann ceocháin luatha na maidine san fhómhar braonacha beaga uisce ar chraiceann na bhfíonchaor lánaibí, rud a spreagann ionfhabhtú *Botrytis cinerea*. Scaipeann an fungas seo, atá freagrach as lobhadh uasal, thar na crobhaingí órga faoi theas na gréine, ag méadú tiúchan siúcra na bhfíonchaor agus ag cur ar a gcumas castacht aramatach níos mó a fhorbairt. Uaireanta, le linn fómhair níos tirime, baintear tiúchan amach trí rísíniú (na fíonchaora a thriomú),

rud a tharlaíonn trí ghníomhaíocht na gaoithe agus an teasa amháin. Baintear na fionchaora de láimh ansin, agus déantar *iarrachtaí* i ndiaidh a chéile (roghanna) do gach dáileacht talún. Is é 298 g in aghaidh an lítir an cion siúcra íosta a éilítear.

I measc fhíonghoirt Anjou, tá roinnt suíomhanna a tháirgeann fionta iontacha go rialta, cosúil le “Quarts de Chaume”, tagtha chun cinn le himeacht ama. Tá siad i gcroílár na láithreacha is fearr, agus na dálaí topagrafacha, ithreach agus aeráide optamach acu. Aithníodh agus ainmníodh iad na céadta bliain ó shin agus faigheann na fíonghoirt agus na siléir araon an-aird agus an-chúram ó na saothróirí fiona. Bliain i ndiaidh bliana, táirgeann siad fionta ar fionta iontu féin iad a bhí chun tosaigh ar aicmiú fiona Anjou leis na céadta bliain faoin aicmiú *cru*. Ón 15ú haois i leith, tá éileamh an-mhór ar fhíon ón *Tènement de Chaume* go háirithe. I dtús báire ní raibh a cháil ach áitiúil, agus is léir ón gcúram a fuair sé ó mháthairab agus ó mhná rialta Roncerry, agus sa chuntas seo a leanas ó shagart paróiste Rochefort sna 1690idí, a luaigh as a ainm é agus é ag éileamh a dhlite: “bairille iomlán d’fhíon Chaulme, le tabhairt dom ag Monsieur de la Guerche as na nóchaidí a bhailíonn sé ón Chaulme sin”.

Chabhraigh abhainn Layon a bhí mar mhórbhealach loingseoireachta agus tráchtála go mór le scaipeadh clú agus cáil na bhfionta. Ba tríd an Layon, ag druidim le deireadh an 18ú haois, a bhí ceannaithe Ollannacha in ann cuairt a thabhairt ar an gceantar agus fionta “Quarts de Chaume” a cheannach, a thaistil go maith ar muir. Sa 19ú haois, mhol go leor scríbhinní na fionta seo. Luaigh an tíreolaí Albanach William Guthrie (1708-1770) iad, in eagrán na Fraince de *A New Geographical, Historical, and Commercial Grammar*, a foilsíodh sa bhliain 1802, agus in *L’Anjou, ses vignes et ses vins* (1925) thug Paul Maisonneuve, “Péarlaí an Layon” orthu.

Aibítear na fionta thar thréimhse roinnt míonna, rud a chuireann ar a gcumas cáilíochtaí coinneála iontacha a fhorbairt chomh maith lena gcastacht aramatach a fheabhsú. Léiríonn an stádas *grand cru* atá faighte acu máistreacht na bhfionsaothraithe ar na cleachtais agus na teicnící a bhaineann le táirgeadh na bhfionta seo, chomh maith lena gcáil stairiúil tógtha suas agus comhdhlúite thar na nglún.

## 9. Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

Cineál an choinníll bhreise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Cuimsíonn an limistéar atá buailte leis, inar féidir fíonú agus forbairt agus aibiú na bhfionta a dhéanamh trí mhaolú, na comúin seo a leanas i limistéar Maine-et-Loire, bunaithe ar chód geografach oifigiúil 2021: Aubigné-sur-Layon, Beaulieu-sur-Layon, Bellevigne-en-Layon, Brissac Loire Aubance (comúin tharmligthe Brissac-Quincé agus Vauchrézien amháin), Chalonnes-sur-Loire, Chaudefonds-sur-Layon, Chemillé-en-Anjou (comúin tharmligthe Chanzeaux amháin), Denée, Doué-en-Anjou (comúin tharmligthe Brigné agus Les Verchers-sur-Layon amháin), Mauges-sur-Loire (comúin tharmligthe Montjean-sur-Loire agus La Pommeraye amháin), Mozé-sur-Louet, Savennières, Soulaines-sur-Aubance, Terranjou (comúin tharmligthe Chavagnes agus Notre-Dame-d’Allençon amháin) agus Val-du-Layon.

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Ní mór téarmaí roghnacha a bhféadfaidh na Ballstáit a n-úsáid, faoi rialacha an AE, a rialú, a phriontáil ar na lipéid i litreacha nach bhfuil níos mó, ó thaobh airde, leithead nó tiús, ná dhá oiread mhéid na litreacha ina litrítear an sonrúchán tionscnaimh cláraithe.

Féadfar an téarma traidisiúnta *grand cru* a fhorlíonadh leis an sonrúchán tionscnaimh cláraithe i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos sa tsonraíocht táirge.

Féadfar an t-ainm geografach “Val de Loire” a fhorlíonadh leis an sonrúchán tionscnaimh cláraithe i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht táirge maidir le húsáid an ainm sin. Ní mór an t-ainm geografach “Val de Loire” a chló i litreacha nach bhfuil níos mó, ar airde nó ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena litrítear an sonrúchán tionscnaimh cláraithe.

Féadfaidh ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith ar lipéid fíonta a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh cláraithe, ar choinníoll:

- is suíomh cláraithe é;
- agus bíonn sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Ní mór ainm an tsuímh chláraithe a phriontáil i litreacha nach bhfuil níos mó ná leath mhéid na litreacha lena litrítear an sonrúchán tionscnaimh cláraithe, bíodh sin ar airde nó ar leithead.

### **Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

[https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document\\_administratif-f1846582-d0b3-45b0-89bc-e063ecf4008c](https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-f1846582-d0b3-45b0-89bc-e063ecf4008c)

---

**Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorhmeas, ar leasú é ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(2023/C 49/11)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

**“Grignan-les-Adhémar”**

**PDO-FR-A0929-AM02**

**Dáta teachtaireachta: 11 Samhain 2022**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

**1. Limistéar díreach in aice láimhe**

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an tsonrúcháin “Grignan-les-Adhémar” i gCaibidil 1, Roinn IV, pointe 3, “Limistéar díreach in aice láimhe”.

Leasaíodh an limistéar atá díreach in aice láimhe chun na bardais forimeallacha nach bhfuil bainteach leis an bhfíonóireacht nó nach ndéantar an fhíonóireacht iontu a thuilleadh a bhaint, agus an leanúnachas geografach agus an nasc idir táirgeadh agus próiseáil fíonchaor á gcur chun cinn.

— Baineadh de thrí bhardas atá i bhfad ar shiúl ón bhfíonóireacht (bardais sléibhe): Comps, Orcinas agus Chaudebonne.

— Baineadh de bardas Morières-les-Avignon.

— Cuireadh leis bardas Travaillan, arb ann a fheictear gníomhaíocht shuntasach fíonóireachta agus atá go díreach in aice láimhe an limistéir.

Tá na leasuithe sin san áireamh sa doiciméad aonair, faoi “Coinníollacha breise”.

**2. Cineálacha fíniúna**

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an tsonrúcháin “Grignan-les-Adhémar” i gCaibidil 1, Roinn V, “Cineálacha fíniúna”, agus i Roinn IX, “Próiseáil, táirgeadh, aibiú, pacáistiú, stóráil”.

— I gcás na bhfíonta *rosé*, ceanglaítear Cinsaut N le Syrah N agus Grenache N mar an príomhchineál fíonchaoire. Níl aon athrú ann i gcás na bhfíonta dearga.

— I gcás na bhfíonta geala, roinntear na cineálacha fíonchaoire ina bpríomhchineálacha (Viognier B, Grenache B, Marsanne B) agus ina gcineálacha tánaisteacha (Bourboulenc B, Clairette B).

Ní dhéantar difear leis na leasuithe sin ar liostú na gcineálacha fíonchaoire de réir dhath an fhíona don doiciméad aonair ná don liosta fíonchaor a cheadaítear le fíonta an tsonrúcháin tionscnaimh sin a tháirgeadh.

— Tugadh isteach céatadán uasta le haghaidh na gcineálacha fíonchaor geal is féidir a úsáid le fíonta dearga (10 %) agus fíonta *rosé* (20 %) a tháirgeadh.

— Socraíodh céatadán na bpríomhchineálacha fíonchaoire sna cumaisc ag íoschéatadán 70 %.

— Tugadh isteach foráil le gabháltais bheaga a dhíolmhú (is lú ná 1.5 ha) nach ndéantar fíon iontu ó na ceanglais a bhaineann le cionta na gcineálacha fíonchaoire ar an gabháltas.

— Tugadh isteach maolú 5 bliana le dóthain ama a thabhairt do na gabháltais na rialacha a chomhlíonadh a bhaineann le cionta na gcineálacha inar tharla athrú stádais dosheachanta, e.g. de bharr díshealbhú nó oidhreachta.

Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

<sup>(1)</sup> IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.



### 3. **Dlús íosta plandaithe**

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an tsonrúcháin “Grignan-les-Adhémar” i gCaibidil 1, Roinn VI, “Treorú fíniúnacha” chun an maolú a bhaint lena gceadaítear dáileachtaí áirithe níos sine – arna n-ainmniú ag INAO [Institiúid Náisiúnta an Tionscnaimh agus na Cáilíochta] – dlús íosta plandaithe 3 300 fíniúin/ha seachas 4 000 fíniúin/ha a bheith acu.

Rinneadh athstruchtúrú ar na dáileachtaí sin, agus cloíonn siad leis na rialacha ginearálta anois.

Baineadh an maolú sin freisin ón doiciméad aonair sin faoi “Cleachtais fhíoneolaíocha”.

### 4. **Rialacha prúnála**

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an tsonrúcháin “Grignan-les-Adhémar” i gCaibidil 1, Roinn VI, “Treorú fíniúnacha” leis na rialacha prúnála a leasú.

— Ní cheadaítear ach an phrúnáil spoir (ag úsáid na cuachphrúnála nó prúnála *Royat*), agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist.

Leis an am is gá a thabhairt do mhúnú an tródaim a chur san áireamh, tugadh isteach foráil lena gceadaítear an phrúnáil *Guyot* le linn na tréimhse sin. Ceadáitear an phrúnáil *Guyot* i ngach dáileacht Syrah agus Viognier, gan teorainn aoise a bheith léi. Ní mór di a bheith ina prúnáil *Guyot* shingil áfach, leis an líon céanna bachlóg in aghaidh an phlanda a bheadh i gceist leis an bprúnáil spoir (12 bhachlóg ar a mhéad). Is modh tairbheach é an modh prúnála sin óir cuidíonn sé le cosc a chur ar an damáiste don adhmaid, agus frithghníomhaíonn sé in aghaidh a shobhrísteachta le linn na buainte le meaisín.

Áiríodh na leasuithe sin sa doiciméad aonair, faoi ‘Cleachtais fhíoneolaíocha’.

### 5. **Rialacha maidir le treilísíú**

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an tsonrúcháin “Grignan-les-Adhémar” i gCaibidil I, Roinn VI, “Treorú fíniúnacha” faoi “Rialacha maidir le treilísíú” lena shonrú gurb éigeantach é an treilísíú i gcás na gcineálacha Marsanne B, Marselan N, Roussanne B, Syrah N agus Viognier B – ní mór sreang thaca amháin agus sraith amháin de shreanga duilliúir a bheith ann ar a laghad (modh treoraithe fíniúnacha: suíomh péacán)

Áiríodh an fhoráil sin sa doiciméad aonair, faoi ‘Cleachtais fhíoneolaíocha’.

Tá beart idirtréimhseach beartaithe le haghaidh phointe XI den tsonraíocht táirge lena shonrú nach bhfuil feidhm ag an gceanglas treilísithe maidir le seanfhíniúnacha (a plandaíodh roimh 2011). Buaintear barra fíona níos lú sna dáileachtaí sin.

Sa mhír chéanna, baineadh an fhoráil lena socraítear coinníoll maidir le hairde duilliúir le haghaidh seandáileachtaí arna sainaitheint ag INAO. Rinneadh athstruchtúrú ar na dáileachtaí sin, agus cloíonn siad leis an rialail ginearálta anois (féach “Dlús plandaithe”).

Ní dhéanann na forálacha sin difear don doiciméad aonair.

### 6. **Méid siúcra na bhfionchaor agus neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte**

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an tsonrúcháin “Grignan-les-Adhémar” i gCaibidil 1, Roinn VII, “Buaint, iompar agus aibíocht na bhfionchaor”.

I bhfianaise na leibhéal aibíochta a thairfeadtar sa réigiún tuaisceartach seo, moladh méid siúcra íosta na bhfionchaor a mhéadú leis an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte a ardú chuig 12 % i gcás fíonta dearga, agus 11.5 % i gcás fíonta *rosé* agus fíonta geala (ó 11 %). Cuireadh na leasuithe sin san áireamh sa doiciméad aonair faoi “Tuairisc ar na fíonta”.

Méadaíodh méid siúcra íosta na bhfionchaor sa tsonraíocht táirge dá bhrí sin. Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

### 7. **Táirgeacht**

Leasaíodh an tsonraíocht táirge le haghaidh an tsonrúcháin “Grignan-les-Adhémar” i gCaibidil 1, Roinn VIII, “Barra”.

Laghdaíodh an barr uasta ceadaithe na bhfíonta ó 60 go 58 hl/ha. Áiríodh an leasú sin sa doiciméad aonair faoi “Barra uasta”.

Méadaíodh buntoradh bliantúil na bhfionta ó 45 go 48 hl/ha i gcás fionta dearga agus ó 45 go 52 hl/ha i gcás fionta rosé, rud a cheadaíonn táirgeadh méadaithe na bhfionta dearga agus rosé agus saintréithe an STFC á n-urramú. I gcás fionta geala, fanann an figiúr ag 52 hl/ha. Ní dhéanann na leasuithe sin difear don doiciméad aonair.

#### 8. Na ceanglais tuairiscithe agus na príomhphointí le seiceáil

Leasaíodh Caibidlí 2 agus 3 den tsonraíocht táirge le haghaidh an tsonrúcháin “Grignan-les-Adhémar” lena simpliú, agus lena dtabhairt i gcomhréir leis an bplean faireacháin don sonrúchán chomh maith leis na modhanna a bhaineann leis an dearbhú maímh, pacáistiú agus faireachán (ar na príomhphointí le seiceáil) le haghaidh tháirgeadh an fhíona.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

#### DOICIMÉAD AONAIR

##### 1. Ainm(neacha)

Grignan-les-Adhémar

##### 2. Cineál táisc gheografaigh

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

##### 3. Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon

##### 4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta

1. *Tuairisc anailíseach*

#### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fionta socra iad na fionta den sonrúchán “Grignan-les-Adhémar” a fhéadann a bheith ina bhfionta dearga, rosé nó geala. Is ionann an neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte i gcás na bhfionta dearga agus 12 %, agus is ionann agus 11,5 % é i gcás na bhfionta rosé.

Tar éis iad a choipeadh, tá méid siúcra coiptheach (glúcós agus fruchtós) sna fionta nach mó ná na méideanna a leanas:

— Fionta geala agus rosé: 4 g/l

— Fionta dearga ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos lú ná nó cothrom le 14 %: 3 g/l

— Fionta dearga ag a bhfuil neart alcóil nádúrtha de réir toirte níos mó ná 14 %: 4 g/l

Tráth an phacáistithe, is lú nó cothrom leis na figiúirí seo a leanas é cion aigéid sho-ghalaithe na bhfionta:

— 18,37 milleachobhéis in aghaidh an lítir i gcás fionta dearga; – 14,28 milleachobhéis in aghaidh an lítir i gcás fionta rosé;

— Tráth an phacáistithe, i gcás na bhfionta dearga:

tá innéacs iomlán polaifeanól (OD 280 nm) níos mó ná 40 nó cothrom leis acu;

tá déine mhodhnaithe dathanna (OD 420 nm + OD 52 nm + OD 620 nm) níos mó ná 5 acu;

tá méid aigéid mhalaigh uasta 0.4 gram in aghaidh an lítir acu.

Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfionta de réir toirte a bheith níos mó ná 13 %.

Comhlíonann na critéir eile anailíseacha na luachanna a bhunaítear sa reachtaíocht Eorpach.

#### Saintréithe anailíseacha ginearálta

Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhir íosta (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	

Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

## 2. *Tuairisc orgánaileipteach*

### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Le saintréithe céadfacha na dtáirgí sin go léir, nasctar iad le mórfhine fionta Ghleann an Rhône, ar choinníoll go bhfuil ithreacha agus cineálacha fiona comhchosúla ann.

Mar sin féin, is díol suntais iad na fionta dearga, go háirithe a bhfuil le húsáid an chineáil Grenache N, cineál a chuirtear sna tailte is sia inar féidir leis aibiú agus a thugann foirfeacht, galántacht torthaí agus maothlachas don fhíon. Is leis an gcineál Syrah N a mhínítear an cumasc, lena n-áiríthítear struchtúr na tainnine, déine an datha agus dea-bholaithe galánta bláthacha agus plandúla. Is féidir na fionta dearga sin a ól mar fhíonta úra, agus tá acmhainn iontach acu maidir le haosú a bhfuil leis an gcion suntasach den chineál Syrah N a úsáidtear sa sonrúchán tionscnaimh cláraithe ó fhíonghoirt i ndeisceart Ghleann an Rhône.

Is de dhéantús an mhodha fáiscithe nó an mhodha fuilithe iad na fionta rosé, ar torthaí agus galánta iad, le dath idir bándearg éadrom agus dearg éadrom orthu. Is suntasach iad a n-úire agus a mboige ar an mbéal, le dea-bholaithe torthaí dearga in uachtar iontu.

Is de chumasc cineálacha fiona deisceartacha (lena n-áirítear Bourboulenc B, Grenache B agus Clairette B) agus cinn níos tuaisceartaí (amhail Marsanne B, Roussanne B nó Viognier B) a dhéantar na fionta geala. Leis an raon cineálacha sin, ceadaítear ilmheascáin agus tagann fionta geala tirime dá thoradh ina bhforbraítear castacht mhór ó thaobh dea-bholaithe de (cinn bhláthacha, torthaí, mhianracha, etc.) agus ina bhfaightear aigéadacht ar an mbéal ar le maothlachas an fhíona a aimsítear cothromaíocht eatarthu i gcónaí.

### Saintréithe anailíseacha ginearálta

Nearc alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Nearc alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

## 5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

### 5.1. ***Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha***

1.

An modh saothraithe

Dlús plandála

— Is é dlús plandála íosta na bhfíniúnacha 4 000 planda in aghaidh an heicteáir. Ní mór nach mó ná 2,50 m í an spásáil idir na línte fíniúnacha.

Ní mór gur 1 mhéadar ar a laghad í an spásáil idir na plandaí sa tsraith chéanna, agus ní mór nach mó ná 1,50 méadar í.

Rialacha prúnála

Forálacha ginearálta:

— Déantar prúnáil mheasctha ar na fíniúnacha (ag úsáid an mhodh cuachphrúnála nó cordon de Royat), agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist;

— Ceadáítear an phrúnáil *Guyot* a dhéanamh le linn na tréimhse atá riachtanach leis an tródam *Royat* a mhúnlú, tréimhse nach mó ná 2 bhliain í.

— I gcás dáileachtaí a phlandaítear i ndiaidh 1 Lúnasa 2022, ní féidir airde an tródam a bheith níos mó ná 70 cm.

Forálacha speisialta:

— Féadfar na cineálacha Viognier B agus Syrah N a phrúnáil leis an modh prúnála aonair *Guyot* freisin, le huasmhéid 10 mbachlóg ar an ngas agus 2 bachlóg ar an spor.

Rialacha maidir le treilisiú

Ní mór fíniúnacha na gcineálacha Marsanne B, Marselan N, Roussanne B, Syrah N agus Viognier B a bheith treoraithe le sreang thaca amháin agus sraith amháin de shreanga duilliúir ar a laghad (modh treoraithe fíniúnacha: suíomh péacán).

Féadfar uisciú a údarú.

2.

Cleachtas fíoneolaíochta sonrath

— Ceadáítear teicnící laghdúcháin chun fíon a shaibhriú i gcás fíonta dearga suas le ráta tiúchana 10 %;

— Le fíonta *rosé* a tháirgeadh, ceadáítear do dhéantóirí fíona gan gualach fíonóireachta a úsáid go heisiach (ina aonar nó measctha in ullmhóidí) ar úrfhíonta ón bhfáisceán ach ar 20 % ar a mhéad den toirt as a ndéanann an t-oibríteoir fíon don bhuint sin;

Chomh maith leis na forálacha thuas, ní mór do na cleachtais fíoneolaíochta a ghlactar le haghaidh na bhfíonta na ceanglais a chomhlíonadh a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus leis an gCód Tuaithe agus Iascach.

## 5.2. **Uastáirgeacht**

1.

58 heictilítear in aghaidh an heicteáir

## 6. **Limistéar geografach críochaithe**

Buaintear na fíonchaora agus déantar agus forbraítear na fíonta sna bardais a leanas i roinn Drôme: Allan, La Baume-de-Transit, Chamaret, Chantemerle-lès-Grignan, Châteauneuf-du-Rhône, Clansayes, Colonselle, Donzère, Grignan, La Garde-Adhémar, Les Granges-Gontardes, Malataverne, Montségur-sur-Lauzon, Réauville, La Roche-Saint-Secret-Béconne, Roussas, Salles-sous-Bois, Saint-Paul-Trois-Châteaux, Saint-Restitut, Solérieux, Valaurie.

## 7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Bourboulenc B – Doucillon blanc

Carignan N

Cinsaut N – Cinsault

Clairette B

Grenache N

Grenache blanc B

Marsanne B

Marselan N

Mourvèdre N – Monastrell

Roussanne B

Syrah N – Shiraz

Viognier B

## 8. Tuairisc ar an nasc (na naisc)

### 8.1. Tosca stairiúla agus daonna is ábhartha don nasc

#### *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Tá limistéar geografach an tsonrúcháin “Grignan-les-Adhémar” suite i gcroílár an réigiúin Drôme Provençale, ar idirchrios agus traschrios é idir bunchnoic Dauphiné agus Comtat abhus agus bunchnoic an Massif Central agus na nAlp thall. Is ar bhruach clé abhainn an Rhône atá sé, ó dheas ó Montelimar agus ó thuaidh ó Bollène, i roinn Drôme. Clúdaítear 21 bhordas leis atá suite idir an Rhône thiar agus Enclave des Papes thoir. Tá idir cheantair chothroma agus chnocacha le fáil sa tírdhreach ann, agus é ar airde mheasartha 200 méadar os cionn leibhéal na mara ar an meán.

Is foirmíochtaí ó Lár na Tréimhse Méicéiní atá mar shubstráit faoin gcuid is mó den réigiún uile. In oirthear an réigiúin, is foirmíochtaí gaineamh agus moláis mharlaigh den chuid is mó atá iontu (bardais Grignan agus Colonzelle), ar a dtugtar “Molasses de Grignan”. I lár an réigiúin, éiríonn na sil-leagain Eilvéiseacha sin ina ngaineamh buíscothach agus i ngaineamhchloch (“Saffres”) Valréas. Faightear ithir éadrom ghainmheach iontu ag a bhfuil doimhneacht éagsúil agus atá ar bheagán cúltaisc mianracha.

I ndeisceart an réigiúin, sainítear bardas La Baume-de-Transit lena léibhinn Würm d’ithreacha aolchloiche créúla agus breaclacha arna ndeascadh ag abhainn an Aygues, agus in iarthar an réigiúin faightear léibhinn abhann atá múnlaith ag an Rhône.

I dtuaisceart an réigiúin, tá na cnoic aolchloiche taobh leis na léibhinn abhann is sine le cois Ghleann an Rhône, agus tá siad cumhdaithe go páirteach le scileach aolchloiche de bhunadh na screathan úd. Is sna críocha úd ina bhfuil drochithreacha agus ithreacha tearca atá Domaine la Garrigue (Bois des Mattes). Níor leath na fíonghoirt thar an gceantar ach le roinnt blianta anuas, thiar sna 1960í.

Tá teorainn aeráide le sonrú in aeráid ghinearálta an cheantair. Is í aeráid na Meánmhara a fhaightear sa chuid is mó de, ach éiríonn sí níos laige i dtreo thuaisceart an cheantair, arb ionann é agus an teorainn thuaisceartach do shaothrú na gcrann olóige agus an chineáil fionchaoire Grenache N araon.

Frasaíocht neamhriala a thiteann ann. Tá an mhéanbháisteach bhliantúil idir 700 mm agus 1 000 mm.

Teochtaí cineálta a bhraitear ann, leis an meánteocht bhliantúil thart ar 13 °C, agus scalann méid suntasach de sholas na gréine ann (tuairim is 2 500 uair an chloig in aghaidh na bliana). Le minice na gaoithe (go háirithe gaoth Mistral), cuirtear le tuire na gcnoc ar a saothraítear na fíonghoirt.

Tá miondifríochtaí breise san aeráid ó thionchair ilchríochacha, de bharr shraith cnoc thar Ghleann an Rhône óna dtagann geimhrí níos cruá.

Tagann imthosca áitiúla contrártha de thoradh phlandú na bhfíonghort ag an teorainn aeráide seo, imthosca a bhraitheann ar na dálaí ó thaobh airde agus topagrafaíochta de.

#### *Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc*

I measc na n-iarsmaí iomadúla Rómhánacha lena gcruthaítear go mbíodh fíonghoirt agus fionta sa réigiún seo ón anallód, tá fionnadh fíonlann mhór thiar in 1983 i mbordas Donzère, ag ceartlár an cheantair, ina chuid thábhachtach dhoshéanta de sheanchas agus dinnseanchas na bhfíonghort áitiúil.

Tá borradh gan staonadh ar na fíonghoirt sin óna mbunús ársa anall. 2 500 heicteár a bhí ina n-achar iomlán thiar in 1850. Fearacht fíonghoirt eile na Fraince, áfach, bhuail géarchéim na míolta fíniúna go trom iad in 1885. D’ainneoin gur cailleadh roinnt suime san fhíonóireacht, tá díorma beag déantóirí fíona a bhfuil paisean acu agus a chloígh le modhanna traidisiúnta fíonóireachta na háite ag saothrú chun fionta den scoth a tháirgeadh.

Chun na críche sin, ba thiar in 1962 a chuir siad iarraidh faoi bhráid na hInstitiúide Náisiúnta maidir le Bunú agus Cáilíocht, le haithneas a fháil d’fhíonta an réigiúin i bhfoirm sonrúcháin tionscnaimh lena bhfianófaí ardcháilíocht an fhíona: “Coteaux du Tricastin”.

Glacadh leis an iarraidh go hoifigiúil san fhoraithe ó 13 Márta 1964, inar leagan na coinníollacha maidir leis na ceanglais táirgthe.

10 mbliana ina dhiaidh sin, bhí na déantóirí fíona tar éis mionathruithe a phóru ina gcineálacha fíniúnacha lena n-oiriúnú do na dálaí fíonóireachta áitiúla, agus bhí siad tar éis a gcuid teicnící táirgthe a chur in oiriúint agus a fheabhsú. Fuair siad aitheantas i bhfoirm sonrúcháin tionscnaimh cláraithe an 27 Iúil 1973.

Chonacthas athbheochan na bhfíonghort agus borradh mear faoin táirgeacht sna 1970í, ó 53 000 heictilítear in 1976 go 78 000 heictilítear in 1983.

Bhí na déantóirí fíona ag dréim le fada leis an athrú ar ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe ó “Coteaux du Tricastin” go “Grignan-les-Adhémar”, agus glacadh go hoifigiúil leis, i bhfoirm foraithe, an 16 Samhain 2010.

In 2010, chlódaigh na fíonghoirt 2 600 heicteár, agus tháirg siad 55 000 heictilítear ar an meán arna dháileadh idir tuairim is 40 siléar neamhspleách agus 12 shiléar comharchumainn. Tá fíonta an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe “Grignan-les-Adhémar” ar fáil i dtrí dhath, cé gur fíon dearg é an chuid is mó den fhíon a tháirgtear, arbh ionann agus timpeall ar 75 % den toirt iomlán thiar in 2008 é.

Tá plandálacha deireanacha na bhfíniúnacha ag druidim de réir a chéile i dtreo táirgeadh fíona ghil a fhorbairt, arbh ionann agus 7 % den toirt iomlán fíona a táirgeadh thiar in 2008 é.

## 8.2. *Idirghníomhaíochtaí cúisíocha*

Suite idir na réigiúin Dauphiné agus Provence, ar bhruach clé an Rhône, tá fíonghort a thairbhíonn de na tionchair Mheánmhara i réigiún Drôme Provençale. Is minic a fhaightear cineálacha deisceartacha sa fhíonghort, agus iad plandaithe sa cheantar is sia ó thuaidh inar féidir leo aibíú. Baineann léiriú an-uathúil leo atá ceangailte leis na ceantair atá roghnaithe ag déantóirí fíona ar fearr leo an airde mheánach agus deisiúir na gréine lena bhfíonghoirt a chur ar bun.

Tá fianaise ann de bhunús ársa an fhíonghort sin, agus thar aon ní eile, de shaineolas fíonóireachta a bhí ann roimh choncas na Rómhánach ar an nGaill, a bhui le fionnadh cheann de na tithe móra fíonóireachta is sine ón seansaol.

Seachadadh an saineolas sin ar aghaidh thar an ré stairiúil ar fud réigiún Tricastin, agus bhí glúine na ndéantóirí fíona in ann a gcuid fíonghort a choinneáil ar bun d’ainneoin na mbagairtí tromchúiseacha. Áiríodh na míolta finíúna orthu sin, míol ba chúis le cruthú na n-aontas fíonóireachta inar cuireadh eolas ar rialacha comhchoiteanna a chothú le fíonta d’ardcháilíocht a fhorbairt.

Ba léiriú ar dhul chun cinn an chomhair sin é an t-aitheantas a fuarthas d’fhíonta na háite leis an sonrúchán tionscnaimh “*vin délimité de qualité supérieure*” [fíon de shonrúchán tionscnaimh ardcháilíochta], agus ina dhiaidh sin leis an sonrúchán tionscnaimh cláráithe “Coteaux du Tricastin”. Tharla an méid sin ag uair ina mbeadh údar níos fusa le méadú ar tháirgeacht seachas tosaíocht a thabhairt do cháilíocht fhíonta na háite.

Tagann na fíonta uile ó fhíonchaora a bhuaitear ó dháileachtaí a roghnaítear go cúramach agus ó chumaisc d’ílhineálacha, a phlandaítear ar dháileachtaí drochithreacha ar minic iad a bheith teolaí agus dea-dhálaí draenála le fáil iontu. Is leis na tosca sin a thugtar saintréithe uathúla na bhfíonta. Bíonn na fíonta dearga bog agus torthaí, ach is fíonta tathagacha mar sin féin iad. Faightear réimse dea-bholaithe as cuimse i measc na bhfíonta geala tirime, arb iondúil iad a bheith ina bhfíonta deisceartacha. Is cosúil leis na fíonta dearga iad na fíonta rosé: saintréithe boga agus torthaí le fáil iontu.

Is seanbhunaithe iad cáilíocht agus clú na bhfíonta sin, cé gur tháinig athrú ar a bhféiniúlacht le himeachta ama, óir ainmníodh iad as bardas ar leith nó as an réigiún féin.

In 2010, de réir mar a bhí na déantóirí fíona ag súil leis le roinnt blianta roimhe sin, athraíodh ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe chuig “Grignan-les-Adhémar”, rud a leag an bhéim an athuair ar cheartlár an réigiúin agus ar na fíonta i mbardas Grignan, a bhfuil dlúthnasc idir a stair agus an teaghlach “Adhémar de Grignan”. Ba é François de Castellane Adhémar (cúnta Grignan agus gobharnóir Provence sa 17ú haois, a phós iníon le Madame de Sévigné in 1669) a chuidigh chun an ceangal idir sloinne a theaghlach agus bardas Grignan a bhuanú.

In 1781, scríobhann Faujas de Saint-Fonds ina shaothar *Histoire naturelle de la province de Dauphiné* [stair an dúlra i réigiún Dauphiné] mar gheall ar fhíonta ar a raibh dea-cháil agus ar a dtugtaí “fíonta Donzère”, a tháirgtí sa bhordas leis an ainm sin: “is iad na ceantair is iomráití iad Les Roussettes, Le Suel, La Figerasse agus Javalin, ina gclódaítear fánaí éagsúla cnoic, timpeall leathléig ar fhad, ina bhfaightear íthreacha creagacha agus ina bhfuil a lán púróg”. Agus níos faide síos sa téacs: “Táirgtear fíonta maithe ar eachréidh Grès freisin... dála mar a tháirgtear i gceantair Opplias, Borillon agus Lermenas, nach foláir an fíon a lagú le ceann Grès ann”. I sliocht eile níos faide síos arís sa téacs, tuigtear don léitheoir go bhfuil clú agus go bhfaightear dea-bhlas ar na fíonta sin cheana lasmuigh den limistéar geografach, agus ar uairibh i bhfad i gcéin: “Onnmhairítear fíonta Donzère chuig Páras, Lyon, Grenoble agus réigiúin Velay agus Vivarais. Sheasfaidís turas farraige; seoladh chun Cathair Chonstaintín iad, áit ar éirigh go mór leo”. Sa saothar céanna, measann an t-údar faoi na cineálacha fíonchaoire a plandaíodh lena linn (Clairette, Picardin, Rosani) “go gcruthaítear fíon geal an-bhlasta leo”.

In 1986, ar chlár fógra a crochadh ag fíonghort Château-Bizard, atá suite in Allan, rinneadh aicmiúchán ar na fionta ó bhordais Allan, Roussas agus La Garde-Adhémar mar fhionta gan sárú ag na fionta eile ar de bhunadh “an” Côte du Rhône a maíodh fúthu. Luadh na fionta ó Allan freisin i ndinnseanchas na bhfíonghort Francach le Jullien (1822). Aicmíonn an t-údar go díreach i ndiaidh “Ermitage” agus “Côte-Rôtie” iad. Ar leathanach 811 ar an saothar le G. Foex “*Traité de viticulture*” [tráchtas um an bhfíonóireacht] (1895), luann an t-údar fíonghort Allan, agus cuireann sé i gcomparáid le ceann “Châteauneuf-du-Pape” é.

Tá bardas Grignan, ag croílár cheantar an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe, agus a luaitear go rímhínic i stair an fhíonghoirt, tar éis a cháil as an bhfíonóireacht a athbheochan a bhuí le hiarrachtaí cáilíochtúla na ndéantóirí fíona. Léirítear an méid sin i bhfianaise an iliomad imeachtaí a reáchtáiltear ann agus bhunú “Áras na bhFionta” in “Grignan-les-Adhémar”.

## 9. Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll bhreise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú le haghaidh táirgeadh fionta, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas:

- Roinn Ardèche: Alba-la-Romaine, Aubignas, Bidon, Bourg-Saint-Andéol, Gras, Larnas, Ruoms, Saint-Just, Saint-Marcel-d’Ardèche, Saint-Martin-d’Ardèche, Saint-Montan, Saint-Remèze, Saint-Thomé, Le Teil, Valvignières, Viviers;
- Roinn Drôme: Aleyrac, Arpavon, Aubres, La Bégude-de-Mazenc, Bouchet, Châteauneuf-de-Bordette, Condorcet, Curnier, Dieulefit, Espeluche, Eyrolles, Eyzahut, Mirabel-aux-Baronnies, Montaulieu, Montboucher-sur-Jabron, Montbrison, Montélimar, Montjoux, Montjoyer, Nyons, Le Pègue, Piégon, Pierrelatte, Les Pilles, Le Poët-Laval, Pont-de-Barret, Portes-en-Valdaine, Puygiron, Rochebaudin, Rochefort-en-Valdaine, Rochegude, Rousset-les-Vignes, Salettes, Saint-Ferréol-Trente-Pas, Saint-Gervais-sur-Roubion, Saint-Maurice-sur-Eygues, Saint-Pantaléon-les-Vignes, Sainte-Jalle, Souspierre, Suze-la-Rousse, Taulignan, Teyssières, La Touche, Tulette, Valouse, Venterol, Vesc, Vinsobres;
- Roinn Le Gard: Pont-Saint-Esprit, Saint-Paulet-de-Caisson;
- Roinn Vaucluse: Bollène, Buisson, Cairanne, Entrechaux, Faucon, Gigondas, Grillon, Lagarde-Paréol, Lamotte-du-Rhône, Lapalud, Montdragon, Mornas, Puyméras, Rasteau, Richerenche, Roaix, Sablet, Séguret, Saint-Marcellin-lès-Vaison, Saint-Romain-en-Viennois, Saint-Roman-de-Malegarde, Sainte-Cécile-les-Vignes, Travaillan, Vacqueyras, Vaison-la-Romaine, Valréas, Villedieu, Violès, Visan.

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Féadfar an t-aonad geografach níos mó “Vignobles de la Vallée du Rhône” a shonrú ar lipéid na bhfionta ag a bhfuil an sonrúcháin tionscnaimh cláráithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a shonraítear sa chomhaontú a síníodh idir na comhlachtaí caomhnaithe agus bainistíochta éagsúla lena mbaineann.

## Nasc chuig an tsonraíocht táirge

[https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document\\_administratif-f57bb70c-e0a8-44c0-bc75-3aeca81c658d](https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-f57bb70c-e0a8-44c0-bc75-3aeca81c658d)

**Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó, ar leasú é ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(2023/C 49/12)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

**FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL**

**“Cabernet d’Anjou”**

**PDO-FR-A1005-AM02**

**Dáta teachtaireachta: 11.11.2022**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

**1. Cód Geografach Oifigiúil**

Rinneadh na bardais a chuimsítear sa limistéar geografach agus sa limistéar atá díreach in aice láimhe a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an *Code officiel géographique* [Cód Geografach Oifigiúil].

Níl aon tionchar aige sin ar imlíne an limistéir gheografaigh chríochaithe.

Leasaíodh pointe 6 agus pointe 9 den doiciméad aonair.

**2. Limistéar dáileachta críochaithe**

Curtha leis tá na dátaí a d’fhorghnó an t-údarás náisiúnta ábhartha na hathruithe ar an limistéar dáileachta críochaithe laistigh den limistéar geografach táirgthe. Déantar dáileachtaí a chríochnú trí na dáileachtaí laistigh den limistéar geografach táirgthe a shainaithint, ar dáileachtaí iad atá oiriúnach chun an táirge a tháirgeadh ar táirge é a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

**3. Spásáil idir fíniúnacha**

Laghdaíodh an spásáil íosta idir fíniúnacha sa ró céanna ó 1 m go dtí 0,90 m.

Is é is cuspóir don leasú seo méadú ar dhlús plandaithe na bhfíniúnacha a cheadú gan an spásáil idir sraitheanna a athrú.

Tá foráil speisialta curtha isteach freisin maidir le fíniúnacha ar fhánaí i gcás ina bhfuil an grádán níos mó ná 10 %, arb é 0,80 m an spásáil údaraithe íosta ina leith idir fíniúnacha.

Is é is cuspóir don mhéid sin an cás ar leith d’fhíniúnacha a chuirtear ar fhánaí géara a chur san áireamh, ar fíniúnacha iad a éilíonn socruithe sonracha i gcéim an phlandaithe (á gcur go comhthreomhar leis an bhfána seachas ingearach leis).

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

**4. Prúnáil**

Rinneadh comhchuíbhiú ar na rialacha maidir le prúnáil ar leibhéal na sonrúchán i limistéar Anjou Saumur i ngleann Loire.

Rinneadh é sin chun a áirithiú go mbeadh saothróirí fíniúna níos eolaí agus chun na seiceálacha is gá a shimpliú. Leis an leasú seo, is fusa do shaothróirí fíniúna iad féin a oiriúnú nuair a bhíonn siad ag tabhairt aghaidh ar shiocáin, a tharlaíonn níos déanaí agus níos déanaí sa bhliain.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

<sup>(1)</sup> IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.



**5. Nasc**

Leasaíodh an nasc chun tagairt do 2021 a chur san áireamh in ionad 2018 agus chun líon na mbardas a thabhairt cothrom le dáta, tar éis roinnt cumaisc.

Leasaíodh pointe 8 den doiciméad aonair.

**6. Bearta idirthréimhseacha**

Scríosadh bearta idirthréimhseacha nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.

Tá beart idirthréimhseach curtha leis tar éis críochú nua dáileachtaí i mbardais áirithe.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

**7. Lipéadú**

Rinneadh na rialacha maidir le lipéadú a nuashonrú agus a chomhchuíbhíú ar leibhéal na n-ainmniúchán i limistéar Anjou Saumur sa ghleann Loire. Is leasú eagarthóireachta amháin é sin.

Leasaíodh pointe 9 doiciméad aonair.

**8. Tagairt don chomhlacht cigireachta**

Cuireadh foclaíocht úr ar an tagairt don chomhlacht cigireachta lena ailíniú leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i sonraíochtaí táirge eile. Is leasú eagarthóireachta amháin é sin.

Ní thagann aon athrú ar an doiciméad aonair as an leasú seo.

**9. Leasuithe eagarthóireachta**

Rinneadh roinnt nuashonruithe dréachtaithe ar an tsonraíocht.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**DOICIMÉAD AONAIR****1. Ainm(neacha)**

Cabernet d'Anjou

**2. Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

**3. Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

**4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta****TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN**

Is fíonta rosé iad seo fós a bhfuil na tréithe anailíseacha seo a leanas acu: Ní mór do na fionta neart alcóil nádúrtha íosta de 10.5 % de réir toirte a bheith acu. Ní mór an cion siúcra ar féidir a choipeadh (glúcós + fruchtós) na bhfionta tar éis an choipeadh a bheith 10 gram ar a laghad in aghaidh an lítir. Ní bhíonn neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfionta tar éis saibhríthe níos mó ná 13 %. Ní mór an aigéadacht so-ghalaithe, an aigéadacht iomlán agus an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán a bheith mar a bhunaítear i reachtaíocht an Aontais, ach ní mór go mbeadh cion aigéadachta so-ghalaithe ag aon bhaisc d'fhíon gan bhuidéal atá incháilithe chun leas a bhaint as na téarmaí “primeur” (luath) nó “nouveau” (nua) nach mó ná 10,2 milleachóibhéis in aghaidh an lítir. Tá siúcaí ar féidir a choipeadh agus leibhéil éagsúla bhinnis sna fionta. Nochtann a léiriú aramatach dian sainiúlacht na gcineálacha fíniúna. Mar sin féin tá torthaí i gcónaí i bhfoirm éigin (péitseog, sútha talún, citris, etc.). Sa bhéal, táirgeann na fionta cothrom sofaisticiúil idir úire agus maothlachas. Tá na dea-bholaidh dian agus maireann siad i bhfad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	10
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachobhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

## 5. Cleachtais fhíoneolaíocha

### 5.1. Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha

#### 1. *Dlús plandaithe – Spásáil*

An modh saothraithe

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandála íosta na bhfíniúnacha. Níor cheart an spásáil idir sraitheanna na bhfíniúnacha sin a bheith níos mó ná 2,5 méadar, agus ní mór 0,90 méadar ar a laghad a bheith sa spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna.

I gcás dáileachtaí fíonghoirt ina bhfuil an spásáil idir fíniúnacha sa tsraith chéanna níos lú ná 0,90 m ach níos mó ná 0,80 m nó cothrom leis, agus i gcás inar mó ná 10 % an grádán, beidh siad i dteideal an sonrúcháin tionscnaimh cláraithe a úsáid le haghaidh a mbuainte.

Féadfar an sonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint a úsáid chun dáileachtaí fíonghoirt ag a bhfuil dlús níos lú ná 4 000 — ach 3 300 ar a laghad — plandaí in aghaidh an heicteáir a bhuan, faoi réir comhlíontacht le rialacha áirithe maidir le treoraíocht fíniúnacha agus airde duilliúir a leagtar síos sa tsonraíocht táirge seo. Ní mór don spásáil idir na rónna fíniúna gan a bheith níos mó ná 3 mhéadar, agus ní mór don spásáil idir plandaí sa ró céanna a bheith 1 mhéadar amháin ar a laghad.

#### 2. *Rialacha prínnála*

An modh saothraithe

Déantar na fíniúnacha a phrúnáil ag baint úsáide as an modh cána nó spor, nó meascán den dá cheann. Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda i gceist: Féadtar na fíniúnacha a phrúnáil le dhá bhachlóg sa bhreis in aghaidh an phlanda, ar choinníoll nach bhfuil líon na ngéag ar a bhfuil torthaí in aghaidh an phlanda don bhliain níos mó ná 12 ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog (bachlóga blátha aonair).

#### 3. *Uisciú*

An modh saothraithe

Toirmiscear uisciú.

#### 4. *Cleachtas fíoneolaíochta sonrach*

Tá sé toirmisce the gualach fíoneolaíoch a úsáid, bíodh sé ina aonar nó measctha in ullmhóidí.

Toirmiscear úsáid sliseanna adhmaid.

Ní bhíonn neart alcóil iomlán de réir toirte na bhfonta tar éis saibhrithe níos mó ná 13 %.

Anuas ar na forálacha thuasluaite, is gá go gcomhlíonann na cleachtais fíoneolaíochta a bhaineann leis na fonta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

## 5. Airde duilliúir agus treilísíú

An modh saothraithe

Ní mór an duilliúir ar an treilís airde a bhaint amach atá 0,6 oiread an fhaid, ar a laghad, idir na sraitheanna. Déantar an airde sin a thomhas mar an fad idir teorainn íosta an duilliúir (nach mór a bheith 0,40 méadar ar a laghad os cionn leibhéal na talún) agus an uasteorainn gearrtha (nach mór a bheith 0,20 m ar a laghad os cionn na sreinge treilíse uachtair).

I gcás dáileachtaí fionghoirt a bhfuil an dlús plandála 3 300 ar a laghad ach níos lú ná 4 000 planda in aghaidh an heicteáir, beidh feidhm ag na rialacha treilíse breise seo a leanas: is é 1,9 méadar íosairde na gcuaillí treilísithe os cionn na talún; tá ceithre leibhéal sreanga treilíse ann; is ionann íosairde na sreinge is airde agus 1,85 méadar os cionn na talún.

## 5.2. Uastáirgeacht

1. 69 heictilítear in aghaidh an heicteáir

## 6. Limistéar geografach críochaithe

Ní mór gach céim de tháirgeadh fionta atá incháilithe chun leas a bhaint as an sonrúchán tionscnaimh rialaithe “Cabernet d’Anjou” a bheith ar siúl sa limistéar geografach a chuimsíonn na bardais seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021:

- roinn Deux-Sèvres: Brion-près-Thouet, Loretz-d’Argenton, Louzy, Plaine-et-Vallées (bardas tarmligthe Oiron amháin), Saint-Cyr-la-Lande, Sainte-Verge, Saint-Martin-de-Mâcon, Saint-Martin-de-Sanzay, Thouars (bardais tarmligthe Mauzé-Thouarsais, Sainte-Radegonde agus iarbhardas Thouars amháin), Tourtenay, Val en Vignes (bardais tarmligthe Bouillé-Saint-Paul, Cersay agus Saint-Pierre-à-Champ amháin);
- roinn Maine-et-Loire: Allonnes, Angers, Antoigné, Artannes-sur-Thouet, Aubigné-sur-Layon, Beaulieu-sur-Layon, Bellevigne-en-Layon, Bellevigne-les-Châteaux, Blaison-Saint-Sulpice, Bouchemaine, Brain-sur-Allonnes, Brissac Loire Aubance (bardais tarmligthe Alleuds, Brissac-Quincé, Charcé-Saint-Ellier-sur-Aubance, Chemellier, Coutures, Luigné, Saint-Rémy-la-Varenne, Saint-Saturnin-sur-Loire agus Vauchrézien amháin), Brossay, Cernusson, Chacé, Chalonnes-sur-Loire, Champocé-sur-Loire, Chaudefonds-sur-Layon, Chemillé-en-Anjou (bardais tarmligthe Chanzeaux, La Jumellière agus Valanjou amháin), Cizay-la-Madeleine, Cléré-sur-Layon, Le Coudray-Macouard, Courchamps, Denée, Dénézé-sous-Doué, Distré, Doué-en-Anjou, Épieds, Fontevraud-l’Abbaye, Les Garennes sur Loire, Gennes-Val-de-Loire (bardais tarmligthe Chênehutte-Trèves-Cunault, Gennes, Grézillé, Saint-Georges-des-Sept-Voies agus Le Thoueil amháin), Huillé-Lézigné (bardas tarmligthe Huillé amháin), Ingrandes-Le Fresne sur Loire (iarbhardas tarmligthe Ingrandes amháin), Jarzé Villages (bardas tarmligthe Lué-en-Baugeois amháin), Louresse-Rochemenier, Lys-Haut-Layon, Mauges-sur-Loire (bardais tarmligthe La Chapelle-Saint-Florent, Le Mesnil-en-Vallée, Montjean-sur-Loire, La Pommeraye, Saint-Florent-le-Vieil, Saint-Laurent-de-la-Plaine agus Saint-Laurent-du-Mottay amháin), Mazé-Milon (bardas tarmligthe Fontaine-Milon amháin), Montilliers, Montreuil-Bellay, Montsoreau, Mozé-sur-Louet, Mûrs-Erigné, Orée d’Anjou (bardais tarmligthe Bouzillé, Champtoceaux, Drain, Landemont, Liré agus La Varenne amháin), Parnay, Passavant-sur-Layon, La Possonnière, Le Puy-Notre-Dame, Rives-de-Loir-en-Anjou (críoch bhardas tarmligthe Villevêque amháin), Rochefort-sur-Loire, Rou-Marson, Sainte-Gemmes-sur-Loire, Saint-Georges-sur-Loire, Saint-Germain-des-Prés, Saint-Just-sur-Dive, Saint-Macaire-du-Bois, Saint-Melaine-sur-Aubance, Saumur, Savennières, Soulaines-sur-Aubance, Souzay-Champigny, Terranjou, Tuffalun, Turquant, Les Ulmes, Val-du-Layon, Varennes-sur-Loire, Varrains, Vaudelnay;
- roinn Vienne: Berrie, Curçay-sur-Dive, Glénouze, Pouançay, Ranton, Saint-Léger-de-Montbrillais, Saix, Ternay, Les Trois-Moutiers.

Is féidir breathnú ar léarscáileanna a thaispeánann an limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO).

## 7. Cineál/cineálacha fíniúna

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N

## 8. Tuairisc ar an nasc (na naisc)

### 8.1.

#### 1 Faisnéis maidir leis an limistéar geografach

##### a) Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc

Cuimsíonn an limistéar geografach dhá mhórfhoirmíocht gheolaíocha, áit a bhfuil fíonghoirt den chuid is mó i ndobharcheantair na n-abhann agus feadh roinnt ardchláir: san iarthar, lomáin Réamhchaimbriacha agus Phailéasócha den Mhasaif Armarcach; san oirthear, substráit Mhéiseasóch agus Caenasóch imchuach Pháras a chumhdaigh an bhuncharraig ársa. Déanann an saintréith gheolaíoch sin idirdhealú idir cuid thiar an limistéir gheografaigh agus an chuid thoir. Tá an chuid thiar suntasach mar gheall ar a fosuithe scealla, scláta den chuid is mó, agus ar a dtugtar “Anjou noir” nó “Anjou dubh” go háitiúil. Tá an chuid thoir suntasach mar gheall ar a marla cailceach (Saumur), ar a dtugtar “Anjou blanc” nó “Anjou bán” go háitiúil.

Agus naisc stairiúla le cúige ársa Anjou aige, ó bhí 2021 ann cumhdaíonn an limistéar geografach leath theas roinn Maine-et-Loire (68 mbardas) agus imill thuaidh ranna Deux-Sèvres (11 bhordas) agus Vienne (9 mbardas) go bunúsach.

Is ó fhoirmíochtaí geolaíocha éagsúla a díorthaíodh an ithir a fhaightear sna dáileachtaí atá críochaithe le haghaidh bhuint na bhfionchaor. Cé go bhfuil éagsúlacht mhór san ithir, bíonn sí go dona go ginearálta agus cultaisc teoranta uisce inti. Thairis sin, tá dea-airíonna teirmeacha aici.

Baineann an limistéar geografach leas as aeráid mheasartha aigéanach nach bhfuil mórán éagsúlachta sna raonta teochta ann, de bharr chónagaracht choibhneasta an Aigéin Atlantaigh ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, de bharr an róil atá ag an Loire agus a chraobh-aibhneacha maidir le rialáil teochta. Is fachtóir freisin é an fíoras go gcuirtear fíniúnacha ar na cnoic. Úsáidtear an nath “douceur angevine” (aimsir chaoín Anjou), a chiallaíonn go bhfuil geimhreadh, earrach fada agus fómhár fada ann mar aon le tréimhsí teo sa samhradh a tharlaíonn go minic. Na fánaí a bhfuil a n-aghaidh siar ó thuaidh nó soir ó dheas, cosnaíonn siad na fíniúnacha ó na gaotha aniar, a mbíonn cion ard taise iontu go minic. Dá bhrí sin, is teoranta an t-uisciú a bhíonn sa limistéar geografach agus baintear leas ann as éifeacht *föhn*, agus é i bhfothain ó cheo mara ag fánaí airde Choletais agus Mauges. Bíonn an bháisteach bhliantúil thart ar 585 mhiliméadar, i gcomparáid le 800 milliméadar in Choletais.

##### b) - Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha maidir leis an nasc geografach

Is eol fíniúnacha a bheith á saothrú ar bhonn leanúnach in Anjou ón gcéad aois A.D. Is talamh den scoth í chun fíniúnacha a shaothrú, mar is léir ó na línte seo a leanas ó dhán le Apollonius (6ú céad): “Tá baile ann nach bhfuil rófhada ón mBriotáin lonnaithe ar charraig ar a bhfuil plandálacha fairsinge atá tiomnaithe do Ceres agus Bacchus agus ainm, Andecavi (Angers), a thagann ón logainm Gréigise.” D’fhorbair saothrú fíniúnacha sa limistéar Anjou le linn na Meánaoiseanna, faoi choimirce na mainistreacha lonnaithe ar bhruacha an Loire agus timpeall Angers. Bhain sé cáil ar leith amach ón 7ú agus 8ú céad ar aghaidh. A bhuí le tionchar Henri II agus Eleanor de Aquitaine, cuireadh fíon ó Anjou ar na boird ab uaisle.

D’fhorbair táirgeacht go suntasach ón 16ú céad amach le teacht ceannaithe na hÍsiltíre ag lorg fíona dá dtír agus dá gcoilíneachtaí. Cheannaigh na hÍsiltírigh soláthar fíona agus bhí an trádáil chomh bríomhar sa 18ú céad go ndearnadh abhainn Layon, a théann trasna an limistéir gheografaigh, inseolta chun iompar a éascú. D’fhág an ardmheas a bhí ar fhíonta Anjou go raibh an-tóir orthu agus chruthaigh cánacha éagsúla (ar fhíon i mbulc, ar chliathbhoscaí, cáin mhórdhíola, cáin mhiondhíola, dleacht mháil, etc.). Bhí iarmhairtí diúltacha ag na cánacha sin ar thrádáil. Scríos an slad a rinne na cogáin in Vendée na fíonghoirt, a bheag nó a mhór. D’fhill rathúnas sa 19ú céad. In 1881, chumhdaigh na fíonghoirt achar dromchla de 45 000 heicteár, lena n-áirítear 10 000 heicteár a d’fhan in 1893 tar éis dúchán phylloxera.

### 8.2.

Tá an cháil ar an réigiún ar a dtugtar Anjou de bharr, go bunúsach, táirgeadh fíonta geala a dhéantar ó chineál Chenin B. Cuireadh cineál Cabernet Franc N agus Cabernet Sauvignon N rud beag ní ba dhéanaí áfach agus leath siad go suntasach tar éis ghéarchéim phylloxera. Ag tús an 20ú haois, bhí iarrachtaí saothraithe fíona á ndríú go príomha ar “rouget” a dhéanamh, an t-ainm áitiúil ar fhíon éadrom a chuirtear ar fáil i gcaiféanna. Ba é an chéad chéim maidir le hathruithe ar fhíonghoirt Anjou. In éineacht leis na cineálacha Grolleau N agus Grolleau Gris G, lena dtáirgtear fíonta

éadroma “clairet”, arna gcomhlánú le cineálacha Gamay N agus Pineau d’Aunis N, chuir siad le forbairt táirgthe shuntasacha fionta rosé suaitheanta, cáiliúla agus aitheanta faoi na sonrúcháin tionscnaimh faoi chosa “Cabernet d’Anjou” agus “Rosé d’Anjou”. Bhí an dara céim de na hathruithe seo bunaithe ar an taithí a fuair táirgeoirí agus iad ag bainistiú na mbarr sin. D’fhorbair táirgeadh fionta dearga ó na 1960idí ar aghaidh, bunaithe ar fhaireachán agus ar anailís ar na meascáin chineálacha agus na suíomhanna plandála ab fhearr, in éineacht le measúnú ar an bpoitéinseal buainte agus an saineolas a fuarthas maidir le teicnící saothraithe fiona.

## 2 Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge

Tá síúcraí ar féidir a choipeadh agus leibhéil éagsúla bhinnis sna fionta rosé. Tá a gcarachtar aramatach dian, agus saintréithe a gcineálacha fionchaoire á léiriú ag gach ceann acu. Mar sin féin tá torthaí i gcónaí i bhfoirm éigin (péitseog, sútha talún, citris, etc.). Sa bhéal, táirgeann na fionta cothrom sofaisticiúil idir úire agus maohlachas. Tá na dea-bholaidh dian agus maireann siad i bhfad.

## 3 Idirghníomhaíochtaí cúisíocha

Tugann saintréithe measctha an limistéir saothraithe fíniúnacha, lena n-áirítear a shuíomh thuaidh, a thírdhreach saintréitheach, a aeráid mheasartha shuntasach agus a gheolaíocht shonrach agus a phróifíl ithreach blas úr ar leith do na fionta.

Mar gheall ar éagsúlacht na suíomhanna fíonghoirt agus a bpróifílí ilchineálacha geolaíocha agus ithreach, cuirtear ar a gcumas do tháirgeoirí na dálaí is fearr a aimsiú le haghaidh gach ceann de na cineálacha fíniúnacha atá ag fás ann. Déanann na saothróirí fiona scrúdú agus anailís ar iompraíocht a gcuid fíniúnacha chun an suíomh ceart le haghaidh na bhfíonghort a shocrú. Cé go n-aimsítear cineálacha Grolleau N, Grolleau Gris G agus Pineau d’Aunis N ar na cnoic agus ar an míntír ghainmheach/ghairbhéalach, áit a n-úsáidtear iad chun fionta rosé torthaíocha a tháirgeadh, is fearr le cineálacha Cabernet Franc N agus Cabernet Sauvignon N ithreacha éadoimhne nó ithreacha donna a bhfuil soláthar uisce rialaithe acu de ghnáth, áit a n-úsáidtear iad chun fionta rosé tathagacha, a bhfuil dea-bholadh marthanach orthu, a tháirgeadh.

## 9. Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

API

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, arna shainiú ag maolú maidir le táirgeadh agus le próiseáil fionta atá incháilithe don shonrúchán tionscnaimh rialaithe “Rosé d’Anjou”, cuimsítear críoch na mbardas seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021:

— roinn Indre-et-Loire: Saint-Nicolas-de-Bourgueil;

— roinn Loire-Atlantique: Ancenis-Saint-Géréon (gan ach iarbhardas Ancenis), Le Loroux-Bottereau, Le Pallet, La Remaudière, Vair-sur-Loire (gan ach bardas tarmligthe Anetz), Vallet;

— roinn Maine-et-Loire: Orée d’Anjou (críoch bhardas tarmligthe Saint-Laurent-des-Autels amháin), Saint-Martin-du-Fouilloux.

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an téarma “primeur” (luath) nó “nouveau” (nua) a leanúint ón tsonrúchán tionscnaimh rialaithe, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht.

I gcás ina sonraítear i reachtaíocht an Aontais go bhféadfaidh na Ballstáit na tásca roghnacha a rialú, priontálfar tásca den sórt sin ar lipéid i bhfoclaíocht nach bhfuil níos mó, ar airde agus ar leithead, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin thionscnaimh chláráithe.

Is féidir an t-ainm geografach “Val de Loire” a chur i ndiaidh ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht. Méid na litreacha d’ainm geografach “Val de Loire”, ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe.

Ní mór d’fhíonta atá i dteideal an téarma “primeur” (luath) nó “nouveau” (nua) an bhliain a lua freisin.

Féadfaidh fíonta ainm aonaid gheografaigh níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll: - ainm áite is ea é atá liostaithe i gclárann na talún; - bíonn an t-ainm le feiceáil ar an dearbhú buainte. Na litreacha a úsáidfead chun ainm na háite a phriontáil, ní bheidh siad níos mó ná leath de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ó thaobh airde ná leithid de.

### **Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

[https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document\\_administratif-cea1d3f7-577f-445e-9e58-b708a8d13eb8](https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-cea1d3f7-577f-445e-9e58-b708a8d13eb8)

---

**Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó, ar leasú é ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(2023/C 49/13)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

**FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL**

**“Anjou”**

**PDO-FR-A0820-AM03**

**Dáta teachtaireachta: 11.11.2022**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

**1. Cód Geografach Oifigiúil**

Rinneadh na bardais a chuimsítear sa limistéar geografach agus sa limistéar atá díreach in aice láimhe a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an gCód Geografach Oifigiúil.

Ní dhéanann sé sin difear d'implíne an limistéir gheografaigh chríochaithe.

Leasaíodh pointe 6 agus pointe 9 den doiciméad aonair.

**2. Limistéar dáileachta críochaithe**

Curtha leis tá na dátaí a d'fhorghnó an t-údarás náisiúnta ábhartha na hathruithe ar an limistéar dáileachta críochaithe laistigh den limistéar geografach táirgthe. Déantar dáileachtaí a chríochnú trí na dáileachtaí laistigh den limistéar geografach táirgthe a shainaithint, ar dáileachtaí iad atá oiriúnach chun an táirge a tháirgeadh ar táirge é a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

**3. Meascadh**

Rinneadh leasú ar na rialacha maidir le meascadh i gcás fíonta dearga ina n-úsáidítear na cineálacha tánaisteacha Grolleau agus Pineau d'Aunis chun cineál Grolleau a spreagadh, lena ngabhann saintréithe tairbhíúla, go háirithe i gcomhthéacs an athraithe aeráide.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

**4. Spásáil idir plandaí**

Laghdaíodh an spásáil íosta idir plandaí sa ró céanna ó 1 m go dtí 0,90 m.

Is é cuspoir an leasaithe sin méadú ar dhlús plandála a cheadú le haghaidh fíniúnacha gan an spásáil idir rónna a athrú.

Cuireadh foráil speisialta leis le haghaidh fíniúnacha suite ar fhánaí níos géire ná 10 %, agus is féidir spásáil íosta idir plandaí 0,80 m a bheith ag na fíniúnacha sin.

Is é is aidhm leis an bhforáil sin an cás ar leith ina gcuirtear fíniúnacha ar fhánaí géara a chur san áireamh, cás ina éilítear socrúithe speisialta le linn chéim an phlandaithe (ag cur comhthreomhar leis an bhfána seachas ingearach leis).

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

<sup>(1)</sup> IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

**5. Prúnáil**

Comhchuibhíodh na rialacha prúnála le haghaidh shonrúcháin limistéir Anjou Saumur i nGleann an Loire.

Is é is aidhm leis an gcomhchuibhiú sin eolas na n-oibreoirí a fheabhsú agus seiceálacha a shimpliú. Leis an leasú seo tugtar solúbthacht do shaothróirí fíniúna oiriúnú do shiocáin, a bhíonn ag tarlú níos déanaí agus níos déanaí.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

**6. Gualach fíonóireachta**

I gcás fíonta súilíneacha rosé, baineadh an toirmeasc ar ghualach fíonóireachta a úsáid.

I gcás fíonta súilíneacha bána agus rosé, baineadh an toirmeasc ar shlisíní adhmaid a úsáid le linn an phróisis táirgthe.

Leis an leasú sin beifear in ann, i gcás inar gá, éillithe áirithe a chóireáil agus feabhas a chur ar struchtúr fíona bhunúsaigh atá ceaptha dul faoi choipeadh tánaisteach sa bhuidéal.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

**7. Nasc**

Rinneadh an roinn Nasc a leasú trí thagairt do 2021 a chur in ionad na tagartha do 2018, agus líon na mbardas a choigeartú mar gheall ar chumasc bardas.

Leasaíodh pointe 8 den doiciméad aonair.

**8. Bearta idirthréimhseacha**

Scríosadh bearta idirthréimhseacha nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.

Cuireadh beart idirthréimhseach leis mar go ngabhann críochú nua dáileachta le roinnt bardas.

Níor leasaíodh an doiciméad aonair.

**9. Lipéadú**

Sonraíodh agus comhchuibhíodh na rialacha lipéadaithe maidir le sonrúcháin limistéir Anjou Saumur i nGleann an Loire. Is leasú eagarthóireachta amháin é sin.

Leasaíodh pointe 9 den doiciméad aonair.

**10. Tagairt don chomhlacht cigireachta**

Cuireadh foclaíocht úr ar an tagairt don chomhlacht cigireachta lena ailíniú leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i sonraíochtaí táirge eile. Is leasú eagarthóireachta amháin é sin.

Ní cheanglaítear leis an leasú seo aon athrú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**11. Leasuithe eagarthóireachta**

Rinneadh líon áirithe athruithe eagarthóireachta ar an tsonraíocht.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon leasú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**DOICIMÉAD AONAIR****1. Ainm(neacha)**

Anjou

**2. Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint



### 3. Catagóirí na dtáirgí fíniúna

1. Fíon
5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

### 4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta

1. *Fíonta geala neamhcharbónáitithe*

#### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Baineann na saintréithe seo a leanas leis na fíonta: – neart alcóil nádúrtha íosta 11 % de réir toirte – an méid siúcra choipthigh ag fíonta tirime tar éis coipeadh, tá sé níos lú ná 3 g/l nó cothrom leis, a fhéadfar a mhéadú go 8 g/l ar a mhéad mura mó ná 2 g/l faoi bhun an mhéid siúcra choipthigh í an aigéadacht iomlán arna sloinneadh ina graim d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir. Tar éis an tsaibhríthe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 12,5 %. An méid iomlán aigéadachta so-ghalaithe, an méid iomlán aigéadachta agus na méideanna iomlána dé-ocsaíde sulfair, is iad na méideanna a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais iad. Tirim a bhíonn na fíonta geala socra de ghnáth. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh siúcraí coiptheacha iontu uaireanta, agus go n-aicmeofaí iad mar “demi-sec” (leath-thirim), “moelleux” (leathmhilis) nó “doux” (milis). Nádúr aramatach dian a bhíonn iontu de ghnáth, agus baineann bolaithe bláthacha (sceach gheal, líológ, crann líomaí, beirbhéine, camán meall, etc.) leis chomh maith le blasanna níos torthaíche (citreas, plumaí, piorra, torthaí triomaithe, etc.). Bíonn blas breá tathagach orthu, a fhágann mothú úire agus sócamais sa bhéal.

#### Saintréithe anailíseacha ginearálta

Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhrí (mar % den toirt)	9,5
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

2. *Fíonta dearga neamhcharbónáitithe*

#### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Baineann na saintréithe seo a leanas leis na fíonta: – neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte – an méid siúcra choipthigh atá iontu tar éis coipeadh, tá sé níos lú ná 3 g/l nó cothrom leis - i gcás fíonta atá incháilithe chun an téarma “gamay” a bheith orthu agus na focail “primeur” [luath] nó “nouveau” [nua] ina dhiaidh, tá méid siúcra choipthigh iontu tar éis coipeadh atá níos lú ná 2 g/l nó cothrom leis. Ní mór coipeadh mala-lachtach a dhéanamh ar na fíonta dearga. Fíonta dearga atá réidh le cur ar an margadh i mbulc nó ag céim an phacáistithe, ní mór méid aigéid mhalaigh nach mó ná 0,4 g/l a bheith iontu. Tar éis an tsaibhríthe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfíonta de réir toirte a bheith níos mó ná 12,5 %. An méid iomlán aigéadachta so-ghalaithe, an méid iomlán aigéadachta agus na méideanna iomlána dé-ocsaíde sulfair, is iad na méideanna a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais iad. Mar sin féin, ní mór leibhéal aigéadachta so-ghalaithe atá níos lú ná 10,2 milleachóibhéis in aghaidh an lítir nó cothrom leis a bheith ag aon fhíon neamhphacáistithe atá incháilithe chun an téarma “primeur” nó “nouveau” a bheith air. Ní mór na fíonta dearga a thabhairt chun cineáil go dtí an 15 Eanáir den chéad bhliain eile tar éis na buainte ar a laghad. Bíonn struchtúr maith tainníní ag na fíonta dearga socra. Bíonn a ndea-bholaithe sách dian, lena ngabhann mionbhlanna de thorthaí dearga go háirithe. Bíonn struchtúr acu, ach is í an éadroime an tréith is láidre. Fíonta úra iad nach mór a ól le linn na chéad 3 bliana tar éis bhuinte na bhfionchaor. Fíonta dearga atá incháilithe chun an téarma “gamay” a bheith orthu, bíonn siad úr beoga bríomhar. Tagann dea-bholaithe sainiúla orthu a bhíonn torthaíoch den chuid is mó. Is fearr go ginearálta iad a ól agus iad úr.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

### 3. *Fionta súilíneacha*

#### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is geal nó rosé iad na fionta súilíneacha. Ní mór neart alcóil nádúrtha íosta 10,5 % de réir toirte a bheith ag fíon bunúsach a bheartaítear a úsáid chun fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh. Ní mór gan neart alcóil iarbhír is mó ná 12 % de réir toirte a bheith ag fíon bunúsach a bheartaítear a úsáid chun fíon súilíneach nach bhfuil saibhríthe a tháirgeadh. Tar éis coipeadh, ní mór gan cion siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) atá níos mó ná 24 ghram in aghaidh an lítir a bheith i bhfíon bunúsach nach bhfuil saibhríthe. Tar éis coipeadh, ní mór gan méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) atá níos mó ná 5 ghram in aghaidh an lítir a bheith i bhfíon bunúsach atá saibhríthe. Ní mór gan neart alcóil iomlán is mó ná 11,6 % de réir toirte a bheith ag fíon bunúsach a bheartaítear a úsáid chun fíon súilíneach saibhríthe geal agus rosé a tháirgeadh. Tar éis saibhríú, ní mór gan neart alcóil iomlán is mó ná 13 % de réir toirte a bheith ag na fionta tar éis coipeadh tánaisteach agus sula gcuirtear an licéar dáileogachta leo. An méid iomlán aigéadachta so-ghalaithe, an méid iomlán aigéadachta agus na méideanna iomlána dé-ocsaíde sulfair, is iad na méideanna a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais iad. Is geal nó rosé iad na fionta súilíneacha. Is í an fhíneáltacht a fhaightear ina mbroidearnach, agus ina nádúr aramatach agus a struchtúr sa bhéal freisin, atá mar shaintréith acu.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

### 5. **Cleachtais fíonóireachta**

#### 5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

##### 1. *Dlús plandaithe – Spásáil*

An modh saothraithe

Is é 4 000 planda in aghaidh an heicteáir dlús plandála íosta na bhfíniúnacha. Ní mór gan an spásáil idir sraitheanna fíniúnacha a bheith níos mó ná 2,5 méadar, agus ní mór an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,90 méadar ar a laghad.

Féadfar an sonrúchán tionscnaimh cláraithe a úsáid le haghaidh bhuint na ndáileachtaí fíonghoirt i gcás ina mbeidh an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna faoi bhun 0,90 méadar ach gan bheith níos lú ná 0,80 méadar agus ina mbeidh géire na fána níos mó ná 10 %.

I gcás dáileachtaí fionghoirt ina bhfuil 3 300 planda in aghaidh an heicteáir, ar a laghad, ach ina bhfuil líon is lú ná 4 000 planda in aghaidh an heicteáir, tá an bhuairet incháilithe do shonrúchán tionscnaimh cláraithe ar choinníoll go gcomhlíonfar na rialacha maidir le treilísiú agus airde duilliúir a leagtar síos sa tsonraíocht. Ní mór don spásáil idir na rónna fíniúna gan a bheith níos mó ná 3 mhéadar, agus ní mór don spásáil idir plandaí sa ró céanna a bheith 1 mhéadar amháin ar a laghad.

## 2. Rialacha prúnála

An modh saothraithe

Prúnáiltear na fíniúnacha trí úsáid a bhaint as an modh prúnála cána, prúnála spoir nó prúnála measctha.

- Fíonta geala socra (gach cineál fionchaor), fíonta dearga socra (Cabernet Franc N, Cabernet-Sauvignon N, Gamay N, Pineau d'Aunis N): déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda ann. Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil sa chaoi go mbeidh 2 bhachlóg bhreise ann in aghaidh an phlanda, ar choinníoll nach mó ná 12 an líon craobh in aghaidh an phlanda ar a dtiocfaidh torthaí sa bhliain, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog (bachlóa aonair).
- Fíonta dearga socra (Grolleau N): déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 10 mbachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda ann. Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil sa chaoi go mbeidh 2 bhachlóg bhreise ann in aghaidh an phlanda, ar choinníoll nach mó ná 12 an líon craobh in aghaidh an phlanda ar a dtiocfaidh torthaí sa bhliain, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog (bachlóa aonair).
- Fíonta súilíneacha geala agus rosé (Chenin B, Gamay N, Grolleau G, Grolleau N, Pineau d'Aunis N): déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda ann.

Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil sa chaoi go mbeidh 2 bhachlóg bhreise ann in aghaidh an phlanda, ar choinníoll nach mó ná 12 an líon craobh in aghaidh an phlanda ar a dtiocfaidh torthaí sa bhliain, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog (bachlóa aonair).

## 3. Rialacha prúnála

An modh saothraithe

Prúnáiltear na fíniúnacha trí úsáid a bhaint as an modh prúnála cána, prúnála spoir nó prúnála measctha.

- Fíonta súilíneacha geala agus rosé (Cabernet Franc N, Cabernet-Sauvignon N, Chardonnay B, Sauvignon B): déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 14 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda ann.

Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil sa chaoi go mbeidh 4 bhachlóg bhreise ann in aghaidh an phlanda, ar choinníoll nach mó ná 14 an líon craobh in aghaidh an phlanda ar a dtiocfaidh torthaí sa bhliain, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog (bachlóa aonair).

## 4. Uisciú

An modh saothraithe

Toirmisctear uisciú.

## 5. Saibhriú

Cleachtas sonrach fíoneolaíochta

Ceadaítear teicnící laghdúcháin chun fíonta dearga a shaibhriú, agus tá an ráta uasta maidir le tíúchan páirteach socraithe ag 10 % i ndáil leis na toirteanna a úsáidtear.

Tar éis saibhriú, ní mór gan neart alcóil iomlán is mó ná 12,5 % de réir toirte a bheith ag fíonta socra.

Ní mór cion siúcra choipthigh atá ≤ 5 g/l agus neart alcóil iomlán atá ≤ 11,6 % de réir toirte a bheith ag fíon bunúsach a bheartaítear a úsáid chun fíon súilíneach saibhrithe geal agus rosé a tháirgeadh.

## 6. Úsáid sliseanna adhmaid

Cleachtas sonrach fíoneolaíochta

Toirmeasctar sliseanna adhmaid a úsáid i gcás fíonta socra geala.

I gcás fíonta dearga agus fíonta súilíneacha, toirmeasctar slisíní adhmaid a úsáid ach amháin le linn an phróisis táirgthe.

Fíon bunúsach a bheartaítear a úsáid chun fíon súilíneach rosé a tháirgeadh, féadfar é a dhéanamh trí mhaothú nó sileadh/draenáil.

Anuas ar na forálacha thuasluaite, is gá go gcomhlíonann na cleachtais fíoneolaíochta a bhaineann leis na fionta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí.

#### 7. *Airde duilliúir agus treilísíú*

An modh saothraithe

Ní mór don duilliúir ar an treilís airde 0,6 mhéid an fad idir na línte fíniúna a bhaint amach ar a laghad. Déantar an airde seo a thomhas mar an fad idir teorainn íosta an duilliúir (nach mór a bheith 0,4 m ar a laghad os cionn leibhéil na talún) agus an uasteorainn gearrtha (nach mór a bheith 0,2 m ar a laghad os cionn na sreinge treilíse uachtair).

I gcás dáileachtaí fíonghoirt a bhfuil an dlús plandála 3 300 ar a laghad ach níos lú ná 4 000 planda in aghaidh an heicteáir, beidh feidhm ag na rialacha treilíse breise seo a leanas: is é 1,9 méadar íosairde na gcuailí treilísithe os cionn na talún; tá ceithre leibhéal sreanga treilíse ann; is ionann íosairde na sreinge is airde agus 1,85 méadar os cionn na talún.

### 5.2. *Uastáirgeacht*

#### 1. *Fionta geala neamhcharbónáitithe*

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

#### 2. *Fionta dearga neamhcharbónáitithe*

65 heictilítear in aghaidh an heicteáir

#### 3. *Fionta súilíneacha geala agus rosé*

76 heictilítear in aghaidh an heicteáir

#### 4. *A bhfuil an téarma “gamay” orthu*

72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

### 6. **Limistéar geografach críochaithe**

a) Gach céim de tháirgeadh fionta atá incháilithe do shonrúchán tionscnaimh cláraithe “Anjou”, “Cabernet d’Anjou” agus “Rosé d’Anjou”, ní mór dóibh tarlú sa limistéar geografach a chuimsíonn na bardais seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021:

— roinn Deux-Sèvres: Brion-près-Thouet, Loretz-d’Argenton, Louzy, Plaine-et-Vallées (críoch bhargas tharmligthe Oiron amháin), Saint-Cyr-la-Lande, Sainte-Verge, Saint-Martin-de-Mâcon, Saint-Martin-de-Sanzay, Thouars (críoch bhargas tharmligthe Mauzé-Thouarsais, Sainte-Radegonde agus iarbargas Thouars amháin), Tourtenay, Val en Vignes (críoch bhargas tharmligthe Bouillé-Saint-Paul, Cersay agus Saint-Pierre-à-Champ amháin);

— roinn Maine-et-Loire: Allonnes, Angers, Antoigné, Artannes-sur-Thouet, Aubigné-sur-Layon, Beaulieu-sur-Layon, Bellevigne-en-Layon, Bellevigne-les-Châteaux, Blaison-Saint-Sulpice, Bouchemaine, Brain-sur-Allonnes, Brissac Loire Aubance (críoch bhargas tharmligthe Alleuds, Brissac-Quincé, Charcé-Saint-Ellier-sur-Aubance, Chemellier, Coutures, Luigné, Saint-Rémy-la-Varenne, Saint-Saturnin-sur-Loire agus Vauchrézien amháin), Brossay, Cernusson, Chacé, Chalonnes-sur-Loire, Champtocé-sur-Loire, Chaufonds-sur-Layon, Chemillé-en-Anjou (críoch bhargas tharmligthe Chanzeaux, La Jumellière agus Valanjou amháin), Cizay-la-Madeleine, Cléré-sur-Layon, Le Coudray-Macouard, Courchamps, Denée, Denezé-sous-Doué, Distré, Doué-en-Anjou, Épieds, Fontevraud-l’Abbaye, Les Garennes sur Loire, Gennes-Val-de-Loire (críoch bhargas tharmligthe Chênehutte-Trèves-Cunault, Gennes, Grézillé, Saint-Georges-des-Sept-Voies agus Le Thoueil amháin), Huillé-Lézigné (críoch bhargas tharmligthe Huillé amháin), Ingrandes-Le Fresne sur Loire (críoch iarbargas tharmligthe Ingrandes amháin), Jarzé Villages (gan ach críoch bhargas tharmligthe Lué-en-Baugeois), Louresse-Rochemenier, Lys-Haut-Layon, Mauges-sur-Loire (críoch bhargas tharmligthe La Chapelle-Saint-Florent, Le Mesnil-en-Vallée, Montjean-sur-Loire, La Pommeraye, Saint-Florent-le-Vieil, Saint-Laurent-de-la-Plaine agus Saint-Laurent-du-Mottay amháin), Mazé-Milon (críoch bhargas tharmligthe Fontaine-Milon amháin), Montilliers, Montreuil-Bellay, Montsoreau, Mozé-sur-Louet, Mûrs-Erigné, Orée d’Anjou (críoch bhargas tharmligthe Bouzillé,

Champtoceaux, Drain, Landemont, Liré agus La Varenne amháin), Parnay, Passavant-sur-Layon, La Possonnière, Le Puy-Notre-Dame, Rives-de-Loir-en-Anjou (críoch bhardas tharmligthe Villevêque amháin), Rochefort-sur-Loire, Rou-Marson, Sainte-Gemmes-sur-Loire, Saint-Georges-sur-Loire, Saint-Germain-des-Prés, Saint-Just-sur-Dive, Saint-Macaire-du-Bois, Saint-Melaine-sur-Aubance, Saumur, Savennières, Soulaines-sur-Aubance, Souzay-Champigny, Terranjou, Tuffalun, Turquant, Les Ulmes, Val-du-Layon, Varennes-sur-Loire, Varrains, Vaudelnay;

- roinn Vienne: Berrie, Curçay-sur-Dive, Glénouze, Pouançay, Ranton, Saint-Léger-de-Montbrillais, Saix, Ternay, Les Trois-Moutiers.

Is féidir dul i gcomhairle le léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (Institut national de l'origine et de la qualité – INAO).

- b) Gach céim de tháirgeadh fronta atá incháilithe chun an téarma “gamay” a bheith orthu, ní mór dóibh tarlú sa limistéar geografach a chuimsíonn na bardais a ainmnítear thíos, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021:

- roinn Deux-Sèvres: Brion-près-Thouet, Loretz-d'Argenton, Louzy, Saint-Cyr-la-Lande, Sainte-Verge, Saint-Martin-de-Sanzay, Thouars (críoch bhardais tharmligthe Mauzé-Thouarsais, Sainte-Radegonde agus iarbhardas Thouars amháin), Val en Vignes (críoch bhardais tharmligthe Bouillé-Saint-Paul, Cersay agus Saint-Pierre-à-Champ amháin);

- roinn Maine-et-Loire: Allonnes, Angers, Antoigné, Aubigné-sur-Layon, Beaulieu-sur-Layon, Bellevigne-en-Layon, Blaison-Saint-Sulpice, Brain-sur-Allonnes, Brissac Loire Aubance (críoch bhardais tharmligthe Alleuds, Brissac-Quincé, Charcé-Saint-Ellier-sur-Aubance, Chemellier, Coutures, Luigné, Saint-Rémy-la-Varenne, Saint-Saturnin-sur-Loire agus Vauchrézien amháin), Cernusson, Chalennes-sur-Loire, Champtocé-sur-Loire, Chaufonds-sur-Layon, Chemillé-en-Anjou (críoch bhardais tharmligthe Chanzeaux, La Jumellière agus Valanjou amháin), Cléré-sur-Layon, Denée, Denezé-sous-Doué, Distré, Doué-en-Anjou (críoch bhardais tharmligthe Brigné, Concourson-sur-Layon, Doué-la-Fontaine, Forges, Montfort, Saint-Georges-sur-Layon agus Les Verchers-sur-Layon amháin), Les Garennes sur Loire (críoch bhardais tharmligthe Chênehutte-Trèves-Cunault, Gennes, Grézillé, Saint-Georges-des-Sept-Voies and Le Thoureil amháin), Huillé-Lézigné (críoch bhardas tharmligthe Huillé amháin), Ingrandes-Le Fresne sur Loire (críoch iarbhardas tharmligthe Ingrandes amháin), Jarzé Villages (críoch bhardas tharmligthe Lué-en-Baugeois amháin), Louresse-Rochemenier, Lys-Haut-Layon, Mauges-sur-Loire (críoch bhardais tharmligthe La Chapelle-Saint-Florent, Le Mesnil-en-Vallée, Montjean-sur-Loire, La Pommeraye, Saint-Florent-le-Vieil, Saint-Laurent-de-la-Plaine agus Saint-Laurent-du-Mottay amháin), Mazé-Milon (críoch bhardas tharmligthe Fontaine-Milon amháin), Montilliers, Mozé-sur-Louet, Mûrs-Erigné, Orée d'Anjou, (críoch bhardais tharmligthe Bouzillé, Champtoceaux, Drain, Landemont, Liré agus La Varenne amháin), Passavant-sur-Layon, La Possonnière, Rives-de-Loir-en-Anjou Passavant-sur-Layon, La Possonnière, Le Puy-Notre-Dame, Rives-de-Loir-en-Anjou (críoch bhardas tharmligthe Villevêque amháin), Rochefort-sur-Loire, Rou-Marson, Sainte-Gemmes-sur-Loire, Saint-Georges-sur-Loire, Saint-Germain-des-Prés, Saint-Macaire-du-Bois, Saint-Melaine-sur-Aubance, Savennières, Soulaines-sur-Aubance, Terranjou, Tuffalun, Turquant, Les Ulmes, Val-du-Layon, Varennes-sur-Loire.

Is féidir breathnú ar léarscáileanna den limistéar geografach ar shuíomh gréasáin INAO.

## 7. Cineál/cineálacha fíniúna

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N

Chenin B

Gamay N

Grolleau N

Grolleau Gris G

Pineau d'Aunis N

## 8. Tuairisc ar an nasc (na naisc)

### 8.1. *Fionta neamhcharbónáitithe*

Dhá mhórfhoirmíocht gheolaíoch atá sa limistéar geografach, ina n-aimsítear na fíonghoirt den chuid is mó i ndobharcheantair aibhneacha agus ar roinnt ardchlár: san iarthar, lomáin Réamhchaimbriacha agus Phailéasócha den Mhasaif Armarcach; san oirthear, fostratam Méiseasóch agus Caenasóch imchuach Pháras a chumhdaigh an bhuncharraig ársa. Déanann an saintréith gheolaíoch sin idirdhealú idir cuid thiar an limistéir gheografaigh agus an chuid thoir. Tá an chuid thiar suntasach mar gheall ar na fosuithe scealla atá ann, scláta den chuid is mó, ar a dtugtar go háitiúil “Anjou noir” (Anjou dubh). Tá an chuid thoir suntasach mar gheall ar an marla cailceach (Saumur) atá ann, ar a dtugtar go háitiúil “Anjou blanc” (Anjou bán).

Agus naisc stairiúla le cúige ársa Anjou aige, ó bhí 2021 ann cuimsítear leis an limistéar geografach, go bunúsach, an leath theas de roinn Maine-et-Loire (68 gcomún) agus imill thuaidh ranna Deux-Sèvres (11 bhardas) agus Vienne (9 mbardas). Is ann go fóill do roinnt pócaí sa taobh ó thuaidh de roinn Maine-et-Loire, a thugann chun cuimhne an tréimhse ina mbíodh fíonghoirt ar fud na roinne uile.

Is ó fhoirmíochtaí geolaíoch a éagsúla a dhíorthaítear an ithir a fhaightear sna dáileachtaí atá críocheithe le haghaidh bhuaint na bhfionchaor. Cé go bhfuil éagsúlacht mhór san ithir, bíonn sí go dona go ginearálta agus cultaisc teoranta uisce inti. Thairis sin, tá dea-airíonna teirmeacha aici.

Baineann an limistéar geografach leas as aeráid mheasartha aigéanach nach bhfuil mórán éagsúlachta sna raonta teochta ann, de bharr chóngaracht choibhneasta an Aigéin Atlantaigh ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, de bharr an róil atá ag an Loire agus a chraobh-aibhneacha maidir le rialáil teochta. Is fachtóir freisin é an fíoras go gcuirtear fíniúnacha ar na cnoic. Úsáidtear an nath “douceur angevine” (aimsir chaoin Anjou), a chiallaíonn go bhfuil geimhreadh, earrach fada agus fóimhar fada ann mar aon le tréimhsí teo sa samhradh a tharlaíonn go minic. Na fánaí a bhfuil a n-aghaidh siar ó thuaidh nó soir ó dheas, cosnaíonn siad na fíniúnacha ó na gaotha aniar, a mbíonn cion ard taise iontu go minic. Dá bhrí sin, is teoranta an t-uisciú a bhíonn sa limistéar geografach agus baintear leas ann as éifeacht föhn, agus é i bhfothain ó cheo mara ag fánaí airde Choletais agus Mauges. Bíonn an bháisteach bhliantúil thart ar 585 mhiliméadar, i gcomparáid le 800 milliméadar i Choletais.

Is eol fíniúnacha a bheith á saothrú ar bhonn leanúnach in Anjou ón gcéad aois A.D. Is talamh den scoth í chun fíniúnacha a shaothrú, mar is léir ó na línte seo a leanas ó dhán le Apollonius (6ú haois): “Tá baile ann nach bhfuil ró-fhada ón mBriotáin lonnaithe ar charraig ar a bhfuil plandálacha fairsinge atá tiomnaithe do Ceres agus Bacchus agus ainm, Andecavi (Angers), a thagann ón logainm Gréigise”. D’fhorbair saothrú fíniúnacha sa limistéar Anjou le linn na Meánaoiseanna, faoi choimirce na mainistreacha lonnaithe ar bhruacha an Loire agus timpeall Angers. Bhain sé cáil ar leith amach ón 7ú agus 8ú haois ar aghaidh. A bhuí le tionchar Henri II agus Eleanor de Aquitaine, cuireadh fíon ó Anjou ar na boird ab uaisle.

D’fhorbair táirgeacht go suntasach ón 16ú céad amach le teacht ceannaithe na hÍsiltíre ag lorg fíona dá dtír agus dá gcoilíneachtaí. Cheannaigh na hÍsiltírigh soláthar fíona agus bhí an trádáil chomh bríomhar sa 18ú céad go ndearnadh abhainn Layon, a théann trasna an limistéir gheografaigh, inseolta chun iompar a éascú. D’fhág an ardmheas a bhí ar fhíonta Anjou go raibh an-tóir orthu agus chruthaigh cánacha éagsúla (ar fhíon i mbulc, ar chliathbhoscaí, cáin mhórdhíola, cáin mhiondhíola, dleacht mháil, etc.). Bhí iarmhairtí diúltacha ag na cánacha sin ar thrádáil. Scríos an slad na rinne na cogáil in Vendée na fíonghoirt, a bheag nó a mhór. D’fhill rathúnas sa 19ú céad. In 1881, chumhdaigh na fíonghoirt achar dromchla de 45 000 heicteár, lena n-áirítear 10 000 heicteár a d’fhan in 1893 tar éis epidéim phylloxera.

Is é táirgeadh fíonta geala a dhéantar ó chineál Chenin B is mó is cúis leis an gcáil atá ar an réigiún ar a dtugtar Anjou. Cuireadh cineál Cabernet Franc N agus Cabernet-Sauvignon N beagán ní ba dhéanaí, áfach, agus leath siad go fairsing tar éis ghéarchéim phylloxera. Ag tús an 20ú haois, bhí iarrachtaí saothraithe fíona á ndírú go príomha ar “rouget” a dhéanamh, an t-ainm áitiúil ar fhíon éadrom a chuirtear ar fáil i gcaiféanna. Ba é an chéad chéim maidir le hathruithe ar fhíonghoirt Anjou. Bhí an dara céim de na hathruithe sin bunaithe ar an taithí a fuair táirgeoirí le bainistiú na mbarra sin.

### 8.2. *Fionta neamhcharbónáitithe*

D’fhorbair táirgeadh fíonta dearga ó na 1960idí ar aghaidh, bunaithe ar fhaireachán agus ar anailís ar na meascáin chineálacha agus na suíomhanna plandála ab fhearr, in éineacht le measúnú ar an bpoitéinseal buainte agus an saineolas a fuarthas maidir le teicnící saothraithe fíona.

Fionta geala, rosé agus dearga atá sna fionta súilíneacha atá incháilithe don sonrúchán tionscnaimh cláraithe “Anjou”.

Is tirim a bhíonn na fionta geala de ghnáth. Mar sin féin, d’fhéadfadh sé go mbeadh siúcraí coiptheacha iontu uaireanta, agus go n-aicmeofaí iad mar “demi-sec” (leath-thirim), “moelleux” (leathmhilis) nó “doux” (milis). Nádúr aramatach dian a bhíonn iontu de ghnáth, agus baineann bolaithe bláthacha (sceach gheal, líológ, crann líomaí, beirbhéine, camán meall, etc.) leis chomh maith le blasanna níos torthaíche (citreas, plumaí, piorra, torthaí triomaithe, etc.). Bíonn blas breá tathagach orthu, a fhágann mothú úire agus sócamais sa bhéal.

Bíonn struchtúr maith tainníní ag na fionta dearga. Bíonn a ndea-bholaithe sách dian, agus mionbhlasanna de thorthaí dearga ag gabháil leo. Bíonn struchtúr acu, ach is í an éadroime an tréith is láidre. Fionta úra iad nach mór a ól le linn na chéad 3 bliana tar éis bhuint na bhfionchaor.

Fionta dearga atá incháilithe chun an téarma “gamay” a bheith orthu, bíonn siad úr beoga bríomhar. Tagann dea-bholaithe sainiúla orthu a bhíonn torthaíoch den chuid is mó. Is fearr go ginearálta iad a ól agus iad úr.

Tugann saintréithe measctha an limistéir saothraithe fíniúnacha, lena n-áirítear a shuíomh thuaidh, a thírdhreach saintréitheach, a aeráid mheasartha shuntasach agus a gheolaíocht shonrach agus a phróifíl ithreach blas úr ar leith do na fionta.

Mar gheall ar éagsúlacht na suíomhanna fíonghoirt agus a bpróifílí ilchineálacha geolaíocha agus ithreach, cuirtear ar a gcumas do tháirgeoirí na dálaí is fearr a aimsiú le haghaidh gach ceann de na cineálacha fíniúnacha atá ag fás ann. Déanann na saothróirí fíona scrúdú agus anailís ar iompraíocht a gcuid fíniúnacha chun an suíomh ceart le haghaidh na bhfíonghort a shocrú. Tagann saintréithe chineál Chenin B chun suntais i bhfionta geala tirime de bharr fhíonghoirt Anjou, agus tagann an chastacht a bhaineann le fíon níos sine chun suntais de bharr na gcnoc griannmhar a bhfuil a n-aghaidh ó dheas. Thairis sin, má bhíonn an aimsir fabhrach i dtreo dheireadh an tséasúir, féadtar fionta “moelleux” (leathmhilis) nó “doux” (milis) a tháirgeadh as cineál Chenin B.

Cé go n-aimsítear cineálacha Grolleau N, Grolleau Gris G agus Pineau d’Aunis N ar na cnoic agus ar an míntír ghainmheach/ghairbhéalach, áit a n-úsáidtear iad chun fionta rosé torthaíocha a tháirgeadh, is fearr le cineálacha Cabernet Franc N agus Cabernet-Sauvignon N ithreacha éadoimhne nó ithreacha donna a bhfuil soláthar uisce rialaithe acu de ghnáth, áit a n-úsáidtear iad chun fionta rosé tathagacha, a bhfuil dea-bholadh marthanach orthu, a tháirgeadh nó fionta dearga a bhfuil nádúr beagán tuathúil iontu a bheachtú le linn tréimhse ghairid aosaithe, dá ndéantar foráil sa tsonraíocht.

Ar deireadh, is fearr le cineál Gamay N ithreacha a tháinig chun cinn ar charraigeacha Réamhchaimbriacha i gcroílár “Anjou noir”, cé is moite d’aon chuid de limistéar “Anjou blanc”, mar is léir ón aonad geografach laistigh den limistéar geografach a shainítear ar bhealach níos mionsonraithe sa tsonraíocht i leith fionta dearga atá incháilithe chun an téarma “gamay” a bheith orthu.

Is léir saineolas na dtáirgeoirí, a fuarthas le taithí ó ghlúin go glúin, ina rogha samhla teicniúla agus a rogha meascán de chineálacha fíniúna a bhraitheann ar aidhm agus bliain an táirgthe. Is mór an cúnaimh é an raon leathan fionta a tháirgtear chun margaí éagsúla a mhealladh. Baintear taitneamh as na fionta, ní hamháin sa Fhrainc, go háirithe i measc mhuintir chathair Angers agus an cheantair máguaird, agus sa Bhriotáin agus sa Normáin, ach thar lear freisin. Go deimhin, fionta a dhíoltar faoi na sonrúcháin tionscnaimh cláraithe “Anjou”, “Cabernet d’Anjou” agus “Rosé d’Anjou”, cuireann siad go mór leis an seasamh atá ag “Val de Loire” mar an seachtú réigiún onnmhairiúcháin is mó sa Fhrainc.

### 8.3. Fionta súilíneacha

Baineann táirgeadh fíona shuílínigh leas as táirgeadh stairiúil na bhfionta geala socra. Sa 15ú haois, i gcás fionta a chuirtear i mbuidéil sa gheimhreadh agus a dhéantaí a choipeadh den dara huair le fillleadh na haimsire teo, thug táirgeoirí faoi deara go mbídís fiosaí ach go mbíodh dea-bholaithe sofaisticiúla orthu fós. Agus iad “fiosaí” ar dtús, spreagadh forbairt fionta súilíneacha ag tús an 19ú haois nuair a chuir táirgeoirí saineolas ar phróiseas an choipthe thánaistigh sa bhuidéal ag úsáid siúcraí coiptheacha ó úrfhíon leathchoipthe nó ag cur liqueur de tirage leo. Bhíothas in ann leas a bhaint as na siléir mhóra a tochlaíodh sa mharla cailceach, áit a bhféadfaí na fionta a chaomhnú agus a aosú ag teocht íseal sheasmhach.

Is í an fhíneáltacht a fhaightear ina mbroidearnach, agus ina nádúr aramatach agus a struchtúr sa bhéal freisin, atá mar shaintréith ag na fionta súilíneacha.

Tá an cúlra céanna ag fíon súilíneach. Thug na táirgeoirí faoi deara go bhféadfadh na fíonta a bhí pacáistithe agus stóráilte i siléir coipeadh breise a dhéanamh nuair a bhí an geimhreadh thart. Ba é an toradh a bhí ar thuiscint eimpíreach ar an “gcoipeadh tánaisteach spontáineach” ar an gcéad dul síos táirgeadh fíonta “fiosaí”, ag úsáid cineál Chenin B go háirithe, cineál déanach a bhí an-oiriúnach do tháirgeadh fíona shúilínigh mar gheall ar na saintréithe, an úire agus na dea-bholaithe fíneálta a bhí ag gabháil leis. Ó thús an 19ú haois, baineadh an leas is fearr as na saintréithe sin de réir mar a chuir déantóirí fíona saineolas ar phróiseas an “choipthe thánaistigh sa bhuidéal” chun fíonta súilíneacha a tháirgeadh, faoi threoir Jean-Baptiste Ackerman go háirithe.

Tugtar aird ar leith ar bhuint na bhfíonchaor le haghaidh fíona. Áirithítear leis an mbuint go mbaintear an aibíocht is fearr agus cothromaíocht mhaith idir siúcra agus aigéadacht amach, rud atá ríthábhachtach chun úire, coipeadh maith tánaisteach agus cumas aosaithe a ráthú. Thairis sin, is acmhainn iad na siléir faoi thalamh atá lonnaithe, go príomha, i gcroílár “Anjou blanc” maidir leis na fíonta seo a tháirgeadh a bhfuil spás mór stórála agus láimhseála faoi dhálaí oiriúnacha solais, bogthaise agus teochta de dhíth orthu. Cuirtear an méid smachta agus teicnící céanna i bhfeidhm i gcás na gcineálacha fíonchaora dubha chun cainníochtaí teoranta de fhíonta súilíneacha rosé ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

De thairbhe taithí a fuair siad le breis agus céad bliain, tá saineolas foirfe ag táirgeoirí anois ar ealaín an chumaisc chun na fíonta súilíneacha sin a dhéanamh. Cuidíonn tabhairt chun cineál na bhfíonta ar an moirt ar feadh 9 mí lena gcastacht a fhorbairt.

## 9. Coinníollacha breise fíon-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

API

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, a shainítear de mhaolú le haghaidh próisis fíonóireachta agus táirgthe fíonta atá incháilithe chun na sonrúcháin tionscnaimh chláráithe “Cabernet d’Anjou” agus “Rosé d’Anjou” a bheith orthu, cuimsítear na bardais seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021, leis na próisis fíonóireachta, táirgthe agus aosaithe le haghaidh fíonta socra atá incháilithe chun sonrúchán tionscnaimh cláráithe “Anjou” a bheith orthu agus pacáistiú fíonta súilíneacha atá incháilithe chun an sonrúchán tionscnaimh cláráithe “Anjou” a bheith orthu:

— roinn Indre-et-Loire: Saint-Nicolas-de-Bourgueil;

— roinn Loire-Atlantique: Ancenis-Saint-Géréon (críoch bhargas tarmiligthe Ancenis amháin), Le Loroux-Bottereau, Le Pallet, La Remaudière, Vair-sur-Loire (críoch bhargas tarmiligthe Anetz amháin), Vallet;

— roinn Maine-et-Loire: Orée d’Anjou (críoch bhargas tarmiligthe Saint-Laurent-des-Autels amháin), Saint-Martin-du-Fouilloux.

API a bhfuil an téarma “gamay” air

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise:

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:



Sa limistéar atá díreach in aice láimhe, a shainítear de mhaolú le haghaidh próisis fionóireachta agus táirgthe fionta atá incháilithe don sonrúchán tionscnaimh cláraithe “Rosé d’Anjou”, cuimsítear na bardais seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021:

- roinn Deux-Sèvres: Saint-Martin-de-Mâcon, Tourtenay;
- roinn Indre-et-Loire: Saint-Nicolas-de-Bourgueil;
- roinn Loire-Atlantique: Ancenis-Saint-Géréon (críoch bhargas tarmhligthe Ancenis amháin), Le Loroux-Bottereau, Le Pallet, La Remaudière, Vair-sur-Loire (críoch bhargas tarmhligthe Anetz amháin), Vallet;
- roinn Maine-et-Loire: Antoigné, Artannes-sur-Thouet, Bellevigne-les-Châteaux, Brossay, Cizay-la-Madeleine, Le Coudray-Macouard, Courchamps, Distré, Doué-en-Anjou (críoch bhargas tarmhligthe Meigné amháin), Épieds, Fontevraud-l’Abbaye, Montreuil-Bellay, Montsoreau, Orée d’Anjou (críoch bhargas tarmhligthe Saint-Laurent-des-Autels amháin), Parnay, Le Puy-Notre-Dame, Rou-Marson, Saint-Just-sur-Dive, Saint-Martin-du-Fouilloux, Saumur, Souzay-Champigny, Turquant, Les Ulmes, Varrains, Vaudelnay;
- roinn Vienne: Berrie, Curçay-sur-Dive, Glénouze, Pouançay, Ranton, Saint-Léger-de-Montbrillais, Saix, Ternay, Les Trois-Moutiers.

Pacáistiú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Pacáistiú sa limistéar críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Is trí choipeadh tánaisteach go heisiach a dhéantar na fionta súilíneacha.

Ní fhéadfar iad a choimeád ar an moirt i mbuidéil ar feadh tréimhse is lú ná 9 mí.

Déantar agus cuirtear ar an margadh na fionta súilíneacha sna buidéil ina ndéantar an coipeadh tánaisteach, cé is moite d’fhionta a dhíoltar i mbuidéil de thoirt 37,5 cl nó níos lú nó de thoirt 150 cl nó níos mó.

Lipéadú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Na téarmaí roghnacha, a bhféadfadh a n-úsáid a bheith rialaithe ag na Ballstáit faoi fhorálacha an Aontais, déantar iad a mharcáil ar na lipéid i litreacha nach bhféadfar a bheith níos mó, ar airde, ar leithead ná ar thiús, ná dhá oiread mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe.

Is féidir an t-ainm geografach “Val de Loire” a chur i ndiaidh ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe, i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos sa tsonraíocht.

Méid na litreacha d’ainm geografach “Val de Loire”, ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrían de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe.

A bhfuil an téarma “gamay” orthu

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Cuirtear an téarma “gamay” i ndiaidh ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe i gcás fionta a chomhlíonann na coinníollacha speisialta is infheidhme maidir leis an téarma sin mar a leagtar amach sa tsonraíocht.

Ní mór an téarma “gamay” a bheith ar an lipéad i ndiaidh ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe, i litreacha atá ar aon dath lena chéile agus nach mó iad – ar airde ná ar leithead – ná dhá thrian de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe.

Féadfar na téarmaí “primeur” nó “nouveau” a chur i ndiaidh an téarma “gamay” i gcás fionta a chomhlíonann na coinníollacha speisialta is infheidhme maidir leis na téarmaí sin mar a leagtar amach leis an tsonraíocht.

Ní mór do na fionta atá incháilithe maidir leis an téarma “**primeur**” nó “**nouveau**” a bheith orthu bliain an fhíona a lua.

Fionta geala neamhcharbónáitithe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór tuairisc a thabhairt ar fhionta geala socra leis na téarmaí “demi-sec” (leath-thirim), “moelleux” (leathmhilis) nó “doux” (milis) i ngach doiciméad tráchtála, gach doiciméad loingseoireachta agus ar gach lipéad i gcomhréir leis an méid siúcra choiphthigh (glúcós agus fruchtós) atá san fhíon, mar a shainítear le reachtaíocht an Aontais. Cuirtear na sonraí sin ar na lipéid sa réimse radhairc céanna le hainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe.

Aonad geografach níos lú

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás fionta incháilithe le haghaidh an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe, féadfar aonad geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gur logainm é atá liostaithe sa chlár talún agus go mbíonn sé le feiceáil ar an dearbhú buainte. Na litreacha a úsáidfead chun ainm na háite a phriontáil, ní bheidh siad níos mó ná leath de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ó thaobh airde ná leithid de.

### Nasc chuig an tsonraíocht táirge

[https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document\\_administratif-cea1d3f7-577f-445e-9e58-b708a8d13eb8](https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-cea1d3f7-577f-445e-9e58-b708a8d13eb8)

**Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorghnó, ar leasú é ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(2023/C 49/14)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

**“Crémant de Loire”**

**PDO-FR-A0391-AM02**

**Dáta teachtaireachta: 11.11.2022**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

**1. Cód Geografach Oifigiúil**

Rinneadh na bardais sa limistéar geografach a thabhairt cothrom le dáta i gcomhréir leis an gCód Geografach Oifigiúil.

Ní dhéanann sé sin difear do theorainn an limistéir gheografaigh chríochaithe.

Leasaíodh pointe 6 den doiciméad aonair.

**2. Limistéar dáileachta críochaithe**

Rinneadh dátaí na seisiún chun críochú a fhorghnó a chur leis.

Is é is cuspóir don leasú seo an dáta a d'fhorghnó an t-údarás náisiúnta inniúil athrú ar an limistéar dáileachta críochaithe laistigh den limistéar geografach táirgthe a chur leis. Déantar dáileachtaí a chríochú trí na dáileachtaí laistigh den limistéar geografach táirgthe a shainiú, ar dáileachtaí iad atá oiriúnach chun an táirge a tháirgeadh ar táirge é a chumhdaítear leis an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint atá i gceist.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

**3. Spásáil idir plandaí**

Laghdaíodh an spásáil íosta idir plandaí ó 1 m go dtí 0.90 m.

Is é cuspóir an leasaithe sin méadú ar dhlús plandála na bhfíniúnacha gan an spásáil idir rónna a athrú.

Cuireadh foráil speisialta leis le haghaidh fíniúnacha atá suite ar fhánaí níos géire ná 10 %, a bhfuil an spásáil íosta idir plandaí 0.80 m le haghaidh na bhfíniúnacha sin.

Is é is aidhm leis an bhforáil sin an cás ar leith ina gcuirtear fíniúnacha ar fhánaí géara a chur san áireamh, cás ina éilítear socrúithe speisialta le linn chéim an phlandaithe (ag cur comhthreomhar leis an bhfána seachas ingearach leis).

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

**4. Prúnáil**

Comhchuíbhíodh na rialacha prúnála le haghaidh shonrúcháin limistéir Anjou Saumur i nGleann an Loire.

Is é is aidhm leis an gcomhchuíbhíú sin eolas na n-oibreoirí a fheabhsú agus seiceálacha a shimpliú. Tugann an leasú sin solúbthacht níos mó do shaothróirí fíniúna oiriúnú do shiocáin, a bhíonn ag tarlú níos déanaí agus níos déanaí sa bhliain.

Leasaíodh pointe 5 den doiciméad aonair.

<sup>(1)</sup> IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

**5. Nasc leis an limistéar geografach**

Leasaíodh an nasc chun tagairt a dhéanamh do 2021 in ionad 2018 agus chun líon na mbardas a athrú tar éis cumascadh cuid acu.

Leasaíodh pointe 8 den doiciméad aonair.

**6. Lipéadú**

Soiléiríodh an creat rialála le haghaidh téarmaí roghnacha.

Leasaíodh pointe 9 den doiciméad aonair.

**7. Bearta idirthréimhseacha**

Scríosadh bearta idirthréimhseacha nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh.

Cuireadh beart idirthréimhseach leis le haghaidh bardais ar formheasadh a gcríochnú dáileachta i mí na Samhna 2020.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon athrú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**8. Leasuithe eagarthóireachta**

Rinneadh roinnt athruithe eagarthóireachta ar an tsonraíocht.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe sin aon athrú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**9. Tagairt don chomhlacht cigireachta**

Rinneadh leasú ar fhoclaíocht na tagartha don chomhlacht cigireachta chun í a ainíniú le foclaíocht sonraíochtaí táirge eile. Níl sa leasú seo ach athrú ar an bhfoclaíocht.

Ní cheanglaítear leis seo aon athrú a dhéanamh ar an doiciméad aonair.

**DOICIMÉAD AONAIR****1. Ainm(neacha)**

Crémant de Loire

**2. Cineál táisc gheografaigh**

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

**3. Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

**4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. *Saintréithe*

**TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN**

Fíonta súilíneacha geala agus rosé ar ardchaighdeán. Tá neart alcóil nádúrtha íosta 9 % de réir toirte ag na fíonta. Is iad 12 % an t-uasneart alcóil de réir toirte agus uasmhéid 24 ghram siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) in aghaidh an lítir atá ag na fíonta bunúsacha nach bhfuil saibhríthe. Tar éis coipeadh, tá an méid siúcra choipthigh (glúcós agus fruchtós) sna fíonta bunúsacha saibhríthe níos lú ná 5 ghram in aghaidh an lítir. Tar éis saibhríú, níl neart alcóil iomlán na bhfíonta bunúsacha níos mó ná 11,6 % de réir toirte. Roimh dhímhoirtíú, tá brú breise 4 bhar dé-ocsaíde carbóin ar a laghad ag na fíonta, arna dtomhas ag 20 °C, agus, tar éis dímhoirtíú, méid iomlán dé-ocsaíde sulfair atá níos lú ná 150 milleagram in aghaidh an lítir. An méid aigéadachta so-ghalaithe agus na méideanna iomlána dé-ocsaíde sulfair, is iad na méideanna a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais iad. Ní mór gan neart alcóil iomlán is mó ná 13 % de réir toirte a bheith ag na fíonta i ndiaidh an choipthe thánaistigh agus sula gcuirtear an licéar dáileogachta leo sa chás gur saibhríodh an t-úrfhíon. An méid iomlán aigéadachta agus an méid aigéadachta so-ghalaithe, is iad na méideanna a leagtar síos le reachtaíocht an Aontais iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachobhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

## 2. Tuairisc

### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíon súilíneach é “Crémant de Loire” a bhíonn geal de ghnáth agus rosé uaireanta. Tá broidearnach chothrom san fhíon agus línte de bhoilgeoga míne fíneálta seasta ann. Tá dea-bholaithe bláthanna bána measctha le mionbhlasanna torthaíochacha amhail péitseog nó aibreog le mothú go minic air. Tá blas fíneálta binn air, agus blas air a bhfuil meascán deas ann d’úire agus milseacht.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt)	
Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt)	
Íosmhéid aigéadachta iomláine	
Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachobhéisí in aghaidh an lítir)	
Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

## 5. Cleachtais fionóireachta

### 5.1. Cleachtais fhíoneolaíochta shonracha

#### 1. Dlús plandaithe – Spásáil (1)

Modh fáis

- (a) Fíonghoirt atá suite laistigh de limistéar geografach shonrúchán tionscnaimh cláraithe “Anjou”: Is é dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha 4 000 planda in aghaidh an heicteáir. Ní mór gan an spásáil idir na sraitheanna fíniúnacha a bheith níos mó ná 2,50 m, agus ní mór an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,90 m ar a laghad. Féadfar an sonrúchán tionscnaimh cláraithe a úsáid le haghaidh bhuint na ndáileachtaí fíonghoirt i gcás ina mbeidh an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna faoi bhun 0,90 méadar ach gan bheith níos lú ná 0,80 méadar agus ina mbeidh géire na fána níos mó ná 10 %. I gcás dáileachtaí fíonghoirt ina bhfuil an dlús plandaithe 3 300 ar a laghad ach níos lú na 4 000 planda in aghaidh an heicteáir, tá an bhuint incháilithe do shonrúchán tionscnaimh cláraithe ar choinníoll go gcomhlíontar na rialacha maidir le treilísí agus airde duilliúir a leagtar síos sa tsonraíocht. Ní mór gan an spásáil idir na sraitheanna fíniúna ar na dáileachtaí sin a bheith níos mó ná 3 m, agus ní mór an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 1 m ar a laghad.

## 2. *Dlús plandaithe – Spásáil (2)*

### Modh fáis

- (b) Fíonghoirt atá suite laistigh de limistéar geografach an tsonrúcháin tionscnaimh cláraithe “Touraine”: Is é dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha 4 500 planda in aghaidh an heicteáir. Ní mór gan an spásáil idir na sraitheanna fíniúnacha a bheith níos mó ná 2,10 m, agus ní mór an spásáil idir plandaí sa tsraith chéanna a bheith 0,90 m ar a laghad.
- (c) Fíonghoirt atá suite laistigh den limistéar geografach an tsonrúcháin tionscnaimh cláraithe “Cheverny”: Is é dlús plandaithe íosta na bhfíniúnacha 4 500 planda in aghaidh an heicteáir. Ní mór gan an spásáil idir na sraitheanna fíniúnacha a bheith níos mó ná 2,10 m. Ní mór an spásáil idir na plandaí sa tsraith chéanna a bheith idir 0,90 m agus 1,20 m.

## 3. *Na rialacha maidir le treilisiú fíniúna*

### Modh fáis

- Fíonghoirt atá suite laistigh de limistéar geografach shonrúcháin tionscnaimh cláraithe “Anjou”: Tá airde an duilliúir ar an treilís 0,6 méid an spásála idir na rónna ar a laghad. Tomhaistear an airde ón bpointe is ísle den duilliúr, a shocraítear ag 0,40 méadar os cionn na talún ar a laghad, go dtí an pointe is airde den cheannbhrat, a shocraítear ag 0,20 méadar os cionn airde na sreinge treilísithe is airde ar a laghad. I gcás dáileachtaí fíonghoirt ina bhfuil an dlús plandaithe 3 300 ar a laghad ach níos lú ná 4 000 planda in aghaidh an heicteáir, beidh feidhm ag na rialacha treilísithe seo a leanas: is ionann íosairde na gcuaillí treilíse os cionn na talún agus 1,90 méadar; tá ceithre leibhéal sreanga treilísithe ann; is ionann íosairde na sreinge is airde agus 1,85 méadar os cionn na talún.
- Fíonghoirt atá suite laistigh de limistéar geografach shonrúcháin tionscnaimh chláráithe “Touraine” agus “Cheverny”: Tá airde an duilliúir ar an treilís 0,6 méid an spásála idir na rónna ar a laghad. Tomhaistear an airde ón bpointe is ísle den duilliúr, a shocraítear ag 0,30 méadar os cionn na talún ar a laghad, go dtí an pointe is airde den cheannbhrat, a shocraítear ag 0,20 méadar os cionn airde na sreinge treilísithe is airde ar a laghad.

## 4. *Rialacha prúnála*

### Modh fáis

Prúnáiltear na fíniúnacha trí úsáid a bhaint as an modh prúnála cána, prúnála spoir nó prúnála measctha.

Chenin B, Grolleau N, Grolleau Gris G, Orbois B agus Pineau d’Aunis N: Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 12 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda ann. Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil sa chaoi go mbeidh 4 bhachlóg bhreise in aghaidh an phlanda ann, ar choinníoll nach mó ná 12 an líon craobh in aghaidh an phlanda ar a dtiocfaidh torthaí sa bhliain, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog (bachlóga aonair).

Cabernet Franc N, Cabernet Sauvignon N, Chardonnay B agus Pinot Noir N: Déantar na fíniúnacha a phrúnáil agus 14 bhachlóg ar a mhéad in aghaidh an phlanda ann. Féadfar na fíniúnacha a phrúnáil sa chaoi go mbeidh 4 bhachlóg bhreise ann in aghaidh an phlanda, ar choinníoll nach mó ná 14 an líon craobh in aghaidh an phlanda ar a dtiocfaidh torthaí sa bhliain, ag an gcéim fheineolaíoch a chomhfhreagraíonn do 11 nó 12 dhuilleog (bachlóga aonair).

## 5. *Uisciú*

### Modh fáis

Toirmiscear uisciú.

## 6. *Saothrú*

### Modh fáis

Déantar na fíonta as fíonchaora a bhuanantar de láimh. Toirmeasctar úsáid a bhaint as buainteoirí fíonchaor.

Iompraítear na fíonchaora i gcoimeádáin neamhshéailithe. Ní fhéadfaidh tomhas na gcoimeádán a bheith níos mó ná 1,20 × 1,20 m, ná airde na bhfíonchaor a bheith níos mó ná 0,40 m. Ní fhéadfaidh an tréimhse ama idir buaint na bhfíonchaor agus a bhfáscadh a bheith níos mó ná 24 huairé an chloig.

7.

Cleachtas sonrath fíoneolaíochta

- (a) Tar éis saibhriú, níl neart alcóil iomlán na bhfionta bunúsacha níos mó ná 11,6 % de réir toirte. Ní mór gan neart alcóil iomlán is mó ná 13 % de réir toirte a bheith ag na fionta i ndiaidh an choipthe thánaistigh agus sula gcuirtear an licéar dáileogachta leo sa chás gur saibhriodh an t-úrthíon.
- (b) I dteanna leis an bhforáil thuas, ní mór do na cleachtais fíoneolaíochta a bhaineann leis na fionta sin na ceanglais a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa Chód Tuaithe agus Iascaireachta Muirí a chomhlíonadh.
- (c) Ní mór do na saoráidí fáscaidh a bheith i gcomhlíontacht leis na critéir a bhaineann le glacadh na bhfionchaor, fásceáin, oibríochtaí fáscaidh, lódáil fásceán, scaradh na súnna agus sláinteachas, mar a leagtar síos sa tsonraíocht.

Cuirtear na fionchaora isteach san fhásceán gan iad a ghearradh. Déantar na fionta bunúsacha laistigh de theorainn 100 lítir d'úrthíon in aghaidh 150 cileagram d'fhionchaora a úsáidtear.

## 5.2. *Uastáirgeacht*

1.

80 heictilítear in aghaidh an heicteáir

## 6. *Limistéar geografach críochaithe*

Tarlaíonn gach céim den táirgeadh sa limistéar geografach ina n-áirítear na bardais seo a leanas, ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021:

- Roinn Deux-Sèvres: Brion-près-Thouet, Loretz-d'Argenton, Louzy, Plaine-et-Vallées (críoch bhardas tarmiligthe Oiron amháin), Saint-Cyr-la-Lande, Sainte-Verge, Saint-Martin-de-Mâcon, Saint-Martin-de-Sanzay, Thouars (críoch bhardais tharmiligthe Mauzé-Thouarsais agus Sainte-Radegonde agus iarbhardas Thouars amháin), Tourtenay, Val en Vignes (críoch bhardais tharmiligthe Bouillé-Saint-Paul, Cersay agus Saint-Pierre-à-Champ amháin);
- Roinn Indre-et-Loire: Amboise, Anché, Artannes-sur-Indre, Athée-sur-Cher, Avoine, Avon-les-Roches, Azay-le-Rideau, Azay-sur-Cher, Beaumont-en-Véron, Benais, Bléré, Bossay-sur-Claise, Bourgueil, Brizay, Candes-Saint-Martin, Cangey, Chambray-lès-Tours, Chançay, Chanceaux-sur-Choisille, La Chapelle-sur-Loire, Chargé, Cheillé, Chemillé-sur-Indrois, Chenonceaux, Chinon, Chisseaux, Chouzé-sur-Loire, Cinais, Cinq-Mars-la-Pile, Civray-de-Touraine, Coteaux-sur-Loire, Couziers, Cravant-les-Côteaux, La Croix-en-Touraine, Crouzilles, Dierre, Draché, Epeigné-les-Bois, Esvres, Fondettes, Francueil, Genillé, Huismes, L'Île-Bouchard, Joué-lès-Tours, Langeais (críoch bhardas tarmiligthe Langeais amháin), Larçay, Lémeré, Lerné, Lignéres-de-Touraine, Ligré, Limeray, Lussault-sur-Loire, Luynes, Luzillé, Marçay, Montlouis-sur-Loire, Montreuil-en-Touraine, Mosnes, Nazelles-Négron, Neuillé-le-Lierre, Noizay, Panzoult, Parçay-Meslay, Pocé-sur-Cisse, Pont-de-Ruan, Razines, Restigné, Reugny, Rigny-Ussé, Rivarennes, Rivière, La Roche-Clermault, Rochecorbon, Saché, Saint-Avertin, Saint-Benoît-la-Forêt, Sainte-Maure-de-Touraine, Saint-Etienne-de-Chigny, Saint-Germain-sur-Vienne, Saint-Martin-le-Beau, Saint-Nicolas-de-Bourgueil, Saint-Ouen-les-Vignes, Saint-Règle, Savigny-en-Véron, Savonnières, Sazilly, Seuilly, Souvigny-de-Touraine, Tavant, Theneuil, Thilouze, Thizay, Tours, Vallères, Véretz, Vernou-sur-Brenne, Villaines-les-Rochers, Vouvray;
- Roinn Loir-et-Cher: Angé, Blois, Candé-sur-Beuvron, Cellettes, Chailles, Châteauneuf, Châtillon-sur-Cher, Chaumont-sur-Loire, Chémery, Cheverny, Chissay-en-Touraine, Chitenay, Choussy, Le Controis-en-Sologne, Cormeray, Couddes, Couffy, Cour-Cheverny, Faverolles-sur-Cher, Fresnes, Huisseau-sur-Cosson, Mareuil-sur-Cher, Maslives, Méhers, Mesland, Meusnes, Monteaux, Monthou-sur-Bièvre, Monthou-sur-Cher, Les Montils, Montlivault, Mont-près-Chambord, Montrichard Val de Cher, Muides-sur-Loire, Noyers-sur-Cher, Oisly, Pontlevoy, Pouillé, Rilly-sur-Loire, Saint-Aignan, Saint-Claude-de-Diray, Saint-Dyé-sur-Loire, Saint-Georges-sur-Cher, Saint-Julien-de-Chédon, Saint-Laurent-Nouan, Saint-Romain-sur-Cher, Sambin, Sassay, Seigy, Seul, Soings-en-Sologne, Thésée, Tour-en-Sologne, Valaire, Valencisse (críoch bhardais tharmiligthe Chambon-sur-Cisse agus Molineuil amháin), Vallières-les-Grandes, Valloire-sur-Cisse (críoch bhardas tarmiligthe Chouzy-sur-Cisse amháin), Veuzain-sur-Loire (críoch bhardas tarmiligthe Onzain amháin) agus Vineuil;

- Roinn Maine-et-Loire: Allonnes, Angers, Antoigné, Artannes-sur-Thouet, Aubigné-sur-Layon, Beaulieu-sur-Layon, Bellevigne-en-Layon, Bellevigne-les-Châteaux, Blaison-Saint-Sulpice, Bouchemaine, Brain-sur-Allonnes, Brissac Loire Aubance (críoch bhardais tharmligthe Alleuds, Brissac-Quincé, Charcé-Saint-Ellier-sur-Aubance, Chemellier, Coutures, Luigné, Saint-Rémy-la-Varenne, Saint-Saturnin-sur-Loire agus Vauchrétien amháin), Brossay, Cernusson, Chalonnes-sur-Loire, Champocé-sur-Loire, Chauffonds-sur-Layon, Chemillé-en-Anjou (críoch bhardais tharmligthe Chanzeaux, La Jumellière agus Valanjou amháin), Cizay-la-Madeleine, Cléré-sur-Layon, Le Coudray-Macouard, Courchamps, Denée, Dénezé-sous-Doué, Distré, Doué-en-Anjou, Épieds, Fontevraud-l'Abbaye, Les Garennes sur Loire, Gennes-Val-de-Loire (críoch bhardais tharmligthe Chênehutte-Trêves-Cunault, Gennes, Grézillé, Saint-Georges-des-Sept-Voies agus Le Thoueil amháin), Huillé-Lézigné (críoch bhardas tarmligthe Huillé amháin), Ingrandes-Le Fresne sur Loire (críoch iarbhardas Ingrandes amháin), Jarzé Villages (críoch bhardas tarmligthe Lué-en-Baugeois amháin), Louresse-Rochemenier, Lys-Haut-Layon, Mauges-sur-Loire (críoch bhardais tharmligthe La Chapelle-Saint-Florent, Le Mesnil-en-Vallée, Montjean-sur-Loire, La Pommeraye, Saint-Florent-le-Vieil, Saint-Laurent-de-la-Plaine agus Saint-Laurent-du-Mottay amháin), Mazé-Milon (críoch bhardas tarmligthe Fontaine-Milon amháin), Montilliers, Montreuil-Bellay, Montsoreau, Mozé-sur-Louet, Mûrs-Erigné, Orée d'Anjou (críoch bhardais tharmligthe Bouzillé, Champtoceaux, Drain, Landemont, Liré agus La Varenne amháin), Parnay, Passavant-sur-Layon, La Possonnière, Le Puy-Notre-Dame, Rives-de-Loir-en-Anjou (críoch bhardas tarmligthe Villevêque amháin), Rochefort-sur-Loire, Rou-Marson, Sainte-Gemmes-sur-Loire, Saint-Georges-sur-Loire, Saint-Germain-des-Prés, Saint-Just-sur-Dive, Saint-Macaire-du-Bois, Saint-Melaine-sur-Aubance, Saumur, Savennières, Soullaines-sur-Aubance, Souzay-Champigny, Terranjou, Tuffalun, Turquant, Les Ulmes, Val-du-Layon, Varennes-sur-Loire, Varrains, Vaudelnay;
- Roinn Vienne: Berrie, Curçay-sur-Dive, Glénouze, Pouançay, Ranton, Saint-Léger-de-Montbrillais, Saix, Ternay, Les Trois-Moutiers.

Is féidir breathnú ar léarscáileanna a thaispeánann an limistéar geografach ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta.

## 7. Cineál/cineálacha fíniúna

Cabernet Franc N

Cabernet-Sauvignon N

CHARDONNAY B

Chenin B

Grolleau N

Grolleau Gris G

Orbois B

Pineau d'Aunis N

Pinot Noir N

## 8. Tuairisc ar an nasc (na naisc)

### 8.1.

#### (a) *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Cuimsíonn an limistéar geografach ardchlár droimneach a chomhfhreagraíonn go geolaíoch le foirmíochtaí príomhúla bhunchnoc na Masaífe Armarcaí; cuimsítear leis freisin na foirmíochtaí níos déanaí ón ré thánaisteach agus, oiread is lú, ón ré threasach, ar chiumhais thiar theas imchuach Pháras. Ritheann an limistéar feadh Abhainn Loire agus a craobh-aibhneacha, an Vienne, an Indre agus an Cher, ar feadh thart ar 200 ciliméadar. In 2021 cuimsíodh leis sin 246 bhardas, a bhfuil cáil ar chuid acu as a châteaux.

Maidir leis na dáileachtaí atá críocheithe le haghaidh bhuint na bhfionchaor, tá ithreacha slinntiúla nó créula-slinntiúla acu sa chuid thiar agus ithreacha cré-aolchloiche (Ceineamánach, Turónach, Seanónach agus Eoicéineach) sa chuid thoir. Is saintréith de chuid na n-ithreacha uile go mbíonn cúltaisí uisce úsáideacha measartha acu agus deacmhainn draenála.



Téann an tsraith is tábhachtaí chomh fada siar leis an gcéim Thurónach, nuair a cruthaíodh cloch tuffeau. Rinneadh mianadóireacht ar an gcloch sin i líon ollmhór cairéal agus baineadh úsáid aisti chun châteaux an Loire a thógáil agus, ar dhóigh níos ginearálta, in ailtireacht an réigiúin ar fad, rud a d'fhág uaimheanna as cuimse ina dhiaidh. Tháinig siléir as na cairéil, lena dteocht agus a mbogthaise sheasmhach, dírithe ar fhás muisiriúin agus stóráil fiona.

Tá an aeráid aigéanach, ach tá roinnt miondifríochtaí inti. Tá tionchar ilchríochach ag an roinn thoir, a chomhfhreagraíonn do limistéar fionsaothrúcháin Sologne, a bhfuil frasaíocht bhliantúil iomlán ann idir 550 agus 650 milliméadar, méid atá beagán níos mó ná an méid a bhíonn sa chuid eile den limistéar geografach. Is san iarthar a bhfuil an tionchar is láidre ag an aigéin, agus bíonn na teochtaí measartha, na geimhrí cineálta agus ní bhíonn na samhraí róthe. Os a choinne sin, i dtreo an oirthir, méadaíonn an raon teochta de ghnáth. Sa chomhthéacs ginearálta sin, feidhmíonn an líonra abhann a dhéanann an Loire agus a craobh-aibhneacha mar rialtán teirmeach.

(b) *Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha maidir leis an nasc geografach*

Tá an stair a bhaineann le fionsaothrú sa limistéar réasúnta sean, ós rud é go bhfuil sé nasctha le forbairt roinnt mainistreacha agus abhithithe seanbhunaithe sa réigiún. Sa 6ú haois, thug Naomh Gréagóir de Tours tuarascáil, ina shaothar “Stair na bhFranc”, ar an gcultúr cuimsitheach maidir le saothrú fíniúnacha sa limistéar agus úsáid “traquettes” chun an ruaig a chur ar na héin le linn na tréimhse aibithhe. Tháinig méadú mór ar an bhfionsaothrú go gasta sa 17ú agus 18ú céad, de bharr trádáil a d'fhorbairt an Ísiltír. Ós rud é go raibh cabhlach mór acu, bhain siad úsáid as an Loire chun soláthairtí a aimsiú, go háirithe maidir le fionta geala, ó Les Ponts-de-Cé, Saumur agus Vouvray, rud a chuir fás ar mhargadh na bhfionta ar ardchaighdeán i leith “fionta don fharraige”.

Tosaíodh ar fhionta súilíneacha a tháirgeadh i dtús an 19ú haois, nuair a fuarthas amach go raibh saintréithe fhionta Saumur, a tháirgtear ó chineál Chenin B, oiriúnach don choipeadh tánaisteach. Go luath ina dhiaidh sin, agus é ar an eolas faoin gcáilíocht ar leith sin agus a chomhchosúlacht le fionta “Champagne”, a bhain stangadh as, thosaigh Jean-Baptiste Ackerman ag táirgeadh fionta súilíneacha in 1811 ag úsáid an mhodha thraidisiúnta. In 1838 bhí an méid seo a leanas le rá ag coiste a raibh sé de chúram air athbhreithniú a dhéanamh ar na táirgí a chuir i láthair ag an aonach trádála in Angers: “Tá na fionta foirfe ina ngile agus a ngléine; tá a gcúr bán bríomhar súilíneach ... Léiríonn siad gur féidir fionta a tháirgeadh inár réigiún atá inchoimparáide le fionta Champagne.”

I dtréimhse ba ghiorra ná céad bliain, agus na torthaí tosaigh sin ina spreagadh dóibh, b'iomáí fiontraí a ghlac comhairle an choiste agus a bhunaigh mórfhíonlanna an réigiúin: “Veuve Amiot”, “Bouvet-Ladubay”, “Langlois-Château” agus “Monmousseau”. Na huaimheanna a cruthaíodh de thoradh mhianadóireacht tuffeau, ba iad na suíomhanna ba rogha acu chun fionta súilíneacha a tháirgeadh. Tochlaíodh tolláin chun buidéal stóráil agus chuige sin amháin, fiú. Sa tréimhse 1845-1875, tháinig deiseanna nua gnó chun cinn do tháirgeoirí fionta súilíneacha a bhuí leis an ardú ar chaighdeán mhaireachtála sa Fhrainc chomh maith le méadú na n-iarnród. In 1874, seoladh 4 mhíliúin buidéal ar fud na hEorpa, agus ansin sa 20ú haois tháinig méadú mór ar chlu agus ar cháil fhionta súilíneacha Ghleann an Loire.

Aithníodh sonrúcháin tionscnaimh cláraithe “Crémant de Loire” le foraithe an 17 Deireadh Fómhair 1975. Bhí a fhios ag tairgeoirí le fada faoin tábhacht a bhaineann leis an amhábhair i dtáirgeadh na bhfionta súilíneacha a urramú. Léirítear leis na rialacha táirgthe a leagadh síos san fhoraithe sin a dtiomantas do bhuint a dhéanamh de láimh, fionchaora iomlána a chur isteach san fháisceán, na fionchaora a fháscadh go séimh agus iad a stóráil ar feadh tréimhse fhada “ar rácaí”.

Ba é 13 mhíliúin buidéal an táirgeacht bhliantúil in 2009.

## 8.2.

### 2. *Faisnéis maidir le cáilíocht agus saintréithe an táirge*

Is fion súilíneach é “Crémant de Loire” a bhíonn geal de ghnáth agus rosé uaireanta. Tá broidearnach chothrom san fhíon agus línte de bhoilgeoga míne fineálta seasta ann. Tá dea-bholaithe bláthanna bána measctha le mionbhlasanna torthaíochacha amháil péitseog nó aibreog le mothú go minic air. Tá blas fineálta binn air, agus blas air a bhfuil meascán deas ann d'úire agus milseacht.

### 3. *Idirghníomhaíochtaí cúisíoch*

Tá an limistéar fionsaothrúcháin beagnach chomh fada le 200 ciliméadar ar feadh líonra na n-uiscebhealaí i nDúiche an Loire, rud a chuir le forbairt fionsaothrúcháin sa réigiún sin. Chuir na hathruithe méisea-aeráide laistigh den limistéar geografach, chomh maith leis an éagsúlacht i ndálaí ithreach, ar a gcumas do tháirgeoirí na cineálacha fionchaor a raibh na saintréithe ab oiriúnaí acu a thabhairt isteach. Is buntáiste suntasach í an éagsúlacht i ndálaí fionsaothrúcháin i dtéarmaí na meascán a úsáidtear le haghaidh na cuvées.

De bharr a oiriúnaí atá fionta a dhéantar as cineál Chenin B don choipeadh tánaisteach, chrom táirgeoirí, go háirithe táirgeoirí i Saumur agus Vouvray, ar mháistreacht a fháil ar an gcleachtas chun coipeadh tánaisteach sa bhuidéal a bhaint amach. Ag cur leis an rath seo agus a fhios acu go raibh táirge an-aitheanta á chruthú acu, d'fhorbair siad teicnící chun cáilíocht den scoth a áirithiú. Na siléir a gearradh amach as an tuffeau, spreag siad forbairtí i dtáirgeadh na bhfionta sin, ina bhfuil gá le limistéir mhóra stórála agus láimhseála ag teocht áirithe.

Tá na dálaí táirgthe a bhaineann leis an mbuaint, go háirithe le hiompar na buainte, ceaptha a áirithiú nach ndéanfar aon dochar do na fionchaora roimh an gcéim fáscaidh agus go mbeidh a n-ocsaídiú teoranta. Áirítear leis na fionchaora a fháisceadh, i dtimpeallacht slachtmhar le trealamh oiriúnach, agus i gcomhréir leis na rialacha lena sainmhínítear cóimheas beacht idir meáchan na bhfionchaor a úsáideadh agus toirt na húrghíona a bhaineadh, cáilíocht agus soiléireacht na súnna a fhaightear. De thairbhe taithí a fuair siad i gcaitheamh na gcéadta blianta, tá máistreacht ag táirgeoirí na bhfionchaor súilíneach anois ar na cuvées acu a mheascadh. Le tréimhse fhada de tabhairt chun cineáil is féidir leis an bhfion a saintréithe cumhra, a gcastacht agus a bhfíneáltacht a fhorbairt.

Dúirt déantóir fiona ó Anjou sna 1980idí go raibh “Crémant de Loire” ann mar thoradh ar theicnící nua-aimseartha a úsáidtear chun an traidisiúin a chur chun cinn ar shlí níos fearr. Is ceann de na príomhfhíonta anois é an fion súilíneach seo, geal nó rosé, anois i nGleann an Loire; díoltar ar an margadh sa Fhrainc é agus déantar é a onnmhairiú, agus tá a chlú ag fás go leanúnach.

## 9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Méid litreacha téarmaí roghnacha, a bhféadfaidh a n-úsáid a bheith rialaithe ag na mBallstáit faoi rialacha an Aontais, ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrían de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe.

Is féidir an t-ainm geografach “Val de Loire” [Gleann an Loire] a chur i ndiaidh ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe. Méid na litreacha a úsáidtear i gcás an ainm gheografaigh sin, ní fhéadfaidh siad a bheith níos mó, ar airde ná ar leithead, ná dhá thrían mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe.

Ní mór ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláráithe a mharcáil ar an gcorc, ar an gcuid laistigh de scóig an bhuidéil.

I gcás fionta lena ngabhann an sonrúchán tionscnaimh cláráithe, féadfar aonad geografach níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid a leanas:

— is suíomh cláráithe é;

— bíonn sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Na litreacha a úsáidfead chun ainm na háite a phriontáil, ní bheidh siad níos mó ná leath de mhéid na litreacha lena gcruthaítear ainm an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint, ó thaobh airde ná leithid de.

Pacáistiú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise

Pacáistiú sa limistéar críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Táirgtear na fionta trí choipeadh tánaisteach i mbuidéil ghloine.

Ní fhéadfar buidéalú i mbuidéil ghloine, ina dtarlaíonn an coipeadh tánaisteach, a dhéanamh ach amháin ón 1 Nollaig i ndiaidh na buainte.

Ní mór fionta arna mbuidéalú ar an moirt a stóráil go ceann 9 mí ar a laghad.

Déantar agus díoltar na fionta sna buidéil ina ndéantar an coipeadh tánaisteach, cé is moite d'fhionta a dhíoltar i mbuidéil de thoirt 37,5 cl nó níos lú nó de thoirt 150 cl nó níos mó.

Cuirtear na fionta ar an margadh don tomhaltóir tar éis ar a laghad tréimhse íosta aosaithe de 12 mhí ón ndáta buidéalaithe.

### **Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

[https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document\\_administratif-fbd01859-710c-4b01-bc35-12c58579e127](https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-fbd01859-710c-4b01-bc35-12c58579e127)

---

**Foilsíú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhorpheas, ar leasú é ar shonraíocht táirge atá ann le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(2023/C 49/15)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún <sup>(1)</sup>.

**FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL**

**“Côtes du Jura”**

**PDO-FR-A0155-AM01**

**Dáta teachtaireachta: 10.11.2022**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

**1. Limistéar geografach**

I bpointe 1 de Roinn IV de Chaibidil I den tsonraíocht táirge, cuireadh na focail “déantar” in ionad na bhfocal “cuirtear i gcrích” agus cuireadh na focail “ar bhonn Chód Geografach Oifigiúil 2021” isteach i ndiaidh “Jura”.

Leis an leasú eagarthóireachta sin, is féidir an limistéar geografach a aithint le tagairt do leagan 2021 den Chód Geografach Oifigiúil, a choinníonn an Institiúid Náisiúnta Staidrimh agus Staidéar Eacnamaíoch (INSEE) cothrom le dáta agus a thugann deimhneacht dhlíthiúil don sainiú ar an limistéar geografach.

Tugadh liosta na gceantar atá sa limistéar geografach agus a n-ainmneacha cothrom le dáta gan aon athrú do theorainn an limistéir gheografaigh i gcomhréir leis na hathruithe riaracháin a rinneadh ar an gCód Geografach Oifigiúil.

Leasaíodh pointe 6 den doiciméad aonair.

Cuireadh abairt freisin le pointe 1 de Roinn IV ina mínítear go bhfuil léarscáileanna a chumhdaíonn an limistéar geografach le fáil ar shuíomh gréasáin INAO.

**2. Limistéar díreach in aice láimhe**

I bpointe 3 de Roinn IV de Chaibidil I den tsonraíocht, cuireadh na focail “bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2021” isteach i ndiaidh “na ceantar seo a leanas”.

Leis an leasú eagarthóireachta seo is féidir an limistéar atá díreach in aice láimhe a shaináithint le tagairt do leagan 2021 den Chód Geografach Oifigiúil, arna fhoilsiú ag INSEE.

Leis an tagairt seo tugtar deimhneacht dhlíthiúil don sainmhíniú ar an limistéar atá díreach i ngaireacht dó.

Rinneadh liosta na gceantar lena ndéantar an ceantar atá díreach in aice láimhe, lena n-áirítear a n-ainmneacha, a thabhairt cothrom le dáta, gan athrú a dhéanamh ar an teorainn, chun na hathruithe riaracháin a rinneadh a chur san áireamh.

Leasaíodh an roinn “Coinníollacha breise” den doiciméad aonair.

<sup>(1)</sup> IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

### 3. Cineálacha fíniúna

Faoi phointe 1 de Roinn V de Chaibidil I den tsonraíocht, cuireadh na cineálacha Aligoté B, Chenin B, Enfariné B, Gringet B, Marsanne B, Roussane B, Sacy B, Béclan N, Franc Noir de Haute-Saône N agus Gamay N, a mheastar gur díol spéise iad ar chúiseanna a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide, leis an liosta de chineálacha atá údaraithe chun na fionta seo a leanas a tháirgeadh:

- Fionta geala socra: Aligoté B, Chenin B, Enfariné N, Gringet B, Marsanne B, Roussane B agus Sacy B;
- Fionta dearga socra agus fionta rosé socra: Béclan N, Enfariné N, Franc Noir de Haute-Saône N agus Gamay N;
- Fionta socra ar féidir iad a lipéadú mar *vin jaune* [fíon buí]: Enfariné N agus Gringet B.

Chinn coiste inniúil náisiúnta na hInstitiúide Náisiúnta um Thionscnamh agus Cáilíocht (INAO) an rogha a údarú, maidir le sonrúcháin a chuireann iarratas isteach, cineálacha leasa a thabhairt isteach chun oiriúnú don athrú aeráide nó d'ionchais shochoíocha maidir le táirgí cosanta barr a úsáid.

Is féidir leis na cineálacha fíonchaor sin, a thagann i bpáirt ó réigiún Jura, a bheith ina sócmhainn i gcomhthéacs an téimh dhomhanda. Tá cuid díobh déanach chun aibiú agus ligtear leo chun oiriúnú don riosca seaca, agus soláthraíonn cineálacha eile aigéadacht agus dá bhrí sin táirgtear fionta níos cothroime leo. Tá na cineálacha sin chomh frithsheasmhach ar a laghad in aghaidh galair agus atá na cineálacha atá údaraithe cheana féin faoin ainmniú. Tá sé i gceist freisin na cineálacha sin a thabhairt isteach chun cur le saintréithe na bhfionta a chumhdaítear faoin ainmniú.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

### 4. Rialacha maidir le codanna plandála

I bpointe 2 de Roinn V de Chaibidil I den tsonraíocht, cuireadh foráil isteach lena sonraítear go bhfuil an chuid de chineálacha leasa chun críocha an oiriúnaithe teoranta do 5 % de chineálacha fíonchaor an ghabháiltais, a bhfuil feidhm aige sin maidir le gach dáileacht a tháirgeann fíon STFC.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

### 5. Rialacha prúnála

I bpointe 1(b) de Roinn VI de Chaibidil I den tsonraíocht, leasaíodh na forálacha maidir le prúnáil fíniúnacha chun na cineálacha leasa chun críocha oiriúnaithe a chur san áireamh.

Leasaíodh an roinn “Cleachtas fíoneolaíochta shonracha” den doiciméad aonair.

### 6. Rialacha ginearálta maidir le saothrú fíniúna

Le pointe 1(f) de Roinn VI de Chaibidil I den tsonraíocht, déantar méid an leasacháin nítrigine mianraí a theorannú go 40 aonad in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana chun tionchar na bhfíonghort ar an gcomhshaol a theorannú.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

### 7. Cleachtas eile a bhaineann le barra

Ceanglaítear le pointe 2 de Roinn VI de Chaibidil I den tsonraíocht go mbainistefar an fásra ar dháileachtaí le fána os cionn 15 %, cibé acu a cuireadh nó a fhéinsílíodh iad, ar mhodhanna meicniúla nó fisiceacha ar gach dara sraith ar a laghad, ionas go gcaomhnófar saintréithe fisiceacha agus bitheolaíocha an chomhshaoil. Cuirtear an fhoráil sin in ionad an tsriain ar fhad na sraitheanna le haghaidh dáileachtaí le fána os cionn 15 %.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

## 8. Buaint

I bpointe 1(a) de Roinn VII de Chaibidil I den tsonraíocht, scriosadh an fhoráil maidir leis an dáta a shocrú chun tús a chur leis an mbuaint. Scriosadh an fhoráil sin toisc go dtugtar le fios sa tsonraíocht íosmhéid siúcra na bhfionchaora tráth na buainte, rud a chuireann ar chumas táirgeoirí buaint ag an am ceart i gcomhthéacs dálaí aimsire áirithe na bliana sin agus a súimh gheografaigh.

Ní bhaineann an leasú seo leis an doiciméad aonair.

## 9. Táirgeachtaí

Faoi phointe 2(a) de Roinn VIII de Chaibidil I den tsonraíocht, méadaíodh an uastáirgeacht le haghaidh fionta geala socra ó 72 go 78 hl/ha. Leis an leasú sin, beidh saothróirí fiona in ann tairbhe a bhaint as blianta ina bhfuil an bhuint go maith, ós rud é go bhfuil an mheántáirgeacht fhoriomlán ag laghdú.

Leasaíodh an roinn “Uastáirgeacht” den doiciméad aonair.

## 10. Meascáin de chineálacha fionchaoire

Luaitear i bpointe 1(a) de Roinn IX de Chaibidil I nach bhféadfaidh cineálacha leasa chun críche an oiriúnaithe a bheith, le chéile nó ar leithligh, mar níos mó ná 10 % de mheascán deiridh na bhfionta.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

## 11. Scaipeadh idir trádstórais údaraithe

Scriosadh pointe 5(b) de Roinn IX de Chaibidil I den tsonraíocht, maidir leis an dáta ónar féidir na fionta a iompar idir stórais údaraithe.

Chun go bhféadfar fion a aistriú go luath, go háirithe chuig trádálaithe, scriosadh an dáta ónar féidir fionta a aistriú idir stórais údaraithe.

Leasaíodh teideal phointe 5 de Roinn IX trí na focail “iompar táirgí agus” a bhaint.

Scriosadh teideal phointe 5(a) de Roinn IX.

Ní dhéanfaidh na leasuithe seo difear don doiciméad aonair.

## 12. Nasc leis an limistéar geografach

I bpointe 3 de Roinn X de Chaibidil I den tsonraíocht, scriosadh na focail “fad teoranta na rónna” anois. Tá an leasú sin i gcomhréir leis an leasú ar phointe 2 “Cleachtais saothraithe eile” i Roinn VI de Chaibidil I den tsonraíocht.

Leasaíodh an roinn “Nasc leis an limistéar geografach” den doiciméad aonair.

## 13. Ceanglais maidir le dearbhú

I bpointe 2 de Roinn I de Chaibidil II den tsonraíocht, leasaíodh dáta deiridh an dearbhaithe éilimh chun go mbeidh sé i gcomhthráth leis an sprioc-am don dearbhú buainte.

Ní dhéanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

## 14. Na príomhphointí atá le seiceáil agus modhanna meastóireachta

I Roinn I de Chaibidil III den tsonraíocht, leasaíodh tábla na bpríomhphointí atá le seiceáil chun na rialacha nua maidir le dréachtú a chur san áireamh.

Ní dhéanfaidh na leasuithe seo difear don doiciméad aonair.

### 15. Tagairt don chomhlacht cigireachta

I Roinn II de Chaibidil III den tsonraíocht, tugadh seoladh an chomhlachta cigireachta dá dtagraítear sa chéad mhír cothrom le dáta.

Scríosadh an dara mír ina luaitear an comhlacht cigireachta chun na rialacha nua maidir le dréachtú don roinn seo de na sonraíochtaí a chomhlíonadh.

Leasaíodh an tríú mír agus scríosadh an ceathrú mír chun na rialacha nua maidir le dréachtú a léiriú.

Ní dhéanfaidh na leasuithe seo difear don doiciméad aonair.

#### DOICIMÉAD AONAIR

#### 1. Ainm(neacha)

Côtes du Jura

#### 2. Cineál táisc gheografaigh

STFC – Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

#### 3. Catagóirí na dtáirgí finiúna

1. Fíon

15. Fíon a dhéantar as fionchaora rísínithe

#### 4. Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fionnta

1. *Fíonta geala neamhcharbónáitithe*

##### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíon geal tirim is ea an príomhtháirge, arna tháirgeadh ó mheascán de na cineálacha Chardonnay B agus Savagnin B go príomha. Tá an bouquet bunaithe ar fho-thoin de mhianraí agus breochloch go ginearálta, le bolaithe torthaíocha, agus cuid mhaith úire. Bíonn neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte 10,5 % ag na fíonta geala agus, tar éis saibhríthe, níor cheart neart alcóil iomlán de réir toirte níos mó ná 14 % a bheith acu. Ag céim an bhuidéalaithe agus tráth a chuirtear ar an margadh miondíola iad, bíonn cion siúcra choipigh (glúcós agus fruchtós) de 3 ghram in aghaidh an lítir nó níos lú ag na fíonta.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

##### Saintréithe anailíseacha ginearálta

Nearc alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Nearc alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachóibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

2. *Fíonta dearga socra agus fíonta rosé socra*

##### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is saintréith de na fíonta dearga agus rosé í an chlastacht aramatach iontach a bhaineann leo. Tugann an cineál Poulsard N, as a táirgtear na fíonta seo, dath éadrom an rúibín agus boladh torthaí do na fíonta. Leis an gcineál Pinot Noir N, bíonn an dath níos dorcha agus cuireann an chumhracht torthaí dearga i gcuimhne. Maidir leis an gcineál "Trousseau N", bíonn níos mó tainníní sna fíonta a dhéantar as, uaireanta bíonn an dath ar na fíonta níos déine agus boladh de

bholaithe ainmhithe orthu go minic. De réir mar a aibíonn na fionta dearga (nó rosé), is minic a fhorbraíonn an chumhracht ina nótaí de chasarnach, húmas agus beacán. Tá neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte de 10 % ag na fionta dearga agus rosé. Tar éis an tsaibhrithe, níor cheart neart alcóil iomlán na bhfionta de réir toirte a bheith níos mó ná 13,5 %. Ag céim an bhuidéalaithe agus tráth a chuirtear ar an margadh miondíola iad, bíonn cion aigéid mhalaigh de 0,4 gram in aghaidh an lítir nó níos lú ag na fionta dearga. Ag céim an bhuidéalaithe agus tráth a chuirtear ar an margadh miondíola iad, bíonn cion siúcra choipigh (glúcós agus fruchtós) de 3 ghrain in aghaidh an lítir nó níos lú ag na fionta.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

### 3. Fionta a dtugtar tuairisc orthu go traidisiúnta mar vin de paille [fíon tuí]

#### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is fíon milis é fíon ar a bhfuil an téarma *vin de paille*, nó fíon tuí, a fhorbraíonn bolaithe de thorthaí milse, atá cosúil le prúnaí nó oráiste milis, nó mil. Athraíonn cumhracht agus blasanna an fhíona seo, ní hamháin de réir a dtionscnaimh ach freisin ag brath ar na cineálacha fionchaoire óna dtáirgtear é agus ar shaineolas an táirgeora nó an mháistirfíoncheannaí ábhartha. Bíonn neart íosta alcóil iarbhír de réir toirte 14 % agus neart alcóil iomlán de réir toirte nach lú ná 19 % ag fionta a bhfuil an téarma traidisiúnta *vin de paille* acu. Ag céim an bhuidéalaithe agus tráth a chuirtear ar an margadh miondíola iad, bíonn cion aigéadachta so-ghalaithe níos lú ná 25 mhilleachoibhéis in aghaidh an lítir ag fionta *vin de paille*.

Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir)	

### 4. Fionta a dtugtar tuairisc orthu go traidisiúnta mar vin jaune [fíon buí]

#### TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is é an “blas buí” neamh-inchomparáide agus casta, an meascán aramatach de gallchnónna, úlla, torthaí milse agus spíosraí, agus a dhath donn órga dhian, na saintréithe is mó atá i gceist le fíon ar a bhfuil an téarma *vin jaune*. Tá neart alcóil nádúrtha íosta de réir toirte de 10,5 % ag fionta *Vin jaune*. Ag céim an bhuidéalaithe agus tráth a chuirtear ar an margadh miondíola iad, bíonn cion siúcra choipigh (glúcós agus fruchtós) de 3 ghrain in aghaidh an lítir nó níos lú ag na fionta.



Tá na saintréithe anailíseacha eile mar a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh iad.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (mar % den toirt)	
Neart alcóil iarbhír íosta (mar % den toirt)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfáir iomlán uasta (mar mhilleagram in aghaidh an lítir)	

## 5. Cleachtais fion oireachta

### 5.1. Cleachtais fhíon eolaíochá shonracha

1.

An modh saothraithe

Is é an dlús plandála íosta le haghaidh na bhfíniúnacha ná 5 000 planda in aghaidh an heicteáir, cé is moite d'fhíniúnacha a chuirtear ar léibhinn. I gcás fíniúnacha nach gcuirtear ar léibhinn, agus i gcás léibhinn a bhfuil níos lú ná dhá shraith fíniúnacha orthu, tá achar uasta de 2 m<sup>2</sup> ar fáil do gach planda. Déantar an t-achar sin a ríomh tríd an achar idir rónna agus an spásáil idir plandaí i ngach ró a iolrú. Níor cheart don fhad idir na sraitheanna d'fhíniúnacha a bheith níos mó ná 2 mhéadar.

- Ní cheadaítear ach prúnáil Guyot ar ghas amháin nó prúnáil dúbailte Guyot agus prúnáil mheasctha (atá treoraithe ina cordon de Royat);
- Le haghaidh na gcineálacha a leanas: Chardonnay B, Poulsard N, Savagnin B, Trousseau N, Aligoté B, Chenin B, Enfariné N, Gringet B, Marsanne B, Roussane B, Sacy B, Béclan N, Franc Noir de Haute-Saône N agus Gamay N, tá an líon bachlóg níos lú ná nó cothrom le 20 bachlóg in aghaidh na fíniúna agus 120 000 bachlóg in aghaidh an heicteáir. Agus iad prúnáilte go Guyot amháin nó Guyot dúbailte, is é 10 mbachlóg an líon uasta bachlóg ar an gcána, le huasmhéid de dhá spor le 2 bhachlógar ar gach ceann díobh.
- Maidir le cineál Pinot Noir N, tá an líon bachlóg níos lú ná nó cothrom le 80 000 bachlóg in aghaidh an heicteáir. Agus iad prúnáilte go Guyot amháin nó Guyot dúbailte, is é ocht mbachlóg an líon uasta bachlóg ar an gcána, le huasmhéid de dhá spor le 2 bhachlógar ar gach ceann díobh.
- Is as fíonchaora a bhuntar de láimh i mbaisceanna a dhéantar na fíonta atá incháilithe chun an téarma traidisiúnta *vin de paille* a bheith orthu.

2.

Cleachtas fíoneolaíochta sonrach

Ní fhéadfaidh an neart alcóil foriomlán de réir toirte tar éis an saibhríthe a bheith níos mó ná 13,5 % le haghaidh fíonta dearga agus fíonta rosé agus 14 % le haghaidh fíonta geala.

Toirmiscear an gualach fíoneolaíochta a úsáid agus fíonta rosé á ndéanamh, bíodh sé leis féin nó measctha in ullmhúcháin. Tá cosc ar sceallóga adhmaid chun na fíonta a thabhairt chun cineáil. Cheadaítear teicnící laghdúcháin ar úrfhíon le haghaidh fíonta dearga. Tá an ráta uasta maidir le tiúchan páirteach socraithe ag 10 %. Chomh maith leis na forálacha thuas, ní mór do na cleachtais fíoneolaíochta a ghlactar le haghaidh na bhfíonta na ceanglais a chomhlíonadh a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais agus leis an gCód Tuaithe agus Iascach.

### 5.2. Uastáirgeacht

1. Fíonta geala neamhcharbónáitithe

78 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. *Fionta dearga socra agus fionta rosé socra*

66 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. *Fionta a dtugtar tuairisc orthu go traidisiúnta mar vin de paille [fíon tuí]*

20 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Déantar na fionchaora a bhuaib agus déantar na fionta a tháirgeadh, a fhorbairt agus a aibiú sna ceantair seo a leanas de chuid roinn Jura, bunaithe ar Chód Geografach Oifigiúil 2021: Abergement-le-Grand, Abergement-le-Petit, Aiglepierre, Arbois, Arlay, Les Arsures, Augea, Aumont, Balanod, Baume-les-Messieurs, Beaufort-Orbagna, Bersaillin, Blois-sur-Seille, Brainans, Buvilly, Césancey, La Chailleuse (críoch iar-cheantair Saint-Laurent-la-Roche agus sin amháin), Champagne-sur-Loue, La Chapelle-sur-Furieuse, Château-Chalon, Chevreaux, Chille, Chilly-le-Vignoble, Conliège, Courbouzon, Cousance, Cramans, Cuisia, Darbonnay, Digna, Domblans, L'Etoile, Frébuans, Frontenay, Gevingey, Gizia, Grange-de-Vaivre, Grozon, Ladoye-sur-Seille, Lavigny, Lons-le-Saunier, Le Louverot, Macornay, Mantry, Marnoz, Mathenay, Maynal, Menétru-le-Vignoble, Mesnay, Messia-sur-Sorne, Miéry, Moiron, Molamboz, Monay, Montagna-le-Reconduit, Montaigu, Montain, Montholier, Montigny-lès-Arsures, Montmorot, Mouchard, Nevy-sur-Seille, Pagnoz, Pannessières, Passenans, Perrigny, Le Pin, Plainoiseau, Les Planches-près-Arbois, Poligny, Port-Lesney, Pretin, Pupillin, Quintigny, Revigny, Rotalier, Ruffey-sur-Seille, Saint-Amour, Saint-Cyr-Montmalin, Saint-Didier, Saint-Lamain, Saint-Lothain, Sainte-Agnès, Salins-les-Bains, Sellières, Toulouse-le-Château, Tourmont, Trenal (críoch iar-cheantair Trenal agus sin amháin), Les Trois-Châteaux, Vadans, Val-Sonnette (críoch iar-cheantair Grusse, Vercia agus Vincelles agus sin amháin), Vaux-sur-Poligny, Vernantois, Le Vernois, Villeneuve-sous-Pymont, Villette-lès-Arbois agus Voiteur.

Is féidir léarscáileanna den limistéar geografach a aimsiú ar shuíomh gréasáin (INAO).

7. **Cineál/cineálacha fionchaor**

CHARDONNAY B

Pinot Noir N

Poulsard N – Ploussard

Sauvignon Blanc B

Trousseau N

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Tuairisc ar na tosca nádúrtha is ábhartha don nasc*

Tá limistéar geografach an tsonrúcháin “Côtes du Jura” mar chuid de réigiún nádúrtha Revermont. Maidir lena chuid teorainneacha:

— ar an taobh thoir, roinneann sé teorainn leis an gcéad ardchlár aolchloiche den Jura, le meánairde de 550 méadar,

— ar an taobh thiar, roinneann sé teorainn le talamh cothrom, imeall thoir an machaire Bresse.

Tá fíonghoirt scaipthe ar feadh stráice talún atá 80 ciliméadar ar fhad agus idir 2 agus 5 chiliméadar ar leithead. Tá a n-aghaidh siar acu, den chuid is mó agus tá siad idir 300 agus 450 méadar ar airde.

Clúdaíonn na fíonghoirt slabhra casta cnoc a bhfuil treoshuíomh aduaidh ó dheas acu, agus foscadh acu ón talamh níos airde ar díol suntais sa tírdhreach é, agus é idir 50 go 100 méadar os cionn na ngleannta idir na cnoc. Tháinig an leagan amach sin chun cinn mar thoradh díreach ar fhorshá an Jura ag amach ar mhachaire Bresse nuair a forbraíodh na hAlpa:

- is foirmíocht ag a bhfuil taobh díreach é an talamh níos airde a chomhfhreagraíonn do chiumhais Phríomh-Ardchlár Jura. Ó thaobh na geolaíochta de, tá sé comhdhéanta de bhuncharraig aolchloiche chrua ó lár na tréimhse Iúrasaí os cionn shraith thiubh de mharlaí agus créanna ón tréimhse Thriasach agus ón tréimhse Liasach;
- tá na cnoic déanta de ruainní a bhris ón ardchlár agus a aistríodh chuig éadan na n-éasc forsháite. Síníonn siad ar feadh 2 nó 3 ciliméadar i dtreo thuaidh-theas go ginearálta, i gcomparáid le 0,5 go 1 chiliméadar i dtreo soir-siar. Ós rud é go bhfuil siad frithsheasmhach in aghaidh creimthe, tá na ruainní aolchloiche sin in ann leanúint orthu ag ardú ó thírdhreach an limistéir gheografaigh. Os a choinne sin, tá fo-ithir mharla ag na gleannta. Is ionann iad agus mais na sraithe tibhe marlaí, agus iad os cionn 200 méadar ar doimhneacht ag an mbonn, a bhí easáitithe agus a aistríodh thar mhachaire Bresse ina sciartha tráth an fhorsháite.

Clúdaíonn formhór na ndáileachtaí atá críocheaithe le haghaidh bhuaín na bhfionchaor an fhána láir agus íochtaí faoi bhun starradh coillteach an ardchláir, chomh maith le taobhanna na mbunchnoc atá níos oscailte agus a bhaineann leas as níos mó solais ghréine.

Tá aolchloch i ngach áit. Tá an charraig thréascaoilteach agus intuaslagtha seo thar a bheith tairbhiúil d'fhíniúna, go háirithe cineálacha Jura. Is meascán sách casta de mharlaí, créanna agus scileach aolchloiche atá san ithir ar an fánaí atá ag teacht ón ardchlár aolchloiche.

Baineann an limistéar geografach tairbhe as aeráid mhuirí fhionnuar, go leor báistí agus tionchair shuntasacha ilchríochacha. Ina measc seo tá raon leathan teochtaí bliantúla, le meán de 10,5 céim ceinteagrád, chomh maith le samhraidh the agus thaise. Is é níos mó ná 1 000 milliméadar an bháisteach bhliantúil, agus í dailte go cothrom i gcaitheamh na bliana. Bíonn an fómhar measartha tirim agus gaofar, áfach.

## 8.2. Tuairisc ar na tosca daonna is ábhartha don nasc

Tá fíonghoirt Jura ann ó ré na Rómánach agus rinneadh tagairtí dóibh chomh fada siar le 1000. Sa chéad chéad A.D., luaitear na fionta cáiliúla ó "Sequania", ainm ársa don réigiún seo, i dtéacs le Pliny the Younger. In 1272, leag Jean de Chalon síos rialacha faoin mbealach le fíniúnacha a shaothrú sa Jura chun cáiliocht na bhfionta a chaomhnú.

Faoi dheireadh an 19ú céad, bhí 20 000 heicteár d'fhíniúnacha sa roinn. Agus iad loite ag eipidéim phylloxera ag deireadh an 19ú céad, agus buailte arís ina diaidh sin ag cogáí agus géarchéimeanna eacnamaíocha an 20ú céad, athshlánaíodh fíonghoirt Jura a bhúil le dúthracht a gcuid táirgeoirí a roghnaigh chun iad a shábháil.

Tá na cineálacha fionchaor arna saothrú sa Jura á bhfás ann leis na céadta anuas. Tá trí chineál tipiciúla sa Jura: Poulsard N, a bhfuil taifid scríofa ina leith chomh fada siar le 1620 sa Jura; Trousseau N, a bhfuiltear cinnte de go raibh sé in Jura ó bhí 1732 ann; agus Savagnin B, a bhfuil fianaise ann gur saothraíodh é sa réigiún seo ó bhí 1717 ann. Tá dhá chineál fionchaor ann de thionscnamh fhíonghoirt Burgundy máguaird: Chardonnay B, atá i láthair in Jura ó 1717 anuas, agus Pinot Noir N, arb é in 1385 a rinneadh an tagairt scríofa is luaithe dó, faoin ainm "Savagnin Noir".

Is gnách na fionta geala a aosú ar feadh tréimhse sách fada chun a gcuid saintréithe aramatacha sonracha a thabhairt amach.

Is speisialacht Jura é táirgeadh fionta atá incháilithe chun an t-ainm *vin jaune* a bheith orthu agus baineann bunús doiléir leis na fionta sin. Tá rialacha docha leagtha síos ag táirgeoirí réigiún Jura a rialaíonn táirgeadh an fhíona seo: roghnú chineál Savagnin B, forbairt nádúrtha na gcineálacha miocróbacha inghiniúla a tháirgeann an bhrait giosta a chaomhnú ("*le voile*"), na fionta a aosú i mbairillí, etc. Baintear na fionchaora ag an aibíocht is fearr agus ansin déantar fíon geal tirim astu. Ansin déantar an fíon a aosú, gan buidéal, ar feadh íostréimhse de 6 bliana i mbairillí daracha. Le linn na tréimhse fada tabhairt chun cineáil sin, forbraíonn brat giosta go nádúrtha ar dhromchla an fhíona. Áirithíonn sé sin go dtarlaíonn ocsaídiú ar bhealach mall agus fagharta le linn tréimhse aibithe an fhíona. Is é an chéim dheireanach buidéalú *vin jaune* i mbuidéil bhunaídh 62 cheintilítear ar a dtugtar "clavelin".

Is speisialtacht eile de chuid Jura é táirgeadh fionta ag a bhfuil an téarma *vin de paille*. D'fhonn tiúchan ard siúcra a fháil in aeráid atá sách tais agus fuar, triomaítear crobhaingí roghnaithe fionchaor as an bhfíniúin ar feadh 6 seachtaine ar a laghad. Crochtar crobhaingí fionchaor ó shreanga iarainn, nó leagtar amach iad i gliathbhoscaí beaga pollta nó ar racaí triomúcháin, a stóráiltear i bhfoirgnimh atá tirim agus aeráilte go maith ach nach bhfuil téite. Ina dhiaidh sin, déantar na fionchaora a bhrú go mall, rud a tháirgeann táirgeacht an-iseal i sú, rud a fhágann go bhfuil an úrfhíon an-saibhir i siúcra agus coipeann sé go mall.

In 2009, maidir le táirgeadh bliantúil fionta ag a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint “Côtes du Jura”, a chumhdaigh 526 heicteár, bhí sé thart ar 12 800 heictilítear d'fhíon geal, 6 250 heictilítear d'fhíon dearg nó rosé, 600 heictilítear d'fhíon ar a raibh an téarma *vin jaune* agus 450 heictilítear d'fhíon ar a raibh an téarma *vin de paille*.

### 8.3. Idirghníomhaíochtaí cúisíochta

Na fionta ag a bhfuil an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, “Côtes du Jura”, tagann a saintréithe sonracha ó na dáileachtaí aríochaithe le hithir mharla (meascán de chré agus aolchloch), go príomha, ag a bhfuil clúdach dromchla de scileach aolchloiche, agus as fána na bhfíonghort agus a nochtadh don ghrian freisin. Go domhain síos san ithir, aimsíonn fréamhacha na fíniúna foinse leanúnach fuaraithe agus ar an dromchla, cabhraíonn an ciseal tiubh de scileach carraigeach leis an ithir a théamh agus a dhraenáil go tapa. Tugann an meascán de na factóirí ithreach agus topagrafacha sin na dálaí is fearr don limistéar geografach chun fionta geala aramatacha a tháirgeadh, ar fionta iad a éiríonn le torthúlacht agus mianraí a léiriú chomh maith le húire a áiríthíonn cumas maith aosaithe.

Bainistíonn na saothróirí fiona an fhíniúin go sainiúil agus tá siad in ann a fuinneamh agus méid an bharr a mhaolú a bhuí le modhanna atá dírithe ar tháirgeacht a rialú. Glacann siad cleachtais a chuidíonn le caomhnú na hithreach (stiallacha féir, etc.) chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí eindéimeacha creimthe a bhíonn ar fhíonghort atá curtha ar fhánaí géara agus ar ithreacha atá cumhdaithe ag scileach.

Tá aghaidh idir ó dheas, siar ó dheas agus siar ag na fíonghoirt, rud a áiríthíonn go leor gréine agus cosaint in aghaidh na ngaoithe fuara anoir agus aduaidh.

Cuidíonn an raon leathan teochta idir an samhradh agus an geimhreadh le forbairt na ngiostaí a fhoirmíonn an brat nó an “voile” ar dhromchla an fhíona agus lenar féidir *vin jaune* a tháirgeadh. An traidisiún a bhaineann leis an bhfíon a thabhairt chun cineáil ar feadh tréimhse an-fhada sula ndéantar é a bhuidéalú, mar a leagtar síos sa tsonraíocht, cuireann sé go mór le saintréithe *vin jaune*. Éireoidh cumhracht an fhíona níos comhchruinnithe agus níos casta de réir mar a théann sé in aois.

Cuidíonn an triomach a bheag nó a mhór a bhíonn ann san fhómhar gaofar le rísíniú na bhfionchaor a úsáidtear chun *vin de paille* a dhéanamh. An tréimhse íosta aibithe, go dtí an 15 Samhain den 3ú bliain tar éis bhliain na buainte, nach mór 18 mí ar a laghad den tréimhse sin a bheith i bairillí adhmaid, spreagann sí forbairt bolaithe casta agus aibiú na bhfionta.

Is timpeallacht nádúrtha don chineál Chardonnay B í ithir mharla Jura atá fabhrach d'fhionchaora a tháirgeadh bhfuil a mblas agus a mboladh bunaidh éagsúil ó na fionchaora a tháirgtear sna réigiúin fionsaohraithe mháguaird.

Cuirtear na cineálacha “Trousseau N” agus “Savagnin B” i limistéir níos lú ná na cineálacha eile mar gheall ar a gceanglais áirithe maidir le hithir. Teastaíonn ithreacha gairbhéil an-te ón gcéad chineál sin, agus teastaíonn ithreacha atá an-chlochach ar an dromchla ach a fhuaraíonn go domhain ón dara cineál.

A bhuí le blianta fada de bhreathnóireacht chúramach ar an mbealach a fhreagraíonn na fíniúnacha do gach meascán sonracha d'ithir agus d'aeráid, bhí na táirgeoirí in ann gach cineál fionchaoire a phlandáil sa talamh is fearr leis.

An traidisiún a bhaineann leis an bhfíon a aosú ar feadh tréimhse an-fhada sula ndéantar é a bhuidéalú, mar a leagtar síos sa tsonraíocht, cuireann sé go mór le saintréithe sonracha na bhfionta geala a thabhairt amach.

Bhí *Société de Viticulture du Jura* [The Jura Viticultural Society], a bunaíodh in 1907, ar cheann de na chéad cheardchumainn fionta ar tugadh aitheantas dó. Bhí ról lárnach aige i mbunú sonrúchán tionscnaimh rialaithe na Fraince agus i mbunú na hInstitiúide Náisiúnta Tionscnaimh agus Cáilíochta (INAO). Aithnítear sonrúchán tionscnaimh cláraithe “Côtes du Jura” ó bhí 1937 ann, rud a léiríonn an dea-cháil atá air.

## 9. Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)

Limistéar díreach in aice láimhe

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise

Maolú maidir le táirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll

Is é atá sa limistéar atá díreach in aice leis, a shainítear de mhaolú chun na fionta a dhéanamh, a phróiseáil agus a aosú, críoch na gceantar seo a leanas, bunaithe ar an gCód Geografach Oifigiúil 2021:

- Roinn Doubs: Arc-et-Senans, Bartherans, Brères, Buffard, By, Cademène, Cessey, Charnay, Châtillon-sur-Lison, Chay, Chenecey-Buillon, Chouzelot, Courcelles, Cussey-sur-Lison, Echay, Epeugney, Fourg, Goux-sous-Landet, Lavans-Quingey, Liesle, Lombard, Mesmay, Montrond-le-Château, Myon, Palantine, Paroy, Pessans, Quingey, Rennes-sur-Loue, Ronchaux, Rouhe, Rurey, Samson agus Le Val;
- Roinn Gard: Abergement-lès-Thésy, Aresches, Augerans, Augisey, Bans, Barretaine, Belmont, Besain, Biefmorin, Bletterans, Blye, Bois-de-Gand, Bonnefontaine, Bornay, Bracon, Briod, Cernans, Chamblay, Chamole, Champrougier, Chapelle-Voland, La Charme, La Chassagne, La Châtelaine, Chatelay, Le Chateley, Châtillon, Chaumergy, Chausseans, Chaux-Champagny, La Chaux-en-Bresse, Chemenot, Chêne-Sec, Chilly-sur-Salins, Chissey-sur-Loue, Clucy, Colonne, Commenailles, Condamine, Cosges, Courbette, Courlans, Courlaoux, Desnes, Les Deux-Fays, Dournon, Ecleux, Fay-en-Montagne, La Ferté, Le Fied, Fontainebrux, Foulenay, Francheville, Geraise, Germigney, Geruge, Graye-et-Charnay, Hauteroche, Ivory, Ivrey, Larnaud, Lemuy, Loisia, Lombard, La Loye, La Marre, Molain, Montbarrey, Montmarlon, Mont-sous-Vaudrey, Nance, Neuville, Nogna, Ounans, Oussières, Picarreau, Plasne, Poids-de-Fiole, Pont-d'Héry, Pont du Navoy, Publy, Recanoz, Relans, Repots, Rosay, Rye, Saint-Maur, Saint-Thiébaud, Saizenay, Santans, Sergenaux, Sergenon, Souvans, Thésy, Thoissia, Trenal (an chuid atá i gcríoch iar-cheantair Mallerey agus sin amháin), Val-d'Epy (an chuid atá i gcríoch iar-cheantair Nantey, Val d'Epy agus Senaud agus sin amháin), Val-Sonnette (an chuid atá i gcríoch iar-bhardas Bonnaud agus sin amháin), Vaudrey, Verges, Véria, Vers-sous-Sellières, Vevy, La Vieille-Loye, Villeneuve-d'Aval, Villerserine, Villers-Farlay, Villers-les-Bois, Villevieux, Le Villey agus Vincent-Froideville.

Lipéadú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Féadfar an t-ainm atá ar an STFC “Côtes du Jura” a fhorlíonadh leis an téarma traidisiúnta “*vin de paille*”.

Féadfar an t-ainm atá ar an STFC “Côtes du Jura” a fhorlíonadh leis an téarma traidisiúnta “*vin jaune*”.

Ní mór an bhliain fíona a lua freisin i bhfionta atá incháilithe chun an téarma *vin de paille* a bheith acu.

I gcás fionta lena ngabhann an sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint, féadfar an t-ainm aonaid gheografaigh níos lú a shonrú ar a lipéid, ar choinníoll gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

— ainm áite is ea é atá liostaithe i gclárann na talún;

— bíonn sé le feiceáil ar an dearbhú buainte.

Na litreacha a úsáidfeadh chun ainm na háite a phriontáil, ní bheidh siad níos mó ná leath de mhéid na litreacha ina scríobhtar ainm an tsonrúcháin tionscnaimh chláraithe, ó thaobh airde ná leithid de.

Pacáistiú

Creat dlíthiúil

Reachtaíocht an Aontais

An cineál coinníll bhreise

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll

Tá an buidéal *clavelin*, ar a dtugtar buidéal *vin jaune* freisin, ag a bhfuil toilleadh de thart ar 62 chentilítear, ní úsáidtear an buidéal sin ach chun fionta a n-áirítear an téarma traidisiúnta *vin jaune* [fion buí] ina sonrúchán tionscnaimh a bhuidéalú amháin.

### **Nasc chuig an tsonraíocht táirge**

[https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document\\_administratif-40d171ab-4187-40be-86f4-fcc155a4eca8](https://info.agriculture.gouv.fr/gedei/site/bo-agri/document_administratif-40d171ab-4187-40be-86f4-fcc155a4eca8)

---

**Foilsíú iarratais de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(2023/C 49/16)

Leis an bhfoilsíú seo tugtar an ceart chun cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(1)</sup> laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

**“Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco”**

**Uimh. AE: PDO-ES-2309 – 11.5.2017**

**PDO (X) PGI ( )**

**1. Ainm**

“Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco”

**2. Ballstát nó tríú tír**

an Spáinn

**3. Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó ar an mbia-earra**

**3.1. Cineál táirge**

Aicme 1.8. Táirgí eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí srl.)

**3.2. Tuairisc ar an táirge**

Is deoch é “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco” a fhaightear ó choipeadh alcólach agus malalachtach sú úll. Ní chuirtear aon siúcra ná uisce leis i bpróiseas déanta na dí seo, deoch nach ndéantar a scagadh agus a dhéantar a charbónáitiú go nádúrtha.

Saintréithe orgánaileipteacha:

Braith an tSaotharlann Agra-chomhshaoil Fraisoro (Comhairle Cúige Gipuzkoa) na tréithe sonracha seo a leanas agus rinneadh cur síos orthu sa tuarascáil ar na difríochtaí orgánaileipteacha idir “Sidra Natural Vasca” agus leann úll eile:

- Sainmhínítear an dath ag na cineálacha úll a úsáidtear chun an leann úll a dhéanamh, ó bhuí tuí go sean-ór.
- Tá cuma scamallach air le boilgeoga dé-ocsaíd charbóin an-bheaga, measctha leis an leacht. De réir mar a dhéantar scagadh ar leann úll eile, is gnách go mbíonn siad trédhearcach. Baineann scagachán freisin go leor miocroorgánaigh agus cuid shuntasach den CO<sub>2</sub> a tharlaíonn go nádúrtha.
- Don srón tá boladh d’ábhar so-ghalaithe is féidir a rianú go dtí na cineálacha úll a úsáidtear sa phróiseas táirgthe. Nuair a roghnaíodh na húlla ag an bpointe idéalach aibíochta, tá boladh de thorthaí glasa uathu. Má dhéantar iad a bhaint tar éis an phointe sin, tá boladh milis de dhéine éagsúla, nó boladh a chuireann úlla stofa i gcuimhne. Ag brath ar an gcineál coipthe, ar an aibíocht nó ar na giostaí a úsáidtear, d’fhéadfadh cineálacha eile boladh teacht uathu freisin, mar shampla an boladh ó bhláthanna, torthaí nó ó spíosra de leibhéil éagsúla déine, sainiúlachta agus castachta. Gné shainiúil amháin is ea láithreacht bolaidh agus blasanna mar gheall ar an aigéadacht shoghalaithé (aigéad aicéiteach).

<sup>(1)</sup> IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

- Faightear boladh an ábhair so-ghalaithe sa leann úll agus cothromaíocht de bhlasanna milis, aigéadach, blasta agus searbh sa bhéal.
- Déantar an chothromaíocht idir milseacht, aigéadacht, searbh agus géire (triomacht) agus corp an leann úll a mheas le chéile.

Saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha:

Aigéadacht sho-ghalaithe (arna shloinneadh mar aigéad aicéiteach): < 2.2 g/l; Neart alcóil (v/v): > 5 %; Dé-ocsaíd sulfair iomlán: < 100 mg/l; Eastóscán tirim iomlán: > 14 g/l Suim glúcóis agus fruchtóis ≤ 0.2 g/l. Gné shainiúil de “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco” is ea an luach deiridh seo, toisc go bhfuil tromlach an ghlúcóis agus an fruchtóis aistrithe go alcól.

### 3.3. Amhábhair

Faightear na cineálacha úll go léir atá údaraithe chun leann úll “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco” a tháirgeadh sa limistéar geografach teorannaithe agus meastar gur cineálacha dúchasacha iad, m.sh. cineálacha áitiúla atá curtha in oiriúint do dhálaí aeráide agus ithreach an limistéir gheografaigh. Tá roinnt staidéar déanta chun bunús agus tréithe na gcineálacha úll don leann úll i dTír na mBascach a bhunú, lena n-áirítear tástálacha géiniteacha ar DNA na gcineálacha (Toki Pommés. Tionscadal ag an Euroregion Euskadi-Nouvelle Aquitaine-Navarre agus Universidad Pública de Navarra - UPNA), le torthaí soiléire doshéanta.

As an 106 cineál úll dhúchasaigh, fuarthas go raibh DNA uathúil ag 76 (arb ionann é agus 85 % den limistéar iomlán atá á shaothrú). Tá cineálacha atá marcáilte le réiltín (\*) á n-anailísiú.

Tá na cineálacha úll seo go léir sách aonchineálach agus féadtar iad a rangú mar aigéadach, searbh agus aigéadach-searbh le céimeanna éagsúla déine. Toisc go mbaintear na húlla ag an am ceart agus go ndéantar iad a mheascadh sna comhréireanna inmhianaithe, tá an leann úll seo sainiúil agus éagsúil.

Is iad seo an 24 cineál is flúirsí.

1. Azpeiti Sagarra	7. Ibarra*	13. Mokote	19. Udare Marroi
2. Bostkantoi	8. Limoi	14. Mozoloa	20. Urdin
3. Errezila*	9. Manttoni	15. Patzuloa	21. Urtebete
4. Gezamina	10. Merabi	16. Saltxipi	22. Urtebi Haundi
5. Goikoetxe	11. Mikatza	17. Txalaka	23. Urtebi Txiki
6. Haritza	12. Moko	18. Txori Sagarra	24. Verde Agria

Is iad seo a leanas an 82 cineál eile:

1. Aia Sagarra	22. Dominixe	43. Moliua*	64. Txistu
2. Altza	23. Enpan	44. Musugorri*	65. Txori Haundia*
3. Ama Birjina	24. Errege	45. Muxu zabala	66. Txori Sagarra



4. Ami Sagarra*	25. Geza Zuri	46. Odixa	67. Txotixe
5. Añarregi	26. Gaza Gorri	47. Orkola*	68. Txurten Luze
6. Andoain	27. Gazi Zuri	48. Horri Zarratue	69. Udare
7. Añarre*	28. Gazia	49. Oru Sagarra*	70. Udare Txuria
8. Aranguren*	29. Gaziloka	50. Ostro Beltza	71. Ugarte
9. Arantzate	30. Gezamina beltza*	51. Palazio	72. Urdan Iturri
10. Areso*	31. Goozti*	52. Palancaya	73. Urkola*
11. Arimasagasti	32. Gorri Txikia	53. Patzulo Gorria	74. Zubieta*
12. Astarbe	33. Greñas*	54. Perran	75. Zuri Txikixe
13. Azpuru Garratza	34. Illunbe*	55. Piku Sagarra	76. Pelestrina*
14. Azpuru Sagarra	35. Itxausti*	56. Potrokilo	77. Kanpandoja*
15. Berandu Erreineta	36. Manzana de Quesillo*	57. Sagar Beltza	78. Telleri
16. Berrondo	37. Martiku	58. Sagar Gorria	79. Bizi*
17. Billafrankie	38. Maximela	59. Sagar Txuria*	80. Zuzen*
18. Bizkai Sagarra	39. Mendiola*	60. Saluetia*	81. Legor*
19. Burgo	40. Merkalina	61. Santa Ana	82. San Francisco*
20. Burdin	41. Mila Sagarra	62. Sulei*	
21. Buztin	42. Mocetas*	63. Txarbia	

### 3.4. Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe

- Táirgeadh úll de chineálacha dúchasacha údaraithe.
- Baint agus seachadadh chuig an áis ina ndéantar an leann úll.
- Céimeanna ag an áis ina ndéantar an leann úll:
  - Na húlla a ní.
  - An sú a bhaint: brúscadh agus brú.
  - Coipeadh in umair: tosaíonn coipeadh alcólach (tiontú na siúcraí go heatánól agus CO<sub>2</sub>) agus coipeadh malalachtach (claochlú an aigéid mhalaigh go haigéad luchtach) na súnna.
  - Aibiú agus críochnú san umar.

### 3.5. Rialacha sonracha maidir le pacáistiú

Ní mór buidéalú a dhéanamh sa limistéar atá sainithe i roinn 4 chun tréithe fisiceimiceacha agus orgánaileipteacha an táirge a chosaint. Toisc nach ndéantar an leann úll a scagadh nó a chobhsú agus ós rud é go bhfuil dé-ocsaíd charbóin a tharlaíonn go nádúrtha ar cheann de ghnéithe an táirge, tá sé inmholta oibríochtaí a bhaineann le haistriú, iompar nó gluaiseacht an leann úll a íosláhdú roimh an mbuidéalú. D'fhéadfadh oibríochtaí den sórt sin dochar a dhéanamh do cháilíocht a chinntiú agus d'fhéadfadh drochthionchar a bheith acu ar an dé-ocsaíd charbóin a tharlaíonn go nádúrtha. Ar an gcúis seo, rinneadh buidéalú go traidisiúnta ag na háiseanna céanna ina ndéantar an leann úll.

Ar thaobh amháin, cinntítear leis seo go gcoimeádtar cáilíocht agus tréithe an táirge agus, ar an taobh eile, cuireann sé ar chumas faireachán agus inrianaitheacht níos fearr a dhéanamh ar an táirge.

### 3.6. Sainriailacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe

Coinníonn an comhlacht bainistíochta clár cothrom le dáta de na cuideachtaí próiseála. Tugann an t-eintiteas seo údarú do gach cuideachta, gan eisceacht, a dhearbhaigh gur táirgeoirí “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco” iad na lipéid uimhrithe ar a bhfuil lógó na sonraíochta a úsáid ar tháirgí a chomhlíonann na ceanglais atá leagtha amach sa tsonraíocht. Tá lógó an ainmniúcháin éigeantach ar gach buidéal.




## 4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Tá an limistéar ina dtáirgtear na húlla agus ina ndéantar an leann úll comhdhéanta de na ceantair seo a leanas:

- **Bizkaia:** Na ceantair de Uribe-Kosta-Mungialdea, Lea-Artibai, Busturialdea, Arratia-Amorebieta, Durangaldea, Encartaciones agus Nerbioi-Ibaizabal.
- **Gipuzkoa:** Na ceantair de Buruntzaldea, Oarsoaldea, Donostialdea, Goierri, Tolosaldea, Bajo Deba, Alto Deba, Urola-Kosta agus Bidasoaldea.
- **Álava/Araba:** Gleannta thiar de Álava, Llanada Alavesa, Laguardia-Rioja Alavesa agus Montaña Alavesa.

Taispeántar ar an léarscáil faoi iamh na limistéir ina bhfástar úlla a úsáidtear le haghaidh “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco”.



## 5. Nasc leis an limistéar geografach

### 5.1. Cineál sonrath an limistéir gheografaigh

Is críoch shléibhtiúil é Pobal Uathrialach Thír na mBascach le báisteach throm (meánfhraásaíocht de 1 080 mm in aghaidh na bliana) agus teochtaí éadrom (12.5 °C ar an meán).

Is ithir cré iad na hithreacha, agus tá an meánchion cré agus siolta níos airde ná 65 % -70 %.

Bhí ról cinntitheach ag an aeráid agus ag tréithe na hithreach sa chaoi ar tháinig na cineálacha éagsúla úll chun bheith. Léirítear é seo ag an bhfíric go bhfuil DNA uathúil ag 76 cineál úll, mar thoradh ar na speicis plandaí iad féin a oiriúnú don timpeallacht.

Is é an comhdhearcadh eolaíoch gurb í an aeráid an fachtóir is mó a raibh tionchar aici ar dháileadh na bplandaí agus na gcineálacha éagsúla fásra, chomh maith leis an aeráid is mó a mbíonn tionchar aici ar na srianta ar a ndáileadh. Ar an gcaoi chéanna, is iad airíonna fisiceacha agus ceimiceacha na n-ithreacha a chinneann an chaoi a n-athraíonn agus a ndáiltear na speicis phlandaí. Míníonn sé seo cén fáth ar forbraíodh cineálacha sainiúla úll sa limistéar ina dtáirgtear “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco”. Fachtóir eile a bhfuil tionchar aige is ea an roghnú géiniteach ag an earnáil táirgthe le himeacht na gcéadta bliain, toisc go ndearnadh leis seo an cineál úll is fearr a oireann don timpeallacht a éagsúlú agus an toradh deiridh atá ag teastáil ón táirgeoir leann úll, ag brath ar mhilseacht, aigéadacht nó searbhas gach cineáil.

### 5.2. Sainiúlacht an táirge

Tá tréithe “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco” bunaithe ar a n-airíonna orgánaileipteacha, atá ag brath go mór ar airíonna an amhábhair agus ar an easpa scagacháin le linn an phróisis táirgthe. Is é conclúid an ailt eolaíoch dar teideal “Characterization of Spanish ciders by means of chemical and olfactometric profiles and chemometrics” (“Tréithriú leann úll na Spáinne trí phróifíilí ceimiceacha agus boltanaimhéadracha agus ceimiméadracha”), ar thréithriú leann úll na Spáinne, gur féidir idirdhealú soiléir a dhéanamh idir leann úll as Asturias agus as Tír na mBascach ar an mbonn dá gcomhdhéanamh so-ghalaithe agus próifíilí boltanaimhéadracha.

Is é conclúid an ailt eolaíoch dar teideal “Chemometric classification of Basque and French ciders based on their total polyphenol contents and CIELab parameters” (“Aicmiú ceimiméadrach ar leann úll Bascacha agus Francacha bunaithe ar a n-ábhair ilfheanóil iomlána agus paraiméadair CIELab”), ina ndéantar comparáid idir leann úll Bascacha agus Francacha, go bhfuil na luachanna paraiméadar ginearálta araon i leann úll, amhail an t-ábhar ilfheanóil iomlán measta, de réir mhodh Folin-Ciocalteu agus na paraiméadair chrómatacha CIELab (L\*, a\*, b\*), chomh maith le teicnící áirithe ceimiméadrach, agus dá bharr go bhféadtar idirdhealú a dhéanamh idir leann úll Bascach agus Francach le ráta cruinnis thart ar 90 %.

Chun sainphróifíilí blaiste na leann úll Bascach a chinneadh seachas táirgí eile sa chatagóir chéanna, scrúdaigh an painéal blaiste leannta úll ón Ríocht Aontaithe, leannta úll Francacha ón mBriotáin agus ón Normainn, ón nGearmáin agus ó SAM. Tá na leannta úll eile seo níos trédhearcaí agus níl a gcuid boilgeoga CO<sub>2</sub> chomh measctha leis an leacht, a chruthaíonn cúl uachtair. Tá an dath difriúil freisin le dath “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco”, toisc go bhfuil siad déanta as meascán de thorthaí eile agus úlla boird. I dtéarmaí bolaidh agus blas, cuimsíonn siad boladh agus blasanna ó chineálacha úll boird, torthaí ilghnéitheacha nó boladh breise agus níl an aigéadacht shoghalaithe (aigéad aicéiteach) acu atá saintréitheach i leann úll Bascach.

I gcás leann úll Asturias, bhraith an painéal blaiste na difríochtaí seo a leanas i gcomparáid le leann úll nádúrtha Bascach:

- sna leannta úll nádúrtha as Asturias cailltear a gcuid CO<sub>2</sub> go han-tapa;
- tá siad níos trédhearcaí i gcuma;
- níl an t-úire céanna acu leis an mboladh ná sa bhéal; tá siad níos éadroime, níl cuma ola ná uachtair chomh mór sin, rud a chiallaíonn go bhfuil an ghéire níos suntasaí.

### 5.3. Nasc cúisíoch. Nasc idir fachtóirí nádúrtha agus daonna, amhábhair agus an táirge deiridh

Fuarthas amach i staidéir ar na húlla dúchasacha a úsáidtear chun leann úll a dhéanamh go bhfuil próifíilí sonracha ilfheanóil ag na cineálacha seo atá nasctha go dlúth le hairíonna fisiceacha agus ceimiceacha an táirge. In alt eolaíoch dar teideal “Polyphenolic profile in cider and antioxidant power. December 2014” a rinne próifíilí ilfheanóil na leannta úll mona-chineáil a thomhas, ó úrthíon go leann úll. Tugadh faoi deara go bhfuil próifíilí shainiúil ilfheanóil ag gach cineál, atá nasctha go dlúth leis na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha a chuireann sé leis an táirge deiridh.

Tá fios gnó traidisiúnta na dtáirgeoirí riachtanach freisin i dtáirgeadh “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco”, toisc go mbíonn tionchar aige nuair a bhaintear na húlla (céimeanna éagsúla aibíochta san amhábhhar) agus ar chumasc cineálacha áirithe úill. Tá an córas táirgthe, brúscadh, brú, miocrorgánaigh a bhfuil i gceist sa phróiseas coipthe, ag dul in aois ar mhoirt agus ag cumasc umair éagsúla ina bhfuil cineálacha éagsúla úll ar fad thar a bheith tábhachtach maidir leis an bpróifíl deiridh ar shaintréith de chuid “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco”.

Mar thoradh ar an faoiseamh i dTír na mBascach, tá na plandálacha beag i méid agus scaipthe ar fud an limistéir gheografaigh shainithe. Mar thoradh air seo freisin tháinig cineálacha nua úll a saothraíodh in úlloird éagsúla thar na céadta bliain. Mar thoradh ar an meascán den aeráid bhog, fhliuch agus na hithreacha créula tá próifílí le haigéadacht mharcáilte agus ilfheanóil sna húlla, gnéithe atá ríthábhachtach do “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco”. Tá saineolas na dtáirgeoirí fíor-riachtanach maidir leis an modh táirgthe, tréithe an táirge (gan scagadh, gan aon siúcra nó uisce breise agus nach bhfuil ann ach dé-ocsaíd charbóin a tharlaíonn go nádúrtha), agus réimeas imthacaí na gcrann úll. Tá an cumas na cineálacha cearta a roghnú as na cinn atá ar fáil agus a chinneadh nuair a bhíonn siad aibí, d’fhonn ábhar pH agus ilfheanóil áirithe a bhaint amach, cinntitheach don táirge, toisc go n-áirithíonn na gnéithe seo cobhsaíocht agus seilfré táirge nach bhféadtar a scagadh ná a chobhsú. Ina theannta sin, tá tionchar ag an méid nítrigine sna húlla, in éineacht leis na giostaí atá ar fáil, ar choipeadh alcólach agus malalachtach an táirge. Tá iarmhairtí díreacha ag na gnéithe seo maidir le coipeadh iomlán na siúcraí agus cruthú an CO<sub>2</sub> a fhaightear go nádúrtha sa táirge, is fachtóirí cinntitheacha iad araon maidir le cáilíocht agus seilfré chuí a chinntiú.

Tá sé soiléir, mar sin, go bhfuil tréithe an limistéir teorannaithe mar chúis leis na saintréithe na n-úll a úsáideadh chun “Euskal Sagardoa / Sidra del País Vasco” a dhéanamh. Ina measc seo tá na hairíonna fisiceacha agus ceimiceacha a chuireann na húlla leis an leann úll seo, agus é a idirdhealú ó leann úll nádúrtha eile dá samhail, mar atá deimhnithe ag staidéir éagsúla ag Ollscoil Thír na mBascach (“Analysis of different cider apple varieties during ripening, using nuclear magnetic spectroscopy”. mí Iúil 2002, lch. 2. Gloria L. del Campo Martínez et al’) ina sonraítear go bhfuil “comhdhéanamh ceimiceach na n-úll ag brath ar an gcineál, an aeráid, an leibhéal aibíochta agus na cleachtais fáis a úsáidtear”.

#### **Tagairt do shonraíocht táirge (Airteagal 6(1), an dara fomhír, den Rialachán seo)**

Sonraíocht táirge: <https://euskalsagardoa.eus/pliego-de-condiciones/?lang=es>

#### **Suíomh Gréasáin chun rochtain a fháil ar thagairtí bibleagrafaíochta:**

<https://euskalsagardoa.eus/bibliografia-de-interes/?lang=es>

---



ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)